

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirce agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/67/CE ón gComhairle ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh ⁽¹⁾ 23
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE ⁽¹⁾ 35

Praghas: 4 EUR

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 295 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 994/2010 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 20 Deireadh Fómhair 2010

maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/67/CE ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is gné shár-riachtanach do sholáthar fuinnimh an Aontais é an gás nádúrtha ("gás"), arb é an ceathrú cuid den soláthar príomha fuinnimh é agus a úsáidtear go formhór i ndáil le giniúint leictreachais, le téamh, le bunábhar don tionsclaíocht agus le breosla chun críche iompair.
- (2) Tá méadú an-tapa tagtha le deich mbliana anuas ar thomhailt an gháis san Eoraip. Toisc go bhfuil an méid gáis a tháirgtear go himmheánach ag laghdú, tá méadú níos tapa fós tagtha ar an méid gáis a allmhairítear agus, sa chaoi sin, cruthaítear spleáchas níos mó ar allmhairí mar aon le gá chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis. Ina theannta sin, tá roinnt Ballstát ar "oileán gáis" ós rud é nach bhfuil naisc bhonneagair acu leis an gcuid eile den Aontas.

- (3) I bhfianaise thábhacht an gháis i measc fhoinsí éagsúla fuinnimh an Aontais, is é is aidhm don Rialachán seo a léiriú do chustaiméirí gáis go bhfuil na bearta riachtanacha go léir á ndéanamh chun soláthar leanúnach a áirithiú dóibh, go háirithe i gcás dálaí deacra aeráide agus i gcás suaiththeadh a bheith ann. Aithnítear gur cheart na cuspóirí seo a chur i gcrích trí na bearta is cost-éifeachtaí ionas nach ndéanfar difear d'iomáiochas coibhneasta an bhreosla seo i gcomparáid le breoslaí eile.

- (4) Le Treoir 2004/67/CE ón gComhairle ⁽³⁾, bunaíodh creat dlíthiúil ar leibhéal an Chomhphobail den chéad uair chun slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha a choimirciú agus chun rannchuidiú le dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh gáis i gcás suaiththeadh soláthair a bheith ann. Leis an Treoir sin, bunaíodh an Grúpa Comhordaithe Gáis, ar grúpa úsáideach atá ann chun faisnéis a mhalartú agus chun gníomhaíochtaí coiteanna a shainiú idir na Ballstáit, an Coimisiún, tionscal an gháis agus na tomhaltóirí. Trí Líonra na gComhfhreagrachtaí um Shlándáil an tsoláthair Fuinnimh (NESCO), lenar thacaigh an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2006, tá feabhas tagtha ar an acmhainn bhailithe faisnéise agus tugtar luathrabhadh faoi bhagairtí ionchasacha ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh. Maidir leis an reachtaíocht nua ar an margadh inmheánach san fhuinneamh a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mí Iúil 2009, is céim thábhachtach í maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú agus is é is cuspóir sainráite don reachtaíocht sin slándáil sholáthair fuinnimh an Aontais a fheabhsú.

- (5) Faoi na bearta reatha a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis agus atá déanta cheana ar leibhéal an Aontais, áfach, tá méid mór saoirse ag na Ballstáit fós maidir leis na bearta a roghnaíonn siad. I gcás ina bhfuil slándáil an tsoláthair i mBallstát faoi bhagairt, tá riosca follasach ann go bhféadfadh na bearta a fhorbraíonn an Ballstát sin go haontaobhach dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh gáis agus soláthar an gháis do chustaiméirí a chur i mbaol. I

⁽¹⁾ Tuairim an 20 Eanáir 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2010

⁽³⁾ IO L 127, 29.4.2004, lch. 92.

bhfianaise na taithí atá faighte le déanaí, tá sé léirithe go follasach go bhfuil an riosca sin ann. Chun ligean don mhargadh inmheánach gáis oibriú fiú amháin agus ganntanas soláthair a bheith ann, is gá foráil a dhéanamh maidir le dlúthpháirtíocht agus comhordú le linn gníomhú mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna soláthair, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht choisc-theach agus a mhéid a bhaineann leis an bhfreagairt ar shuaitheadh sonrath soláthair.

- (6) Soláthraítear gás calrach íseal i réigiúin áirithe san Aontas. I bhfianaise a shaintréithe, ní féidir gás calrach íseal a úsáid i bhfearais atá ceaptha don ghás calrach ard. Is féidir gás calrach ard a úsáid i bhfearais atá ceaptha don ghás calrach íseal, áfach, ar choinníoll go n-athraítear é ina ghás calrach íseal, mar shampla trí nítrigin a chur leis. Ba cheart sainiúlachtaí an gháis chalaigh ísil a bhreithniú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach agus ba cheart iad a chur san áireamh sa mheasúnú riosca agus sna Pleananna Coisc-theacha Gníomhaíochta agus sna Pleananna Éigeandála ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.
- (7) Chun slándáil sholáthar an Aontais ina iomláine agus slándáil sholáthar na mBallstát aonair a fheabhsú, tá sé riachtanach go ndéanfar éagsúlú ar na bealaí gáis agus ar na foinsí soláthair atá ann don Aontas. Sa todhchaí, beidh slándáil an tsoláthair ag brath ar éabhlóid na mbeosláí éagsúla a úsáidtear, ar fhorbairt na hacmhainne táirgthe san Aontas agus i dtríú tíortha a sholáthraíonn gás don Aontas, ar infheistiú i saoráidí stórála agus in éagsúlú na mbealaí gáis agus na bhfoinsí soláthair laistigh den Aontas agus lasmuigh de, lena n-áirítear saoráidí Gáis Nádúrtha Leachtaithe ("GNL"). Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na gníomhaíochtaí tosaíochta bonneagair a shainaithnítear i dteachtairacht an 13 Samhain 2008 ón gCoimisiún dar teideal "An Dara hAthbhreithniú Straitéiseach Fuinnimh - Plean gníomhaíochta slándála fuinnimh agus dlúthpháirtíochta AE", e.g. dorchla gáis an deiscirt (Nabucco agus an tIdir-nascáire idir an Tuirc, an Ghréig agus an Iodáil), soláthar GNL éagsúlaithe agus leordhóthanach don Eoraip, idirnasc éifeachtach leis an réigiún Baltach, Fáinne Fuinnimh na Meánmhara agus idirnasc leordhóthanacha thuaidh-theas gáis laistigh den Eoraip láir agus den Eoraip thoir theas.
- (8) Chun laghdú a dhéanamh ar thionchar na ngéarchéimeanna ionchasacha a d'eascródh ó shuaitheadh soláthair gáis, ba cheart do na Ballstáit éagsúlú na bhfoinsí fuinnimh agus na mbealaí seachadta gáis agus na bhfoinsí soláthair a éascú.
- (9) Is féidir le mórshuaitheadh soláthair chuig an Aontas fearadh ar na Ballstáit go léir, ar an Aontas ina iomláine agus ar na Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Fuinnimh ⁽¹⁾, arna shíniú san Aithin an 25 Deireadh Fómhair 2005. Is féidir damáiste tromchúiseach eacnamaíoch a bheith mar thoradh air freisin ar fud gheilleagar an Aontais. Ar an gcuma chéanna, is féidir le suaitheadh an tsoláthair gáis géar-thionchar sóisialta a bheith aige go háirithe ar ghrúpaí soghonta custaiméirí.
- (10) Maidir le custaiméirí áirithe, lena n-áirítear, *inter alia*, teaghlaigh agus custaiméirí a sholáthraíonn seirbhísí

sóisialta fíor-riachtanacha amhail cúram sláinte agus gníomhaíochtaí cúraim leanaí, gníomhaíochtaí oideachais agus seirbhísí sóisialta agus leasa eile, chomh maith le seirbhísí atá fíor-riachtanach i dtaca le feidhmiú Ballstáit, tá soghontacht ar leith ag baint leo agus d'fhéadfadh cosaint a bheith ag teastáil ina leith. Níor cheart go mbeadh sainmhíniú leathan ar chustaiméirí cosanta den sórt sin bheith ar neamhréir le sásraí dlúthpháirtíochta na hEorpa.

- (11) Sa Tuarascáil ar Chur Chun Feidhme Straitéis Slándála na hEorpa, arna formheas ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2008, tugtar suntas don mhéadú atá ag teacht ar spleáchas ar fhuinneamh allmhairithe, rud atá ina riosca suntasach breise i dtaca le slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas agus cuirtear béim ar shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais mar cheann de na dúshláin nua a bheidh ann don bheartas slándála. Is gné lárnach í an margadh inmheánach gáis chun slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a mhéadú agus chun laghdú a dhéanamh ar an méid a bheadh Ballstáit ar leithligh faoi lé na n-éifeachtaí dochracha a bhaineann le suaitheadh soláthair.
- (12) Chun go n-oibreoidh an margadh inmheánach gáis go maith tá sé riachtanach nach mbeidh na bearta a dhéantar chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú ina gcúis le saobhadh míchuí ar an iomaíocht ná ar oibriú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh gáis.
- (13) Cás a d'fhéadfadh titim amach is ea go dteipfeadh ar an mbonneagar gáis aonair is mó, is é sin le rá, prionsabal N-1 mar a ghairtear de. Is túspointe bailí é chun anailís a dhéanamh ar shlándáil sholáthair gáis gach Ballstáit ar leith go n-úsáidfid cliseadh bonneagair den sórt sin mar thagarmharc don mhéid ba cheart do ghach Ballstát faoi leith a bheith in ann a chúiteamh.
- (14) Maidir le bonneagar gáis leordhóthanach agus éagsúlaithe laistigh de Bhallstát agus ar fud an Aontais, lena n-áirítear go háirithe bonneagar nua gáis lena ndéantar córais leithlisithe reatha a fhoirmíonn oileáin gháis a nascadh lena mBallstáit chomharsanachta, is den riachtanas é a bheith ann chun dul i ngleic le suaitheadh sa soláthar. Trí chritéir choiteanna íosta a leagan síos maidir le slándáil an tsoláthair gáis, ba cheart go n-áiríteofaí go mbeadh cothromaíocht ann i dtaca le slándáil an tsoláthair gáis agus na sainiúlachtaí náisiúnta nó réigiúnacha á gcur san áireamh ag an am céanna agus ba cheart go gcruthófaí dreasachtaí suntasacha chun an bonneagar is gá a thógáil agus chun an leibhéal ullmhachta i gcás géarchéime a fheabhsú. D'fhéadfadh ról thábhachtach a bheith ag bearta ó thaobh an éilimh de, amhail malartú breosla, chun slándáil fuinnimh a áirithiú i gcás inar féidir iad a chur i bhfeidhm go tapa agus i gcás inar féidir leo an t-éileamh a laghdú go suntasach mar fhreagairt ar shuaitheadh soláthair. Ba cheart úsáid éifeachtúil an fhuinnimh a chur chun cinn tuilleadh, go háirithe i gcás inar gá bearta ó thaobh an éilimh de. Ba cheart tionchar comhshaoil na mbearta atá á mbeartú ó thaobh an éilimh de agus ó thaobh an tsoláthair de a chur san áireamh go cuí agus ba cheart tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir, do bhearta a mbeidh an tionchar is lú ar an gcomhshaoil acu agus na gnéithe a bhaineann le slándáil an tsoláthair á gcur san áireamh san am céanna.

⁽¹⁾ IO L 198, 20.7.2006, lch. 18.

- (15) Ba cheart infheistíochtaí i mbonneagar nua gáis a chur chun cinn go mór agus níor cheart na hinfeistíochtaí sin a dhéanamh ach amháin tar éis measúnú iomchuí ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh, i gcomhréir le gníomhartha ábhartha dlí an Aontais. Ba cheart don bhonneagar nua sin feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair gáis agus, ag an am céanna, dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás a áirithiú. Mar phrionsabal, ba cheart go ndéanadh gnóthais na hinfeistíochtaí agus ba cheart go mbeadh na hinfeistíochtaí bunaithe ar dhreasachtaí eacnamaíocha. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngá le comhtháthú an gháis ó fhoinsí in-athnuaite isteach i mbonneagar an ghréasáin gáis a éascú. I gcás inarb infheistíocht de chineál trasteorann atá in infheistíocht bhonneagair, ba cheart don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht") a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus do Ghréasán Eorpach na nOibreoirí Córas Tarchurtha don Ghás ("an ENTSO don Ghás") a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009, maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha ⁽²⁾ a bheith páirteach go dlúth laistigh de réimsí a n-inniúlachtaí faoi seach, chun go gcuirfí na himpleachtaí trasteorann san áireamh ar shlí níos fearr. Meabhraítear go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, tuairimí nó moltaí a eisiúint faoi shaincheisteanna trasteorann laistigh dá réimse inniúlachta agus gníomhaíochta. Tá ról tábhachtach á imirt ag an nGníomhaireacht agus ag an ENTSO don Ghás, in éineacht le rannpháirtithe eile sa mhargadh, i ndáil le bunú agus cur chun feidhme an phlean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais, ar pleán é ina n-áireofar, *inter alia*, tuar Eorpach ar leordhóthanacht an tsoláthair agus ar pleán é ba cheart a bheith bunaithe, *inter alia*, a mhéid a bhaineann le hidirnáisc thrasteorann, ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí éagsúla an líonra.
- (16) Ba cheart do na hÚdaráis Inniúla nó do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an margadh gáis a thástáil mar cheann de na céimeanna riachtanacha le linn an phróisis as a leanann comhlíonadh an chaighdeáin bonneagair.
- (17) Le linn na cúraimí a shonraítear sa Rialachán seo a chur i gcrích, ba cheart do na hÚdaráis Inniúla comhoibriú go dlúth leis na húdaráis náisiúnta ábhartha eile, go háirithe na húdaráis rialála náisiúnta, de réir mar is iomchuí agus gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 i ndáil le rialacha coiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha ⁽³⁾.
- (18) I gcás inar gá idirnáisc trasteorann nua nó i gcás inar gá na hidirnáisc trasteorann atá ann cheana a leathnú, ba cheart go mbeadh comhoibriú dlúth ann ag céim luath idir na Ballstáit lena mbaineann, na hÚdaráis Inniúla, agus na húdaráis rialála náisiúnta, i gcás nach iad na hÚdaráis Inniúla iad.
- (19) Tá foinsí éagsúla cistiúcháin ar fáil ón Aontas chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit an infheistíocht riachtanach i dtáirgeadh, i mbonneagar agus i mbearta um éifeachtúlacht fuinnimh ar an leibhéal réigiúnach

agus ar an leibhéal áitiúil a mhaoiniú, go háirithe iasachtaí agus ráthaíochtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta nó cistiúchán ó chistí réigiúnacha, struchtúracha nó comhtháthaithe. Is féidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, chomh maith le hionstraimí seachtracha an Aontais amhail an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus an Ionstraim Maoinithe le haghaidh Comhair um Fhorbairt gníomhaíochtaí i dtríú tíortha a mhaoiniú freisin chun slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú.

- (20) Le linn do na gnóthais gháis nádúrtha agus dá gcustaiméirí a bheith ag déileáil le suaithheadh, ba cheart go gcuimseodh an Rialachán seo dóibh brath ar shásraí an mhargaidh a fhad is féidir. Ba cheart go ndéanfaí foráil leis an Rialachán freisin maidir le sásraí éigeandála a d'úsáidfí nuair nach mbeadh na margaí in ann déileáil go leordhóthanach a thuilleadh ina n-aonar le suaithheadh an tsoláthair gáis. Fiú i gcás éigeandála, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'ionstraimí margadhbhunaithe ionas go maolófaí na héifeachtaí a bhainfeadh le suaithheadh soláthair.
- (21) Tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh arna glacadh i mí Iúil 2009, beidh feidhm ag forálacha nua maidir le hearnáil an gháis, rud a chruthóidh ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire do na Ballstáit, d'údaráis náisiúnta rialála, d'oibreoirí na gcóras tarchurtha agus don Ghníomhaireacht, agus, chomh maith leis sin, a chuirfidh feabhas ar thrédhearcacht an mhargaidh d'fhonn dea-oibriú an mhargaidh, slándáil an tsoláthair agus cosaint custaiméirí a áirithiú.
- (22) Tríd an margadh inmheánach gáis a chomhlánú agus trí iomaíocht éifeachtach laistigh den mhargadh sin, déanfar an leibhéal is airde slándála soláthair a chur ar fáil do na Ballstáit go léir don Aontas, ar choinníoll go dtabharfar an deis don mhargadh feidhmiú go hiomlán i gcás suaithheadh soláthair a bheith ann a dhéanann difear do chuid den Aontas, is cuma cad is cúis leis an suaithheadh. Chun na críche sin, beidh gá le cur chuige coiteann, atá cuimsitheach agus éifeachtach, i leith shlándáil an tsoláthair, go háirithe tríd an thrédhearcacht, tríd an dlúthpháirtíocht agus trí bheartais neamh-idirdheallaitheacha a bheadh ag teacht le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh, ar chaoi go seachnófaí saobhadh an mhargaidh agus nach ndéanfaí dochar do fhreagairtí an mhargaidh ar shuaithheadh.
- (23) Tá slándáil an tsoláthair gáis ina freagracht chomhroinnte idir na gnóthais gháis nádúrtha, na Ballstáit, go háirithe trína nÚdaráis Inniúla, agus an Coimisiún laistigh dá réimsí gníomhaíochtaí agus inniúlachta faoi seach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta, i gcás nach iad na hÚdaráis Inniúla iad, rannchuidiú le slándáil an tsoláthair gáis freisin laistigh dá réimsí gníomhaíochta agus inniúlachta i gcomhréir le Treoir 2009/73/CE. Thairis sin, d'fhéadfadh na custaiméirí a úsáideann gás nádúrtha chun leictreachas a ghiniúint nó chun críoch tionsclaíoch ról tábhachtach a bheith acu i dtaca le slándáil an tsoláthair gáis trína gcumas chun freagairt ar ghéarcheim trí bhearta ó thaobh an éilimh de, mar shampla conarthaí in-idirbhriste agus malartú breosla, toisc go mbeadh tionchar díreach aige sin ar an gcothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh.

⁽¹⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.

⁽³⁾ IO L 211, 14.8.2009, lch. 94.

- (24) Dá bhrí sin, chun dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh gáis a chothabháil, go háirithe i gcásanna ina bhfuil suaitheadh soláthair agus géarchéimeanna ann, tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh sainmhíniú beacht ar ról agus ar fhreagrachtaí na ngnóthas gáis nádúrtha go léir agus na n-údarás inniúil go léir. Ba cheart na ról agus na freagrachtaí sin a bhunú ar shlí ina n-áiríteofaí go n-urramófar cur chuige trí leibhéal, ar cur chuige é a mbeadh na gnóthais ábhartha gáis nádúrtha agus lucht tionscail bainteach leis ar dtús, ansin na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, agus ansin an tAontas. I gcás ina mbeadh géarchéim sholáthair ann, ba cheart go dtabharfaí deis dhóthanach do ghníomhaithe margaidh freagairt a thabhairt ar an staid trí bhearta margadhbhunaithe a úsáid. I gcás nach leor freagairtí na ngníomhaithe margaidh, ba cheart do na Ballstáit agus dá n-údarás Inniúla bearta a dhéanamh chun éifeachtaí na géarchéime soláthair a dhíothú nó a mhaolú. I gcás nach leor na bearta sin, agus sa chás sin amháin, ba cheart bearta a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais chun éifeachtaí na géarchéime soláthair a dhíothú nó a mhaolú. Ba cheart féachaint le réitigh réigiúnacha a fháil a mhéid is féidir.
- (25) De mheon dlúthpháirtíochta, déanfar comhar réigiúnach, a mbeidh údaráis phoiblí agus gnóthais gáis bainteach leis, a bhunú go forleathan chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ionas go mbeidh na tairbhí is fearr is féidir le fáil i ndáil le bearta a chomhordú chun na rioscaí a shainaithneofar a mhaolú agus chun na bearta is cost-éifeachtaí do na páirtithe lena mbaineann a chur chun feidhme.
- (26) Agus an difríocht idir na Ballstáit á cur san áireamh, ba cheart caighdeán sách comhchuíbhithe a bhunú i ndáil le slándáil soláthair, ar caighdeán iad a chumhdódh, ar a laghad, an staid a thit amach in Eanáir 2009, agus ba cheart na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na bearta cosanta custaiméirí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2009/73/CE a chur san áireamh. Maidir leis na caighdeáin sin i ndáil le slándáil soláthair, ba cheart go mbeidís cobhsaí chun an chinnteacht dhlíthiúil riachtanach a sholáthar, ba cheart go saineofaí iad go soiléir, agus níor cheart go ndéanfaí ualach míréasúnach nó díreireach a fhorchur ar na gnóthais gáis nádúrtha dá mbarr, lena n-áirítear iontrálaithe nua agus gnóthais bheaga, nó ar úsáideoirí deiridh. Ba cheart, mar thoradh ar na caighdeáin sin, go ráthófaí comhionannas rochtana freisin do ghnóthais gáis nádúrtha an Aontais ar chustaiméirí náisiúnta. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis na bearta is gá chun an caighdeán soláthair a chomhlíonadh: acmhainní breise stórála agus toirteanna breise stórála, méid an gháis sa phíblíne, conarthaí soláthair, conarthaí in-idirbhriste nó aon bhearta eile lena ngabhann éifeacht chomhchosúil, chomh maith leis na bearta riachtanacha teicniúla chun sábháilteacht an tsoláthair gáis a áirithiú.
- (27) Tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le dea-oibriú an mhargaidh gáis go ndéanfaidh na gnóthais gáis nádúrtha an infheistíocht is gá go tráthúil i dtáirgeadh dúchasach agus i mbonneagair dhúchasacha, amhail idirnaisc, go háirithe na cinn sin lena soláthraítear rochtain ar ghréasán gáis an Aontais, trealamh lena gcumasaítear sreabha fisiceacha déthreocha ar phíblínte, mar aon le saoráidí stórála agus le saoráidí athghásaithe GNL, agus á chur san áireamh go bhféadfadh suaitheadh soláthair a bheith ann, amhail an ceann a tharla in Eanáir 2009. Nuair atá na riachtanais airgeadais don bhonneagair gáis á dtuar i gcomhthéacs ionstraimí an Aontais, ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt, de réir mar is iomchuí, do na tionscadail bhonneagair a thacaíonn le comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh gáis agus le slándáil an tsoláthair gáis.
- (28) Níor cheart cosc a chur ar oibreoirí na gcóras tarchurtha breithniú a dhéanamh maidir le staid ina bhféadfadh infheistíochtaí lena gcumasaífaí acmhainní fisiceacha sa dá threo ("acmhainn dhéthreoch") in idirnaisc thrasteorann le tríú tíortha rannchuidiú le feabhas a chur ar slándáil an tsoláthair, go háirithe i gcás tríú tíortha a áirithíonn sreabha idirthurais idir dhá Bhallstát.
- (29) Tá sé tábhachtach go ndéanfaí an soláthar gáis a choimeád ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le custaiméirí teaghlaigh, chomh maith le líon teoranta custaiméirí breise, go háirithe custaiméirí a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta fíor-riachtanacha, seirbhísí atá insainithe ag na Ballstáit lena mbaineann, i gcásanna nach féidir leis an margadh leanúint de sholáthar a thabhairt dóibh. Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar na bearta a bheidh le déanamh le linn géarchéime a shainiú roimh ré, agus go ndéanfar riachtanais sábháilteachta a urramú, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil custaiméirí cosanta nasctha leis an ngréasán dáiliúcháin céanna a bhfuil custaiméirí eile nasctha leis. Féadfaidh laghduithe *pro-rata* ar comhréir leis an acmhainn a cuireadh in áirithe ó thús a bheith i gceist sna bearta sin i gcásanna ina laghdaítear acmhainn rochtana ar bhonneagair ar mhaithe le cúiseanna teicniúla.
- (30) De ghnáth, ba cheart do na hÚdaráis Inniúla cloí lena bPlean Éigeandála. I gcúinsí eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh siad gníomhaíocht a dhéanamh a chlaonann ó na Pleananna sin.
- (31) Tá rogha leathan ionstraimí ar fáil chun na hoibleagáidí a bhaineann le slándáil an tsoláthair a chomhlíonadh. Ba cheart na hionstraimí sin a úsáid i gcomhthéacs náisiúnta, i gcomhthéacs náisiúnta, i gcomhthéacs réigiúnach agus i gcomhthéacs an Aontais, de réir mar is iomchuí, chun go n-áiríteofaí go dtabharfaidh siad toradh comhsheasmhach cost-éifeachtach.
- (32) Le Treoir 2009/73/CE, tugtar aghaidh ar na gnéithe slándála soláthair de phleanáil fhadtéarmach i gcomhair infheistíochtaí in acmhainní trasteorann leordhóthanacha agus i mbonneagair eile, ar gnéithe iad trína n-áiríteofar cumas fadtéarmach an chórais chun slándáil an tsoláthair a ráthú agus chun freastal ar éilimh réasúnacha. Agus na caighdeáin i ndáil le slándáil an tsoláthair á gcomhlíonadh, féadfaidh gá a bheith le hidirthréimhse chun go bhféadfaí na hinfeistíochtaí riachtanacha a dhéanamh. Maidir leis an bplean forbartha gréasáin 10 mbliana uile-Aontais, arna tharraingt suas ag an ENTSO don Ghás faoi mhaoirseacht na Gníomhaireachta, is uirlis bhunúsach é chun na hinfeistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais a shainaithint, *inter alia* d'fhonn na riachtanais bhonneagair a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme.
- (33) Ba cheart go mbeadh an ENTSO don Ghás agus an Gníomhaireacht, mar chomhaltai den Ghrúpa Comhordaithe Gáis, páirteach go hiomlán, laistigh dá réimsí freagrachta, i bpróiseas an chomhair agus an chomhairliúcháin ar leibhéal an Aontais.

- (34) Is é an Grúpa Comhordaithe Gáis an príomhchomhlacht a rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis i gcomhthéacs bhunú na bPleananna Coiscsteacha Gníomhaíochta agus na bPleananna Éigeandála. Meabhraítear go bhfuil an ENTSO don Ghás agus an Gníomhaireacht ina gcomhaltaí den Ghrúpa Comhordaithe Gáis agus go rachfar i gcomhairle leo sa chomhthéacs sin.
- (35) Chun go n-áiritheofar an leibhéal is airde ullmhachta i gcás suaitheadh soláthair a bheith ann, ba cheart do na hÚdaráis Inniúla Pleananna Éigeandála a bhunú, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na gnóthais gáis nádúrtha. Níor cheart go mbeadh na pleananna sin ar neamhréir lena chéile ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach ná ar leibhéal an Aontais. Maidir le hinneachar na bPleananna, ba cheart go ndéanfaí de réir an deachleachtais atá ar fáil sna Pleananna atá ann cheana agus ba cheart go saineofaí ról shoiléire agus freagrachtaí shoiléire iontu do na gnóthais gáis nádúrtha uile lena mbaineann agus do na hÚdaráis Inniúla uile lena mbaineann. Ba cheart Pleananna Comhpháirteacha Éigeandála a bhunú ar an leibhéal réigiúnach i gcás inar féidir agus inar gá sin.
- (36) Chun an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a neartú i gcás éigeandála Aontais agus go háirithe chun tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit ina bhfuil dálaí geografacha nó geolaíocha is lú fabhar, ba cheart do na Ballstáit bearta a cheapadh leis an dlúthpháirtíocht a fheidhmiú. Ba cheart do ghnóthais gáis nádúrtha bearta a cheapadh amhail comhaontuithe tráchtála, a bhféadfadh onnmhairiú méadaithe gáis nó scaoileadh méadaithe ó stórais a bheith ina gcuid díobh. Tá sé tábhachtach go spreagfaí tabhairt i gcrích socruithe idir gnóthais gáis nádúrtha. I gcás inarb iomchuí, ba cheart go mbeadh sásraí san áireamh i ngníomhaíochtaí an Phlean Éigeandála, is é sin, sásraí lena n-áiritheofaí go dtabharfaí cúiteamh cóir agus cothrom do na gnóthais gáis nádúrtha. D'fhéadfadh sé go mbeadh oiriúnacht ar leith ag baint le bearta dlúthpháirtíochta idir Ballstáit a molann an Coimisiún dóibh Pleananna Coiscsteacha comhpháirteacha Gníomhaíochta nó Pleananna comhpháirteacha Éigeandála a bhunú ar an leibhéal réigiúnach.
- (37) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, tá ról tábhachtach ag an gCoimisiún i gcás ina dtarlódh éigeandáil, cibé acu ar an leibhéal an Aontais nó ar leibhéal réigiúnach.
- (38) Maidir leis an ndlúthpháirtíocht Eorpach, ba cheart, freisin, i gcás inar gá, í a chur i bhfeidhm i bhfoirm cúnamh cosanta sibhialta arna sholáthar ag an Aontas agus ag Ballstáit an Aontais. Ba cheart cúnamh den sórt sin a éascú agus a chomhordú trí Shásra Cosanta Sibhialta an Chomhphobail a bunaíodh le Cinneadh 2007/779/CE, Euratom ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (39) Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chearta flaitheasacha na mBallstát maidir lena n-acmhainní fuinnimh dílse.
- (40) Le Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair rithabhachtacha Eorpach a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú ⁽²⁾, leagtar síos próiseas chun feabhas a chur ar shlándáil bonneagar rithabhachtach Eorpach atá arna n-ainmniú san Aontas, lena n-áirítear bonneagair áirithe gáis. Rannchuidíonn Treoir 2008/114/CE agus an Rialachán seo, i dteannta a chéile, le cur chuige cuimsitheach a chruthú i leith shlándáil fuinnimh an Aontais.
- (41) Ba cheart Pleananna Éigeandála a thabhairt cothrom le dáta agus a fhoilsiú go rialta. Ba cheart iad a bheith faoi réir athbhreithniú píaraí agus ba cheart tástáil a dhéanamh orthu.
- (42) Ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe Gáis gníomhú mar chomhairleoir don Choimisiún chun comhordú na mbeart i leith shlándáil an tsoláthair a éascú i gcás éigeandáil Aontais a bheith ann. Ba cheart dó faireachán a dhéanamh freisin ar leordhóthanacht agus ar oiriúnacht na mbeart a bheidh le déanamh faoin Rialachán seo.
- (43) Is é is aidhm don Rialachán seo ná cumhacht a thabhairt do na gnóthais gáis nádúrtha agus d'Údaráis Inniúla na mBallstát chun a áirithiú go n-oibreoidh an margadh inmheánach gáis go héifeachtach a fhad is féidir i gcás suaitheadh soláthair a bheith ann, sula ndéanfaidh na hÚdaráis Inniúla bearta chun aghaidh a thabhairt ar staid a fhágann nach féidir leis an margadh na soláthairtí gáis a bhfuil gá leo a sholáthar a thuilleadh. Ba cheart go mbeadh bearta eisceachtúla den sórt sin ag teacht go hiomlán le dlí an Aontais agus ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.
- (44) Ós rud é go bhfuil soláthairtí gáis ó thríú tíortha rithabhachtach do shlándáil sholáthar gáis an Aontais, ba cheart don Choimisiún na gníomhaíochtaí a chomhordú maidir le tríú tíortha agus ba cheart dó, agus é ag oibriú leis na tríú tíortha soláthair agus leis na tríú tíortha idirthurais maidir le socruithe chun déileáil le staideanna géarchéime agus chun sreabha cobhsaí gáis chuig an Aontas a áirithiú. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún i dteideal tascfhórsa a úsáid chun faireachán a dhéanamh, i gcomhairle leis na tríú tíortha lena mbaineann, ar na sreabha gáis isteach san Aontas le linn staideanna géarchéime, agus, i gcás ina dtarlódh géarchéim de bharr deacrachtaí i dtríú tír, ba cheart go mbeadh sé i dteideal ról idirghabhála agus éascaitheora a ghlacadh.
- (45) Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh na coinníollacha a bhaineann leis an soláthar ó thríú tíortha an iomaíocht a shaobhadh agus go mbeidh siad i gcomhréir le rialacha an mhargaidh inmheánaigh.
- (46) I gcás ina bhfuil faisnéis iontaofa ann faoi staid lasmuigh den Aontas a chuireann slándáil an tsoláthair i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát faoi bhagairt agus ar staid í a d'fhéadfadh sásra luathrabhaidh idir an tAontas agus tríú tír a ghníomhachtú, ba cheart don Choimisiún an méid sin a chur in iúl don Ghrúpa Comhordaithe Gáis gan mhoill agus ba cheart don Aontas bearta iomchuí a dhéanamh chun féachaint leis an staid a chur ina cheart.

⁽¹⁾ IO L 314, 1.12.2007, lch. 9.⁽²⁾ IO L 345, 23.12.2008, lch. 75.

- (47) Ba é tátal na Comhairle i bhFeabhra 2009 ná gur cheart an trédhearcacht agus an iontaofacht a mhéadú trí mhalartú suntasach faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit faoi chaidreamh fuinnimh le tríú tíortha, lena n-áirítear socruithe fadtéarmacha soláthair, agus gur cheart, ag an am céanna, faisnéis atá fogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint.
- (48) Cé go bhfuil feidhm ag rialacha atá sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, go háirithe na rialacha a bhaineann le hiomaíocht, sa mhéid nach gcuirtear bac ar fheidhmiú na seirbhísí sin mar gheall ar chur i bhfeidhm na rialacha sin, tá rogha leathan ag na Ballstáit maidir le foráil a dhéanamh d'oibleagáidí seirbhísí poiblí agus maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a choimisiúnú agus a eagrú.
- (49) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon, slándáil an tsoláthair gáis san Aontas a áirithiú, a bhaint amach go sásúil ina n-aonar agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó iarmhairtí na gníomhaíochta, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (50) Ba cheart Treoir 2004/67/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear forálacha atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair gáis a choimirciú trí dheaoibriú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha ("gás") a áirithiú, trína chumasú bearta eisceachtúla a chur chun feidhme nuair nach féidir leis an margadh na soláthairtí gáis a bhfuil gá leo a sholáthar a thuilleadh agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le freagrachtaí a shainiú go soiléir agus a dháileadh ar na gnóthais gháis nádúrtha, ar na Ballstáit agus ar an Aontas, ar freagrachtaí iad a bhaineann le gníomhaíocht choisctheach agus le freagairt a thabhairt ar shuaithleadh sonrach soláthair. Leis an Rialachán seo freisin, soláthraítear sásraí trédhearcacha, de mheon dlúthpháirtíochta, chun comhordú a dhéanamh ar phleanáil le haghaidh éigeandála ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais agus chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt ina leith sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe atá ann i dTreoir 2009/73/CE, i Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 agus i Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn "custaiméirí cosanta" na custaiméirí teaghlaigh go léir atá nasctha le gréasán dáiliúcháin gáis, agus, ina theannta sin, i gcás ina gcinneann an Ballstát lena mbaineann amhlaidh, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh iontu freisin:
- (a) gnóthais bheaga agus mheánmhéide, ar choinníoll go bhfuil siad nasctha le gréasán dáiliúcháin gáis, agus seirbhísí sóisialta fíor-riachtanacha, ar choinníoll go bhfuil siad nasctha le gréasán dáiliúcháin gáis nó le gréasán tarchurtha gáis, agus ar choinníoll nach n-úsáideann na custaiméirí breise uile sin níos mó ná 20 % den úsáid gáis deiridh, agus/nó
- (b) suiteálacha téacháin ceantair sa mhéid go soláthraíonn siad téamh do chustaiméirí teaghlaigh agus do na custaiméirí dá dtagraítear i bpointe (a) ar choinníoll nach mbeidh na córais sin in ann athrú go breoslaí eile agus go bhfuil siad nasctha le gréasán dáiliúcháin gáis nó le gréasán tarchurtha gáis.

A luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 Nollaig 2011, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh an bhfuil sé ar intinn acu pointe (a) agus/nó pointe (b) a áireamh ina sainiú ar chustaiméirí cosanta;

- (2) Ciallaíonn "Údarás Inniúil" an t-údarás rialtasach náisiúnta nó an t-údarás rialála náisiúnta atá ainmnithe ag gach Ballstát chun bheith freagrach as a áirithiú go ndéantar na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme. Ní dochar é sin don chumas atá ag na Ballstáit cead a thabhairt don Údarás Inniúil cúraimí sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo a tharmligean chuig comhlachtaí eile. Déanfar na cúraimí tarmligthe sin a chomhlíonadh faoi mhaoirseacht an Údaráis Inniúil agus sonrófar iad sna pleananna dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 3

Freagracht as slándáil an tsoláthair gáis

1. Beidh slándáil an tsoláthair gáis faoi fhreagracht chomhroinnte na ngnóthas gáis nádúrtha, na mBallstát, go háirithe trína nÚdaráis Inniúla, agus an Choimisiún, laistigh dá réimsí gníomhaíochtaí agus inniúlachta faoi seach. Beidh gá le leibhéal ard comhair eatarthu i ndáil leis an bhfreagracht chomhroinnte sin.

2. A luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 Nollaig 2011, ainmneoidh gach Ballstát Údarás Inniúil a áiritheoidh go ndéanfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur chun feidhme. I gcás inarb iomchuí, go dtí go n-ainmneofar an tÚdarás Inniúil go foirmiúil, is iad na heintitis náisiúnta atá freagrach as slándáil an tsoláthair gháis faoi láthair a dhéanfaidh na bearta a bheidh le cur chun feidhme ag an Údarás Inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áireofar sna bearta sin an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh, agus, ar bhonn an mheasúnaithe riosca sin, Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus Plean Éigeandála a bhunú, agus faireachán

tráthrialta ar shlándáil an tsoláthair gáis ar an leibhéal náisiúnta. Comhoibreoidh na hÚdaráis Inniúla lena chéile chun féachaint le suaithreadh soláthair a chosc agus chun damáistí a shrianadh i gcás ina dtarlódh a leithéid. Ní choiscfidh aon ní ar na Ballstáit reachtaíocht chur chun feidhme a ghlacadh, más gá sin, chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

3. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún gan mhoill faoi ainm an Údaráis Inniúil a luaithse a dhéanfar é a ainmniú agus, i gcás inarb iomchuí, faoi ainm na n-eintiteas náisiúnta atá freagrach as slándáil an tsoláthair gháis agus atá ag gníomhú mar Údarás Inniúil sealadach i gcomhréir le mír 2. Poibleoidh gach Ballstát na hainmniúcháin sin.

4. Nuair atá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo á gcur chun feidhme, déanfaidh an tÚdarás Inniúil ról agus freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla lena mbaineann a bhunú ar shlí ina n-áirítear go n-urramófar cur chuige trí leibhéal, ar cur chuige é a mbeidh na gnóthais ábhartha gáis nádúrtha agus lucht tionscail bainteach leis ar dtús, ansin na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, agus ansin an tAontas.

5. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíocht na nÚdaráis Inniúil a chomhordú ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, de réir mar a leagtar amach sa Rialachán seo, *inter alia* tríd an nGrúpa Comhordaithe Gáis dá dtagraítear in Airteagal 12 nó tríd an ngrúpa bainistithe géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 11(4), go háirithe i gcás éigeandála Aontais nó éigeandála réigiúnaigh de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 11(1).

6. Déanfar na bearta chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, ar bearta iad atá sna Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus sna Pleananna Éigeandála, a shainiú go soiléir agus beidh siad trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus infhiúraithe, ní dhéanfaidh siad saobhadh míchuí ar iomaíocht ná ar dhea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus ní chuirfidh siad slándáil sholáthair gháis na mBallstát eile nó an Aontas ina iomláine i gcontúirt.

Airteagal 4

Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus Plean Éigeandála a bhunú

1. Déanfaidh Údarás Inniúil gach Ballstáit, tar éis dó dul i gcomhairle leis na gnóthais gáis nádúrtha, leis na heagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna custaiméirí teaghlaigh gháis agus custaiméirí tionsclaíocha gháis agus leis an údarás rialála náisiúnta, i gcás nach é an tÚdarás Inniúil é, na nithe seo a leanas a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, ach sin gan dochar do mhír 3:

- (a) Plean Coisctheach Gníomhaíochta ina mbeidh na bearta is gá chun na rioscaí a shainaithneofar a dhíothú nó a mhaolú, i gcomhréir leis an measúnú riosca a dhéanfar de bhun Airteagal 9; agus
- (b) Plean Éigeandála ina mbeidh na bearta a bheidh le déanamh chun an tionchar a bheadh ag suaithreadh soláthair gháis a dhíothú nó a mhaolú, i gcomhréir le hAirteagal 10.

2. Sula ndéanfar Plean Coisctheach Gníomhaíochta nó Plean Éigeandála a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta, déanfaidh na hÚdaráis Inniúla, faoin 3 Meitheamh 2012, a ndrucht-phleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus a ndrucht-phleananna Éigeandála a mhalartú agus rachaidh siad i gcomhairle lena chéile ar an leibhéal réigiúnach is iomchuí, agus leis an gCoimisiún, d'fhonn a áirithiú nach mbeidh a gcuid drucht-phleananna agus a gcuid beart ar neamhréir leis an bPlean Coisctheach Gníomhaíochta ná leis an bPlean Éigeandála atá ag Ballstát eile agus go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo agus forálacha eile de dhlí an Aontais. Déanfar na comhairliúcháin sin go háirithe idir Ballstáit chomharsanacha, go háirithe idir córais leithlisithe ar oileáin gháis iad agus na Ballstáit chomharsanacha, agus féadfaidh na comhairliúcháin sin, mar shampla, na Ballstáit sin a shainaithnítear sa liosta táscach in larscríbhinn IV a chuimsiú.

3. Ar bhonn na gcomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2 agus ar bhonn moltaí a d'fhéadfadh teacht ón gCoimisiún, féadfaidh na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann a chinneadh Pleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta a bhunú ar leibhéal réigiúnach ("Pleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta") agus Pleananna comhpháirteacha Éigeandála a bhunú ar an leibhéal réigiúnach ("Pleananna comhpháirteacha Éigeandála"), de bhreis ar na Pleananna a bhunófar ar an leibhéal náisiúnta. I gcás Pleananna comhpháirteacha, féachfaidh na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí, le comhaontuithe a thabhairt i gcrích d'fhonn comhar réigiúnach a chur chun feidhme. Más gá, tacóidh na Ballstáit leis na comhaontuithe sin go foirmiúil.

4. Nuair a bheidh an Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus an Plean Éigeandála á mbunú agus á gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach, tabharfaidh an tÚdarás Inniúil aird chuí ar oibriú sábháilte an chórais gháis i gcónaí agus tabharfaidh sé aghaidh sna Pleananna sin ar na srianta teicniúla a fhearrann ar oibriú an ghréasáin, lena n-áirítear na cúiseanna teicniúla agus na cúiseanna sábháilteachta a bhféadfadh íslíú sreabha a bheith mar thoradh orthu i gcás éigeandála, agus leagfaidh sé amach na srianta teicniúla sin sna Pleananna.

5. Tráth nach déanaí ná 3 Nollaig 2012, déanfar na Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus na Pleananna Éigeandála, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, Pleananna comhpháirteacha, a ghlacadh agus a phoiblíú. Tabharfar fógra don Choimisiún gan mhoill i leith na bPleananna sin. Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas. Áirítheoidh na hÚdaráis Inniúla go ndéanfar faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme na bPleananna sin.

6. Laistigh de thrí mhí tar éis fógra a fháil ó na hÚdaráis Inniúla faoi na Pleananna dá dtagraítear i mír 5:

- (a) déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na Pleananna sin, i gcomhréir le pointe (b). Chuige sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis maidir leis na Pleananna sin agus cuirfidh sé tuairim an Ghrúpa san áireamh go cuí. Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú ar na Pleananna a thuairisciú don Ghrúpa Comhordaithe Gáis; agus

(b) ar bhonn na gcomhairliúchán sin:

(i) más rud é gurb é atá i measúnú an Choimisiúin ná nach bhfuil Plean Coisctheach Gníomhaíochta nó Plean Éigeandála éifeachtach i dtaca leis na rioscaí a shainaithneofar sa mheasúnú riosca a mhaolú, féadfaidh sé a mholadh don Údarás Inniúil nó do na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann an Plean ábhartha a leasú;

(ii) má mheasann an Coimisiún go bhfuil Plean Coisc-theach Gníomhaíochta nó Plean Éigeandála ar neamhréir le cásanna eiseamláireacha riosca nó ar neamhréir le Pleananna Údaráis Inniúil eile, nó nach gcomhlíonann an Plean sin forálacha an Rialacháin seo nó forálacha eile de dhlí an Aontais, iarrfaidh sé go leasófar an Plean ábhartha;

(iii) má mheasann an Coimisiún go gcuirtear slándáil sholáthar gáis na mBallstát eile nó an Aontais ina iomláine i gcontúirt leis an bPlean Coisctheach Gníomhaíochta, cinntí sé a cheangal ar an Údarás Inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Coisctheach Gníomhaíochta lena mbaineann agus féadfaidh sé moltaí sonracha a chur i láthair maidir leis an bPlean a leasú. Tabharfaidh an Coimisiún cúiseanna mionsonraíthe lena chinneadh.

7. Laistigh de cheithre mhí tar éis fógra a fháil faoi iarraidh an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 6(b)(ii), déanfaidh an tÚdarás Inniúil lena mbaineann a Phlean Coisctheach Gníomhaíochta nó a Phlean Éigeandála a leasú agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún maidir leis an bPlean leasaithe nó cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na cúiseanna nach n-aontaíonn sé leis an iarraidh. I gcás easaontais, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis don Údarás Inniúil freagra a thabhairt, a iarraidh a tharraingt siar nó féadfaidh sé na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann agus, i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gá leis, an Grúpa Comhordaithe Gáis, a thionól, d'fhonn an tsaincheist a bhreithniú. Leagfaidh an Coimisiún amach an réasúnú mionsonraíthe atá aige maidir le haon leasú ar an bPlean a iarraidh. Cuirfidh an tÚdarás Inniúil seasamh an Choimisiúin san áireamh go hiomlán. I gcás ina gclaonfaidh cinneadh críochnaitheach an Údaráis Inniúil ó sheasamh an Choimisiúin, déanfaidh an tÚdarás Inniúil an réasúnú a bhí leis an gcinneadh sin, mar aon leis an gcinneadh agus le seasamh an Choimisiúin, a sholáthar agus a phoiblíú laistigh de dhá mhí tar éis seasamh an Choimisiúin a fháil. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an tÚdarás Inniúil an Plean leasaithe a phoiblíú gan mhoill.

8. Laistigh de thrí mhí tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 6(b)(iii), déanfaidh an tÚdarás Inniúil lena mbaineann a Phlean Coisctheach Gníomhaíochta a leasú agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin bPlean leasaithe nó cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na cúiseanna nach n-aontaíonn sé leis an gcinneadh. I gcás easaontais, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, laistigh de dhá mhí tar éis freagra an Údaráis Inniúil a fháil, a iarraidh a leasú ná a tharraingt siar. Más rud é go gcoimeádann an Coimisiún a iarraidh ar bun, féadfaidh an tÚdarás Inniúil lena mbaineann an Plean a leasú laistigh de dhá mhí tar éis an fógra a fháil faoi chinneadh an Choimisiúin, agus an aird is mó is féidir á thabhairt ar na moltaí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 6(b)(iii), agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith.

Cuirfidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas agus cuirfidh siad moltaí an Ghrúpa san áireamh go cuí le linn an tuairim ón gCoimisiún maidir leis an bPlean leasaithe a bheith á dréachtú agus seachadfar an tuairim sin laistigh de dhá mhí tar éis an fógra ón Údarás Inniúil a fháil. Tabharfaidh an tÚdarás Inniúil lena mbaineann an aird is mó is féidir ar an tuairim ón gCoimisiún agus, laistigh de dhá mhí tar éis an tuairim ón gCoimisiún a fháil, déanfaidh an tÚdarás Inniúil an Plean leasaithe a thiocfaidh as sin a ghlacadh agus a phoiblíú.

9. Caomhnófar rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála.

Airteagal 5

Inneachar na bPleananna Coisctheacha náisiúnta Gníomhaíochta agus na bPleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta

1. Beidh na nithe seo a leanas sna Pleananna Coisctheacha náisiúnta Gníomhaíochta agus sna Pleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta:

- torthaí an mheasúnaithe riosca de réir mar a leagtar síos in Airteagal 9;
- na bearta, na toirteanna, na hacmhainní agus an t-uainiú a mbeidh gá leo chun na caighdeáin i leith an bhonneagair agus an tsoláthair, mar a leagtar síos in Airteagal 6 agus in Airteagal 8, a chomhall, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, a mhéid is féidir, le bearta ó thaobh an éilimh de shuaitheadh soláthair, dá dtagraítear in Airteagal 6(2), a chúiteamh go leordhóthanach, ar mhodh tráthúil, sainaitheant an bhonneagair comhleasa gáis is mó i gcás ina gcuirtear Airteagal 6(3) i bhfeidhm agus aon chaighdeán um sholáthar méadaithe faoi Airteagal 8(2);
- oibleagáidí arna bhforchur ar ghnóthais gáis nádúrtha agus ar chomhlachtaí ábhartha eile, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le hoibriú sábháilte an chórais gáis;
- na bearta coisctheacha eile, amhail na bearta a bhaineann leis an ngá feabhas a chur ar na hidirnaisc idir Ballstáit chomharsanacha agus an cumas chun bealaí gáis agus foinsí soláthair a éagsúlú, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá sainaitheanta ionas go ndéanfar an soláthar gáis a choimeád ar bun do ghach custaiméir a mhéid is féidir;
- na sásraí atá le húsáid le haghaidh comhair leis na Ballstáit eile chun Pleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta agus Pleananna comhpháirteacha Éigeandála, dá dtagraítear in Airteagal 4(3), a ullmhú agus a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme;
- faisnéis faoi na hidirnaisc atá ann cheana agus faoi na hidirnaisc a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear na hidirnaisc sin a sholáthraíonn rochtain ar ghréasán gáis an Aontais, ar shreabha trasteorann, ar rochtain trasteorann ar shaoráidí stórála agus ar an acmhainn fhisiceach atá ann gás a iompar sa dá threo ("acmhainn dhéthreoch"), go háirithe i gcás éigeandála;
- faisnéis faoi na hoibleagáidí seirbhíse poiblí go léir a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis.

2. Maidir leis na Pleananna Coisctheacha náisiúnta agus comhpháirteacha Gníomhaíochta, go háirithe na gníomhaíochtaí is gá chun an caighdeán bonneagair a leagtar síos in Airteagal 6 a shásamh, cuirfear san áireamh iontu an plean forbartha gréasáin deich mbliana uile-Aontais a bheidh le tarraingt suas ag an ENTSO don Ghás de bhun Airteagal 8(10) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

3. Déanfar na Pleananna Coisctheacha náisiúnta agus comhpháirteacha Gníomhaíochta a bhunú go príomha ar bhearta an mhargaidh, agus cuirfear san áireamh iontu tionchar eacnamaíoch, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbearta, na héifeachtaí ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus an tionchar ar an gcomhshaol agus ar na tomhaltóirí, agus ní chuirfear ualach míchuí ar ghnóthais gáis nádúrtha ná ní bheidh tionchar diúltach acu ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás.

4. Déanfar na Pleananna náisiúnta agus comhpháirteacha Coisctheacha Gníomhaíochta a nuashonrú gach dhá bhliain, mura rud é, de bharr na n-imthosca, gur gá déanamh amhlaidh ag eatraimh níos minice, agus léireoidh siad an measúnú riosca nuashonraithe. Déanfar an comhairliúchán dá bhforáiltear idir na hÚdaráis Inniúla faoi Airteagal 4(2) a chur i gcrích sula nglacfar an Plean nuashonraithe.

Airteagal 6

Caighdeán an bhonneagair

1. Déanfaidh na Ballstáit nó, i gcás ina bhforálfadh Ballstát amhlaidh, déanfaidh an tÚdarás Inniúil, a áirithiú go ndéanfar na bearta riachtanacha a fhágfaidh, faoin 3 Nollaig 2014 ar a dhéanaí, i gcás suaiththeadh sa bhonneagar aonair gáis is mó, ionas go mbeidh acmhainn an bhonneagair a bheidh fágtha, arna cinneadh i gcomhréir leis an bhfoirmle N-1 dá bhforáiltear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I, ábalta, gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, an t-éileamh iomlán ar ghás sa limistéar ríofa a shásamh ar lá ar lena linn a tharlaíonn éileamh ard as an ngnách ar ghás, rud a tharlaíonn, de réir dóchúlachta staitistiúla, uair amháin gach 20 bliain. I gcás inarb iomchuí agus inar gá, ní dochar an méid sin don fhreagracht atá ar oibreoirí na gcóras na hinfheistíochtaí comhfhreagracha a dhéanamh ná do na hoibleagáidí atá ar oibreoirí na gcóras tarchurtha de réir mar a leagtar síos i dTreoir 2009/73/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 iad.

2. Maidir leis an oibleagáid a áirithiú go bhfuil an acmhainn ag an mbonneagar a bheidh fágtha chun an t-éileamh iomlán ar ghás a shásamh, dá dtagraítear i mír 1, measfar an oibleagáid sin a bheith arna comhall i gcás ina léireoidh an tÚdarás Inniúil, sa Phlean Coisctheach Gníomhaíochta, go bhféadfar suaiththeadh soláthair a chúiteamh go leordhóthanach, ar shlí thráthúil, trí bhearta iomchuí margadhbhunaithe ó thaobh an éilimh de. Chun na críche sin, úsáidfear an fhoirmle a thugtar i bpointe 4 d'Iarscríbhinn I.

3. I gcás inarb iomchuí, de réir an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 9, féadfaidh na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann a chinneadh go ndéanfar an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chomhall ar an leibhéal réigiúnach, seachas ar an leibhéal náisiúnta. Sa chás sin, déanfar Pleananna Coisctheacha comhpháirteacha Gníomhaíochta a bhunú de bhun Airteagal 4(3). Beidh feidhm ag pointe 5 d'Iarscríbhinn I.

4. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na gnóthais gáis nádúrtha ábhartha, deanfaidh gach Údarás Inniúil aon neamhchomhlíonadh, i dtaca leis na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1, a thuairisciú don Choimisiún gan mhoill agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na cúiseanna a bheidh leis an neamhchomhlíonadh sin.

5. Cuirfidh oibreoirí na gcóras tarchurtha faoi dheara go mbeidh buanacmhainn dhéthreoch ann ar na hidirnaise thrasteorann go léir idir na Ballstáit a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoin 3 Nollaig 2013 cé is moite de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nasc le saoráidí táirgthe, le saoráidí GNL agus le gréasáin dáiliúcháin; nó

(b) i gcás ina mbeidh díolúine tugtha i gcomhréir le hAirteagal 7.

Faoin 3 Nollaig 2013, oiriúnóidh oibreoirí na gcóras tarchurtha feidhmiú na gcóras tarchurtha go páirteach nó ina n-iomláine chun go gcumasófar sreabha fhisiceacha gáis sa dá threo ar idirnaise thrasteorann.

6. I gcás ina mbeidh acmhainn dhéthreoch ann cheana nó i gcás ina bhfuil sé á tógáil le haghaidh idirnaise trasteorann ar leith, measfar an oibleagáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 5, a bheith arna comhall le haghaidh an idirnaise sin ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh Ballstát amháin nó níos mó go ndéanfar an acmhainn a fheabhsú mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair. I gcás ina ndéanfar iarraidh den sórt sin ar fheabhsú, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 7.

7. Áiritheoidh na Ballstáit nó, i gcás ina bhforálfadh Ballstát amhlaidh, áiritheoidh an tÚdarás Inniúil go ndéantar an margadh a thástáil, mar chéad chéim, ar shlí thrédhearcach, mhionsonraithe agus neamh-idirdhealaitheach chun a mheasúnú an éilíonn an margadh an infheistíocht sa bhonneagar is gá chun na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 5 a chomhall.

8. Déanfaidh na hÚdaráis Rialála Náisiúnta na costais a thabhaítear go heifeachtúil agus a bhaineann le comhall na n-oibleagáidí a leagtar amach i mír 1 agus na costais a bhaineann lena áirithiú go gcumasaítear buanacmhainn dhéthreoch a chur san áireamh ionas go ndeonófar dreasachtaí iomchuí le linn na taraifí nó na modheolaíochtaí a shocrú nó a fhorghnó, ar shlí thrédhearcach mhionsonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 41(8) de Threoir 2009/73/CE agus le hAirteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009. A mhéid nach n-éilíonn an margadh infheistíocht chun acmhainn dhéthreoch a chumasú agus i gcás ina dtabhaítear costais leis an infheistíocht sin i níos mó ná Ballstát amháin nó i mBallstát amháin ar mhaithe le Ballstát amháin eile nó níos mó, déanfaidh údaráis rialála náisiúnta na mBallstát go léir lena mbaineann cinneadh comhpháirteach maidir le cionroinnt na gcostas sula ndéanfar aon chinneadh infheistíochta. Cuirfear san áireamh go háirithe le cionroinnt na gcostas an cion de thairbhí na n-infheistíochtaí bonneagair a bhaineann le méadú a dhéanamh ar shlándáil sholáthar na mBallstát lena mbaineann. Beidh feidhm ag Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 713/2009.

9. Áiríteoidh an tÚdarás Inniúil go rannchuideoidh aon bhonneagar tarchurtha nua le slándáil an tsoláthair trí ghréasán dea-nasctha a fhorbairt, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhithin lín leordhóthanaigh pointí iontrála agus pointí fágála trasteorann a bheith ann de réir éileamh an mhargaidh agus na rioscaí a shainaitheofar. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an tÚdarás Inniúil a mheas, mar chuid den mheasúnú riosca, cá bhfuil na trangleaim inmheánacha agus an bhfuil acmhainn iontrála náisiúnta agus bonneagair, go háirithe gréasáin tarchurtha, in ann na sreabha gáis náisiúnta a oiriúnú don chás ina dtarlaíonn suaitheadh sa bhonneagar gháis aonair is mó de réir mar a shainaitheofar sa mheasúnú riosca.

10. Ar mhodh eisceachta, ní bheidh Lucsamburg, an tSlóivéin agus an tSualainn faoi cheangal ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo ach féachfaidh siad leis an oibleagáid sin a chomhlíonadh, agus na soláthairtí gáis do chustaiméirí cosanta á n-áirithiú ag an am céanna, i gcomhréir le hAirteagal 8. Beidh feidhm ag an eisceacht sin:

- (a) i gcás Lucsamburg: fad atá dhá idirnascaire ar a laghad aici le Ballstáit eile, fad atá dhá fhoinsé soláthair éagsúla ar a laghad aici agus fad nach bhfuil aon saoráidí stórála gáis ná saoráidí GNL ina críoch aici;
- (b) i gcás na Slóivéine: fad atá dhá idirnascaire ar a laghad acu le Ballstáit eile, fad atá dhá fhoinsé soláthair éagsúla ar a laghad aici agus fad nach bhfuil aon saoráidí stórála gáis ná saoráidí GNL ina críoch aici;
- (c) i gcás na Sualainne: fad nach bhfuil aon idirthuras gáis chuig Ballstáit eile ag an tSualainn ar a críoch féin, go bhfuil olltomhailt gáis intíre bliantúil aici atá níos lú ná 2 Mtoe agus go dtagann níos lú ná 5 % den tomhailt fuinnimh phríomha iomlán ó ghás.

Áiríteoidh na trí Bhallstát sin, ar shlí thrédhearcach, mhionsonraithe agus neamh-idirdhealaitheach, go ndéanfar tástáil mhargaidh rialta le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar agus poibleoidh siad torthaí na dtástálacha sin.

Déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athrú a thiocfaidh ar na coinníollacha a leagtar amach san fhomhír sin. Scoirfidh an eisceacht a leagtar síos sa chéad fhomhír d'fheidhm a bheidh aici i gcás nach gcomhalltar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha sin a thuilleadh.

Faoin 3 Nollaig 2018, déanfaidh gach Ballstát de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír tuarascáil a tharchur chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil í ina dtabharfar tuairisc ar an staid i dtaca leis na coinníollacha dá dtagraítear faoi seach sa chéad fhomhír san fhomhír sin agus i dtaca leis na hionchais chun an oibleagáid i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, agus aird á tabhairt ar an tionchar eacnamaíoch a ghabhann leis an gcaighdeán bonneagair a shásamh, ar thorthaí thástáil an mhargaidh gáis agus ar fhorbairt an mhargaidh gáis agus ar thionscadail bhonneagar gáis sa réigiún. Ar bhonn na tuarascála agus i gcás ina bhfuil na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo á gcomhall fós, féadfaidh an Coimisiún a

chinneadh gur féidir leis an eisceacht a leagtar amach sa chéad fhomhír leanúint d'fheidhm a bheith aici ar feadh ceithre bliana eile. I gcás ina ndéantar cinneadh dearfach, déanfar an nós imeachta sin a chur i gcrích arís tar éis ceithre bliana.

Airteagal 7

An nós imeachta chun acmhainn dhéthreoch a chumasú nó chun díolúine a lorg

1. I gcás gach idirnaisc trasteorann idir na Ballstáit, seachas na Ballstáit sin a dhíolmhaítear faoi Airteagal 6(5)(a) agus seachas i gcás ina bhfuil acmhainn dhéthreoch ann cheana nó i gcás ina bhfuil sé á tógáil agus nár iarr Ballstát amháin nó níos mó feabhsú mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, déanfaidh oibreoirí na gcóras tarchurtha, tráth nach déanaí ná 3 Nollaig 2012, na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid a mBallstáit nó, i gcás ina bhforálfadh na Ballstáit amhlaidh, faoi bhráid a nÚdarás Inniúil nó a n-údarás rialála (dá ngairtear “údarás lena mbaineann”, le chéile, san Airteagal seo), tar éis dóibh dul i gcomhairle le hoibreoirí na gcóras tarchurtha go léir eile lena mbaineann.

(a) togra le haghaidh acmhainne déthreoeice a bhaineann leis an gcúltreo (“acmhainn sreibe cultreo”); nó

(b) iarraidh ar dhíolúine ón oibleagáid chun acmhainn dhéthreoch a chumasú.

2. Beidh an togra maidir le hacmhainn sreibe cultreo nó an iarraidh ar dhíolúintí dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar mheasúnú ar éileamh margaidh, ar ionchais le haghaidh éilimh agus soláthair, ar an indéantacht theicniúil, ar chostais na hacmhainne sreibe cultreo, lena n-áirítear athneartú an chórais tarchurtha dá bharr sin, agus ar na tairbhí do shlándáil an tsoláthair, agus aird á tabhairt freisin, i gcás inarb iomchuí, ar an gcaoi a d'fhéadfadh acmhainn sreibe cultreo, in éineacht le bearta eile, cur le comhlíonadh an chaighdeáin bonneagair a leagtar amach in Airteagal 6, i gcás na mBallstát a thairbhíonn den acmhainn sreibe cultreo.

3. Déanfaidh an t-údarás lena mbaineann agus a gheobhaidh an togra nó an iarraidh ar dhíolúine fógra faoin togra nó faoin iarraidh ar dhíolúine a thabhairt gan mhoill do na húdaráis lena mbaineann de chuid na mBallstát eile a d'fhéadfadh, de réir an mheasúnaithe riosca, tairbhí d'acmhainní sreibe cultreo agus don Choimisiún. Tabharfaidh an t-údarás sin lena mbaineann deis do na húdaráis sin lena mbaineann agus don Choimisiún tuairim a eisiúint laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis dóibh an fógra sin a fháil.

4. Laistigh de dhá mhí ón tráth a dtéann an tréimhse dá dtagraítear i mír 3 in éag, déanfaidh an t-údarás lena mbaineann ceann de na nithe seo a leanas ar bhonn na gcrítéir dá dtagraítear i mír 2 agus ar bhonn an mheasúnaithe riosca a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 9, agus an aird is mó is féidir á tabhairt ar na tuairimí a gheofar i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, agus aird á tabhairt ar ghnéithe nach mbaineann go docht le cúrsaí geilleagair, amhail slándáil an tsoláthair gáis agus an rannchuidiú leis an margadh gáis inmheánach:

- (a) díolúine a dheonú mura bhfeabhsódh acmhainn sreibhe cúltreo slándáil sholáthar aon Bhallstáit nó aon réigiún go mór nó i gcás ina mbeadh na costais infheistíochta i bhfad níos mó ná an tairbhe ionchasach do shlándáil an tsoláthair; nó
- (b) an togra maidir le hacmhainn sreibhe cúltreo a ghlacadh; nó
- (c) a cheangal ar oibreoir an chórais tarchurtha a thogra a leasú.

Tabharfaidh an t-údarás lena mbaineann fógra faoina chinneadh don Choimisiún gan mhoill, mar aon leis an bhfaisnéis ábhartha uile ina dtaispeántar na cúiseanna leis an gcinneadh, lena n-áirítear na tuairimí a fuarthas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. Féachfaidh na húdaráis lena mbaineann lena áirithiú, maidir le cinntí a bhaineann leis an idirnas céanna nó leis na píblínte idirnasctha céanna agus atá spleách go frith-pháirteach ar a chéile, nach mbeidh siad ar neamhréir le chéile.

5. Laistigh de dhá mhí tar éis an fógra sin a fháil, agus i gcás neamhréireachtaí a bheith ann idir cinneadh an údaráis lena mbaineann agus tuairimí na n-údarás eile lena mbaineann agus atá i gceist, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar an údarás lena mbaineann a chinneadh a leasú. Féadfar an tréimhse sin a fhadú de mhí amháin i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise. Maidir le haon togra ón gCoimisiún lena gceanglaítear leasú a dhéanamh ar chinneadh an údaráis lena mbaineann, déanfar é ar bhonn na ngnéithe agus na gcritéir a leagtar amach i mír 2 agus i bpointe (a) de mhír 4, agus aird á tabhairt ar na cúiseanna a bhí ag an údarás lena mbaineann lena chinneadh. Comhlíonfaidh an t-údarás lena mbaineann an iarraidh trína chinneadh a leasú laistigh de thréimhse ceithre seachtaine. I gcás nach ngníomhóidh an Coimisiún laistigh den tréimhse dhá mhí sin, measfar nach ndearna sé aon agóid i gcoinne chinneadh an údaráis lena mbaineann.

6. I gcás ina mbeidh gá le hacmhainn sreibhe cúltreo bhreise de réir thorthaí an mheasúnaithe riosca a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 9, déanfar an nós imeachta a leagtar amach i mír 1 go mír 5 den Airteagal seo a chur i gcrích arís arna iarraidh sin d'oibreoir córais tarchurtha, d'údarás lena mbaineann nó don Choimisiún.

7. Déanfaidh an t-údarás lena mbaineann agus an Coimisiún rúndacht aon fhaisnéise íogaire tráchtála a chaomhnú gach tráth.

Airteagal 8

Caighdeán an tsoláthair

1. Ceanglóidh an tÚdarás Inniúil ar na gnóthais gáis nádúrtha, a shainaitheoidh sé, bearta a dhéanamh chun an soláthar gáis a áirithiú do chustaiméirí cosanta an Bhallstáit sna cásanna seo a leanas:

- (a) teochtaí foircneacha ar feadh buaicthréimhse seacht lá a tharlaíonn de réir dóchúlachta staitistiúla uair amháin gach 20 bliain;
- (b) aon tréimhse 30 lá ar a laghad ina bhfuil éileamh ard as an ngnách ar ghás agus a tharlaíonn, de réir dóchúlachta staitistiúla, uair amháin gach 20 bliain; agus
- (c) i gcás tréimhse 30 lá ar a laghad má tharlaíonn suaitheadh sa bhonneagair aonair gáis is mó faoi mheándáláil geimhridh.

Déanfaidh an tÚdarás Inniúil na gnóthais gáis nádúrtha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shainaitheoidh faoin 3 Meitheamh 2012 ar a dhéanaí.

2. Maidir le haon mhéadú ar chaighdeán an tsoláthair a leanfaidh ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse 30 lá dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1 nó maidir le haon oibleagáid bhreise a fhorchuirtear ar ghnóthais gáis nádúrtha ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis, beidh siad bunaithe ar an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 9, déanfar iad a léiriú sa Phlean Coisctheach Gníomhaíochta agus:

- (a) comhlíonfaidh siad Airteagal 3(6);
- (b) ní dhéanfaidh siad an iomaíocht a shaobhadh go míchuí ná ní chuirfidh siad bac ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha;
- (c) ní bheidh tionchar diúltach acu ar chumas aon Bhallstáit eile soláthar a thabhairt dá chuid custaiméirí cosanta i gcomhréir leis an Airteagal seo i gcás ina dtarlaíonn éigeandáil náisiúnta, éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach; agus
- (d) comhlíonfaidh siad na critéir a shonraítear in Airteagal 11(5) i gcás ina dtarlaíonn éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach.

De mheon dlúthpháirtíochta, sainaitheoidh an tÚdarás Inniúil sa Phlean Coisctheach Gníomhaíochta agus sa Phlean Éigeandála conas a d'fhéadfaí aon mhéadú ar chaighdeán an tsoláthair nó aon oibleagáid bhreise a fhorchuirtear ar na gnóthais gáis nádúrtha a laghdú go sealadach i gcás ina dtarlaíonn éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach.

3. Tar éis na dtréimhsí a shainíonn an tÚdarás Inniúil i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2, nó faoi dhálaí níos déine ná iad siúd a shainmhínítear i mír 1, féachfaidh an tÚdarás Inniúil agus na gnóthais gáis nádúrtha leis an soláthar gáis a choimeád ar bun a mhéid is féidir, go háirithe do chustaiméirí cosanta.

4. Maidir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na gnóthais gáis nádúrtha chun caighdeáin an tsoláthair a leagtar síos san Airteagal seo a chomhall, ní bheidh siad idirdhealaitheach agus ní chuirfidh siad ualach míchuí ar na gnóthais sin.

5. Ceadófar do na gnóthais gáis nádúrtha na hoibleaglaidí sin a chomhall ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais i gcás inarb iomchuí. Ní éileoidh an tÚdarás Inniúil go mbeidh na caighdeáin a leagtar síos san Airteagal seo le sásamh ar bhonn an bhonneagair atá suite ach ar a chríoch agus ar an mbonneagair sin amháin.

6. Áiríteoidh an tÚdarás Inniúil go ndéanfar coinníollacha a bhaineann leis an soláthar do chustaiméirí cosanta a bhunú gan dochar d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh sa ghás agus ar phraghas a urramaíonn margadhluach na soláthairtí.

Airteagal 9

Measúnú riosca

1. Faoin 3 Nollaig 2011, déanfaidh gach Údarás Inniúil measúnú iomlán, ar bhonn na ngnéithe comhchoiteanna seo a leanas, ar na rioscaí a dhéanann difear do shlándáil an tsoláthair gáis ina Bhallstát:

(a) trí na caighdeáin a shonraítear in Airteagal 6 agus in Airteagal 8 a úsáid, agus ríomh fhoirmle N-1, na toimhdí a úsáideadh, lena n-áirítear na toimhdí a úsáideadh chun foirmle N-1 a ríomh ar an leibhéal réigiúnach, agus na sonraí atá riachtanach do ríomh den sórt sin á dtaispeáint;

(b) trí na himthosca náisiúnta agus réigiúnacha go léir atá ábhartha a chur san áireamh, go háirithe méid an mhargaidh, cumraíocht an ghréasáin, na sreabha iarbhair, lena n-áirítear an t-eis-sreabhadh ón mBallstát lena mbaineann, an fhéidearthacht go mbeidh sreabha fisiceacha gáis sa dá threo ann, lena n-áirítear an gá a d'fhéadfadh a bheith ann an córas tarchurtha a athneartú dá bharr, acmhainní táirgthe agus stórála a bheith ann agus ról an gháis i measc na bhfoinsí éagsúla fuinnimh, go háirithe i ndáil le téachán ceantair agus giniúint leictreachais agus ar mhaithe le hoibriú na dtionscal, agus gnéithe a bhaineann le sábháilteacht agus le cáilíocht an gháis;

(c) trí thástáil a dhéanamh i leith cásanna eiseamláireacha ina bhfuil éileamh ard gáis as an ngnáth agus suaitheadh soláthair ann, amhail cliseadh na bpríomhbhonneagar tarchurtha, na stoc gáis nó na gcríochfort GNL, agus suaitheadh soláthar ó sholáthraithe tríú tír, agus aird á tabhairt ar an stair, ar an dóchúlacht, ar an séasúr, ar an minicíocht agus ar an bhfad a bhaineann leis na tráthanna a dtarlaíonn na nithe sin agus freisin, i gcás inarb iomchuí, ar rioscaí geopholaitiúla, agus trí iarmhairtí dóchúla na gcásanna sin a mheasúnú;

(d) trí idirghníomhú agus comhghaolú na rioscaí a shainiú i dteannta le Ballstáit eile, lena n-áirítear, *inter alia*, a mhéid a bhaineann le hidirnaisc, soláthairtí trasteorann, rochtain

trasteorann ar shaoráidí stórála agus ar acmhainn dhéthreoch;

(e) trí aird a thabhairt ar uasacmhainn idirnaisc gach pointe iontrála agus fágála trasteorann.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), déanfaidh na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann measúnú riosca comhpháirteach a chur i gcrích ar an leibhéal réigiúnach.

3. Comhoibreoidh na gnóthais gáis nádúrtha, na custaiméirí gáis tionsclaíocha, na heagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gcustaiméirí teaghlaigh agus na gcustaiméirí gáis tionsclaíocha, chomh maith leis na Ballstáit agus an t-údarás rialála náisiúnta, i gcás nach é an t-údarás inniúil é, leis an Údarás Inniúil agus déanfaidh siad an fhaisnéis uile is gá don mheasúnú riosca a sholáthar dó arna iarraidh sin dó.

4. Déanfar an measúnú riosca a thabhairt cothrom le dáta den chéad uair 18 mí ar a dhéanaí tar éis ghlacadh na bPleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus na Pleananna Éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 4, agus ina dhiaidh sin, gach dhá bhliain roimh an 30 Meán Fómhair sa bhliain ábhartha mura rud é gur gá é a thabhairt cothrom le dáta níos minice ná sin de bharr na n-imthosca. Sa mheasúnú riosca, tabharfar aird sa mheasúnú riosca ar an dul chun cinn a bheidh déanta sna hinfheistíochtaí is gá chun déileáil le caighdeán an bhonneagair a shainmhíneáil in Airteagal 6 agus ar na deacrachtaí a bhaineann go sonrach le tíortha áirithe agus réitigh mhalartacha nua á gcur chun feidhme acu;

5. Déanfar an measúnú riosca, lena n-áirítear leaganacha nuashonraithe, a chur ar fáil don Choimisiún gan mhoill.

Airteagal 10

Pleananna Éigeandála agus na Leibhéil Ghéarchéime

1. Déanfar an méid seo a leanas sna Pleananna Éigeandála náisiúnta agus sna Pleananna Éigeandála comhpháirteacha:

(a) déanfar forbairt ar na leibhéil ghéarchéime a leagtar amach i mír 3;

(b) déanfar ról agus freagrachtaí na ngnóthas gáis nádúrtha agus na gcustaiméirí gáis tionsclaíocha a shainiú, lena n-áirítear táirgeoirí leictreachais ábhartha, agus na méideanna éagsúla ar dá réir a dhéanfar difear dóibh i gcás ina dtarlaíonn suaitheadh sa soláthar gáis á gcur san áireamh, mar aon leis an idirghníomhú idir iad agus na hÚdaráis Inniúla agus, i gcás inarb iomchuí, leis na húdarais rialála náisiúnta ag gach ceann de na leibhéil ghéarchéime a shainmhíneáil i mír 3;

(c) saineofar ról agus freagrachtaí na nÚdarás Inniúil agus na gcomhlachtaí eile ar tarmligeadh cúraimí chucu, dá dtagraítear in Airteagal 2(2), ar gach ceann de na leibhéil ghéarchéime a shainmhíneáil i mír 3 den Airteagal seo;

- (d) áiritheofar go dtabharfar deis leordhóthanach do ghnóthais gáis nádúrtha agus do chustaiméirí gáis tionsclaíocha freagairt ar gach leibhéal géarchéime;
- (e) más iomchuí, sainaitheofar na bearta agus na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag suaitheadh soláthair gáis ar theáchán ceantair agus ar an soláthar leictreachais a ghintear ó ghás;
- (f) bunófar nósanna imeachta mionsonraithe agus bearta mionsonraithe a leanfar i gcás gach leibhéil géarchéime ar leith, lena n-áirítear na scéimeanna comhfhreagracha ar shreabhadh faisnéise;
- (g) ainmneofar bainisteoir géarchéime nó foireann ghéarchéime agus saíneofar a ról;
- (h) sainaitheofar an rannchuidiú a dhéanann na bearta margadhbhunaithe chun déileáil leis an staid ar an leibhéal foláirimh agus chun an staid a mhaolú ar an leibhéal éigeandála, go háirithe na bearta sin a liostaítear in Iarscríbhinn II;
- (i) sainaitheofar an rannchuidiú a dhéanann na bearta nach bhfuil bunaithe ar an margadh, ar bearta iad atá pleanáilte nó atá le cur chun feidhme don leibhéal éigeandála, go háirithe na bearta a liostaítear in Iarscríbhinn III, agus déanfar measúnú ar a mhéid is gá bearta den sórt sin nach bhfuil bunaithe ar an margadh a úsáid chun déileáil le géarchéim, déanfar measúnú ar éifeachtaí na mbearta sin agus saíneofar na nósanna imeachta chun iad a chur chun feidhme, agus á chur san áireamh nach bhfuil bearta nach bhfuil bunaithe ar an margadh le húsáid ach amháin i gcás nach féidir soláthairtí a áirithiú a thuilleadh, go háirithe do chustaiméirí cosanta, trí shásraí margadhbhunaithe amháin;
- (j) tabharfar tuairisc ar na sásraí a úsáidtear ar mhaithe le comhar le Ballstáit eile ar gach leibhéal géarchéime ar leith;
- (k) tabharfar mionsonraí faoi na hoibleagáidí tuairiscithe a fhorchuirtear ar na gnóthais gáis nádúrtha ar an leibhéal foláirimh agus ar an leibhéal éigeandála;
- (l) bunófar liosta gníomhaíochtaí réamhshainithe chun go mbeidh gás ar fáil i gcás ina dtarlaíonn éigeandáil, lena n-áirítear comhaontuithe tráchtála idir na páirtithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí den sórt sin agus na sásraí cúitimh do ghnóthais gáis nádúrtha i gcás inarb iomchuí sin, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht faisnéise fógaire. D'fhéadfadh comhaontuithe trasteorann idir Ballstáit agus/nó gnóthais gáis nádúrtha a bheith i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin.

2. Déanfar na Pleananna Éigeandála náisiúnta agus comhpháirteacha a thabhairt cothrom le dáta gach dhá bhliain, mura rud é gur gá iad a thabhairt cothrom le dáta níos minice ná sin de bharr na n-imthosca, agus léireoidh siad an measúnú riosca nuashonraithe. Déanfar an comhairliúchán idir na hÚdaráis Inniúla dá bhforáiltear faoi Airteagal 4(2) sula nglacfar na Pleananna nuashonraithe.

3. Seo a leanas na trí phríomhleibhéal géarchéime:

- (a) leibhéal luathrabhaidh (luathrabhadh): i gcás ina bhfuil faisnéis nithiúil, dháiríre agus iontaofa ann go bhféadfadh imeacht tarlú ar dóigh dó a bheith ina chúis le meath suntasach ar staid an tsoláthair agus ar dóigh gurb é a leanfadh as ná leibhéal an fholáirimh nó leibhéal na héigeandála a ghníomhachtú; féadfar an leibhéal luathrabhaidh a ghníomhachtú le sásra luathrabhaidh;
- (b) leibhéal foláirimh (foláireamh): i gcás ina dtarlaíonn suaitheadh soláthair nó éileamh ard gáis as an ngnáth, ar nithe iad as a leanann meath suntasach ar staid an tsoláthair, ach an margadh a bheith fós in ann an suaitheadh sin nó an t-éileamh sin a bhainistiú gan gá le dul i muinín beart nach bhfuil bunaithe ar an margadh;
- (c) leibhéal éigeandála (éigeandáil): i gcás ina bhfuil éileamh ard gáis as an ngnáth ann nó suaitheadh suntasach soláthair nó meath suntasach eile i staid an tsoláthair agus i gcás ina mbeifear tar éis na bearta margaidh uile a chur chun feidhme ach nach bhfuil an soláthar gáis leordhóthanach chun freastal ar an éileamh gáis atá fágtha sa chaoi nach mór bearta breise nach bhfuil bunaithe ar an margadh a thabhairt isteach, go háirithe d'fhonn soláthairtí gáis na gcustaiméirí cosanta a choimirciú de réir Airteagal 8.

4. Áiritheoidh na Pleananna Éigeandála náisiúnta agus comhpháirteacha go ndéanfar an rochtain trasteorann ar bhonneagar, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 715/2009, a choimeád ar bun a mhéid is féidir go teicniúil agus go sábháilte i gcás éigeandáil a bheith ann. Beidh na Pleananna i gcomhréir le hAirteagal 3(6) den Rialachán seo agus ní thabharfar isteach leis an bPlean Éigeandála aon bheart a chuirfeadh srian míchuí ar shreabh an gháis thar theorainneacha.

5. Nuair a fhógróidh an tÚdarás Inniúil aon cheann de na leibhéil ghéarchéime dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach agus tabharfaidh sé an fhaisnéis uile is gá dó, go háirithe an fhaisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí a bheidh sé ar intinn aige a dhéanamh. I gcás éigeandála a bhféadfadh iarraidh ar chúnamh ón Aontas agus óna Bhallstáit leanúint aisti, déanfaidh Údarás Inniúil an Bhallstáit lena mbaineann fógra a thabhairt gan mhoill d'Ionad an Choimisiúin um Fhaireachán agus Faisnéis ar an gCosaint Shibhialta.

6. I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil éigeandáil a fhógairt, leanfaidh sé an ghníomhaíocht réamhshainithe a shainmhínítear ina Phlean Éigeandála agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas láithreach, go háirithe faoin ngníomhaíocht a bheartaíonn sé a dhéanamh i gcomhréir le mír 1. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an tÚdarás Inniúil gníomhaíocht a dhéanamh a chlaonann ón bPlean Éigeandála. Cuirfidh an tÚdarás Inniúil an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir le haon ghníomhaíocht den sórt sin agus tabharfaidh sé údar maith léi.

7. Áiritheoidh na Ballstáit agus na hÚdaráis Inniúla go háirithe:

- (a) nach dtabharfar aon bhearta isteach a chuirfidh srian míchuí ar shreabh an gháis laistigh den mhargadh inmheánach aon tráth;
- (b) nach dtabharfar aon bhearta isteach ar dóigh dóibh staid an tsoláthair gáis i mBallstát eile a chur i mbaol mór; agus
- (c) go ndéanfar an rochtain trasteorann ar bhonneagar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 715/2009 a choimeád ar bun a mhéid is féidir go teicniúil agus go sábháilte i gcomhréir leis an bPlean Éigeandála.

8. Fíoróidh an Coimisiún, a luaithe is féidir, ach i gcás ar bith laistigh de chúig lá tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 a fháil ón Údarás Inniúil, an bhfuil údar maith leis an bhfógra éigeandála i gcomhréir le pointe (c) de mhír 3 agus an leanann na bearta a rinneadh, a dhlúithe is féidir, na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Phlean Éigeandála agus nach gcuireann siad ualach míchuí ar na gnóthais gáis nádúrtha agus go bhfuil siad i gcomhréir le mír 7. Féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ó Údarás Inniúil, ó ghnóthais gáis nádúrtha nó ar a thionscnamh féin, a iarraidh ar an Údarás Inniúil na bearta a mhodhnú i gcás ina bhfuil siad contrártha do na coinníollacha a bhunaítear i mír 7 agus sa chéad abairt den mhír seo. Féadfaidh an Coimisiún freisin a iarraidh ar an Údarás Inniúil, an fógra éigeandála a tharraingt siar i gcás ina measann sé nach bhfuil údar maith leis a thuilleadh de réir phointe (c) de mhír 3.

Laistigh de thrí lá tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoina iarraidh, modhnóidh an tÚdarás Inniúil na bearta agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith nó cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na cúiseanna nach n-aontaíonn sé leis an iarraidh. Sa chás sin, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de thrí lá, an iarraidh a leasú nó a tharraingt siar nó, d'fhonn an tsaincheist a bhreithniú, féadfaidh sé an tÚdarás Inniúil lena mbaineann nó, más iomchuí, na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann agus, más é tuairim an Choimisiúin go bhfuil gá leis, an Grúpa Comhordaithe Gáis a thionól. Leagfaidh an Coimisiún amach an réasúnú mionsonraithe atá aige maidir le haon athruithe ar an ngníomhaíocht a iarraidh. Tabharfaidh an tÚdarás Inniúil aird iomlán ar sheasamh an Choimisiúin. I gcás ina gclaonfaidh cinneadh críochnaitheach an Údaráis Inniúil ó sheasamh an Choimisiúin, soláthróidh an tÚdarás Inniúil an réasúnú is bun leis an gcinneadh sin.

Airteagal 11

Freagairtí an Aontais agus freagairtí réigiúnacha ar éigeandálaí

1. Ar iarraidh ó Údarás Inniúil a mbeidh éigeandáil fógartha aige agus tar éis fíorú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(8), féadfaidh an Coimisiún éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach a fhógairt do réigiún geografach a bhfuil difear

sonrach á dhéanamh dó. Ar iarraidh ó dhá Údarás Inniúla ar a laghad a mbeidh éigeandáil fógartha acu agus tar éis fíorú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(8), agus i gcás ina mbeidh nasc idir na cúiseanna atá leis na héigeandálaí sin, fógóidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach. I ngach cás, déanfaidh an Coimisiún, tríd an modh cumarsáide is oiriúnaí don staid a úsáid, tuairimí a bhailiú agus tabharfaidh sé dá aire go cuí an fhaisnéis ábhartha uile arna soláthar ag na hÚdaráis Inniúla eile. Nuair a mheasfaidh sé nach bhfuil an ní is bun leis an éigeandáil Aontais nó leis an éigeandáil réigiúnach leordhóthanach a thuilleadh chun éigeandáil a fhógairt ina leith, fógóidh an Coimisiún go bhfuil deireadh leis an éigeandáil Aontais nó leis an éigeandáil réigiúnach. I ngach cás, tabharfaidh an Coimisiún cúiseanna lena chinneadh agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoina chinneadh.

2. Tionólfaidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gáis a luaithe a fhógóidh sé éigeandáil Aontais nó éigeandáil réigiúnach. Le linn na héigeandála Aontais nó na héigeandála réigiúnaí, féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ó thrí Bhallstát ar a laghad, rannpháirtíocht sa Ghrúpa Comhordaithe Gáis a shrianadh, le haghaidh cruinnithe iomláin nó cuid de chruinniú, d'ionadaithe na mBallstát agus na nÚdaráis Inniúil.

3. I gcás éigeandála Aontais nó éigeandála réigiúnaí dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht na nÚdaráis Inniúil a chomhordú, agus aird iomlán á tabhairt ar an bhfaisnéis ábhartha agus ar na torthaí a éiríonn as an gcomharliúchán leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis. Déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, na nithe seo a leanas:

- (a) malartú faisnéise a áirithiú,
- (b) comhsheasmhacht agus éifeachtacht a áirithiú i dtaca leis an ngníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach i gcoibhneas le leibhéal an Aontais,
- (c) na gníomhaíochtaí a chomhordú maidir le tríú tíortha.

4. Féadfaidh an Coimisiún grúpa bainistithe géarchéime a thionól ar a mbeidh bainisteoirí géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(g) i gcás na mBallstát a mbaineann an éigeandáil leo, arb iad na bainisteoirí iad dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(g). Féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú ó na bainisteoirí géarchéime, a iarraidh ar gheallsealbhoirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas go rialta faoin obair a dhéanann an grúpa bainistithe géarchéime.

5. Áiritheoidh na Ballstáit agus, go háirithe, áiritheoidh na hÚdaráis Inniúla, an méid seo a leanas:

- (a) nach dtabharfar isteach aon bhearta a chuirfeadh srian míchuí ar shreabh an gháis laistigh den mhargadh inmheánach aon tráth, go háirithe sreabh an gháis go dtí na margaí a bhfuil difear á ndéanamh dóibh;

(b) nach dtabharfar isteach aon bhearta ar dóigh dóibh staid an tsoláthair gáis i mBallstát eile a chur i mbaol mór; agus

(c) go ndéanfar an rochtain trasteorann ar bhonneagar, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 715/2009, a choimeád ar bun a mhéid is féidir go teicniúil agus go sábháilte, i gcomhréir leis an bPlean Éigeandála.

6. Más rud é, ar iarraidh ó Údarás Inniúil, ó ghnóthais gáis nádúrtha nó ar a thionscnamh féin, go measann an Coimisiún go bhfuil gníomhaíocht atá déanta ag Ballstát nó ag Údarás Inniúil nó iompraíocht gnóthais gáis nádúrtha, le linn éigeandála Aontais nó éigeandála réigiúnaí, contrártha do mhír 5, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát sin nó ar an Údarás Inniúil sin a ghníomhaíocht a athrú nó gníomhaíocht a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar mír 5, agus cuirfidh sé in iúl dó na cúiseanna atá leis sin. Tabharfar aird chuí ar an ngá leis an gcóras gáis a oibriú go sábháilte gach tráth.

Laistigh de thrí lá tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoina iarraidh, athróidh an Ballstát nó an tÚdarás Inniúil a ghníomhaíocht agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin nó míneoidh sé don Choimisiún na cúiseanna nach n-aontaíonn sé leis an iarraidh. Sa chás sin, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de thrí lá, a iarraidh a leasú nó a tharraingt siar nó féadfaidh sé an Ballstát nó an tÚdarás Inniúil a chomórath agus, i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gá leis, an Grúpa Comhordaithe Gáis a chomórath chun an tsaincheist a bhreithniú. Leagfaidh an Coimisiún amach an réasúnú mionsonraithe atá aige maidir le haon athruithe ar an ngníomhaíocht a iarraidh. Tabharfaidh an Ballstát nó an tÚdarás Inniúil aird iomlán ar sheasamh an Choimisiúin. Má chlaonann cinneadh críochnaitheach an Údaráis Inniúil nó an Bhallstáit ó sheasamh an Choimisiúin, soláthróidh an tÚdarás Inniúil nó an Ballstát an réasúnú is bun leis an gcinneadh sin.

7. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, buanliosta ionadaithe a tharraingt suas do thascfhórsa faireacháin ar a mbeidh saineolaithe an tionscail agus ionadaithe ón gCoimisiún. Féadfar an tascfhórsa faireacháin sin a imscaradh lasmuigh den Aontas nuair is gá sin agus déanfaidh sé faireachán agus tuairisciú ar na sreabha gáis isteach san Aontas, i gcomhar leis na tríú tíortha soláthair agus idirthurais.

8. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil an fhaisnéis a bhaineann le haon ghá le cúnamh a sholáthar d'Ionad an Choimisiúin um Fhaireachán agus Faisnéis ar an gCosaint Shibhialta. Déanfaidh an tIonad um Fhaireachán agus Faisnéis ar an gCosaint Shibhialta an staid fhoriomlán a mheasúnú agus tabharfaidh sé comhairle faoin gcúnamh ba cheart a sholáthar do na Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh, agus do thríú tíortha i gcás inar iomchuí sin.

Airteagal 12

An Grúpa Comhordaithe Gáis

1. Bunaítear Grúpa Comhordaithe Gáis chun comhordú na mbeart a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis a éascú. Beidh an Grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus go háirithe óna nÚdaráis Inniúla, agus ón nGníomhaireacht, ón ENTSO don Ghás agus ó chomhlachtaí ionadaíochta an tionscail lena mbaineann agus ionadaithe de chuid custaiméirí ábhartha chomh maith. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, comhdhéanamh an Ghrúpa a chinneadh, agus áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil an Grúpa ionadaíoch ina iomláine. Gníomhóidh an Coimisiún mar chathaoirleach ar an nGrúpa. Bunóidh an Grúpa a rialacha nós imeachta.

2. I gcomhréir leis an Rialachán seo, rachfar i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis agus tabharfaidh an Grúpa sin cúnamh don Choimisiún go háirithe maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

(a) slándáil an tsoláthair gáis, aon tráth agus, go sonrach, i gcás ina dtarlaíonn éigeandáil;

(b) an fhaisnéis uile a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais;

(c) na cleachtais is fearr agus na treoirlínte a d'fhéadfadh a bheith ann do na páirtithe go léir lena mbaineann;

(d) leibhéal shlándáil an tsoláthair, tagarmharcálacha agus modheolaíochtaí don mheasúnú;

(e) cásanna eiseamláireacha ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais agus tástáil ar na leibhéil ullmhachta;

(f) na Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus na Pleananna Éigeandála a mheasúnú agus cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach iontu;

(g) comhordú na mbeart chun déileáil le héigeandáil laistigh den Aontas, ar comhordú é le tríú tíortha is Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Fuinnimh agus le tríú tíortha eile;

(h) an cúnamh a bhfuil gá ag na Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh leis.

3. Comórfaidh an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe Gáis ar bhonn rialta agus roinnfidh sé an fhaisnéis a gheofar ó na hÚdaráis Inniúla agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

Airteagal 13

Malartú faisnéise

1. I gcás ina bhfuil oibleagáidí seirbhíse poiblí ag Ballstáit cheana, ar oibleagáidí iad a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis, poibleoidh siad na hoibleagáidí sin faoin 3 Eanáir 2011. Déanfar aon nuashonrú ina dhiaidh sin nó aon oibleagáid seirbhíse poiblí bhreise a bhaineann le slándáil an tsoláthair gáis a phoiblíú freisin a luaithé a ghlacann na Ballstáit iad.

2. Le linn éigeandála, cuirfidh na gnóthais gáis nádúrtha an fhaisnéis seo a leanas go háirithe ar fáil don Údarás Inniúil ar bhonn laethúil:

- (a) réamhaisnéisí laethúla ar an éileamh ar ghás agus ar sholáthar an gháis do na chéad trí lá a bheidh le teacht;
- (b) an tsreabh laethúil gáis ag na pointí iontrála agus fágála trasteorann go léir agus, chomh maith leis sin, ag na pointí go léir a nascann saoráid táirgthe, saoráid stórála nó críochfort GNL leis an ngréasán, in mcm/d;
- (c) an tréimhse, arna sloinneadh i laethanta, ar lena linn atáthar ag súil gur féidir an soláthar gáis a áirithiú do na custaiméirí cosanta.

3. I gcás éigeandála Aontais nó éigeandála réigiúnaí, beidh an Coimisiún i dteideal a iarraidh go ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil an méid seo a leanas ar a laghad a sholáthar dó gan mhoill:

- (a) an fhaisnéis a leagtar amach i mír 2;
- (b) faisnéis faoi na bearta a bheartaítear a dhéanamh agus faoi na bearta atá curtha chun feidhme cheana féin ag an Údarás Inniúil chun an éigeandáil a mhaolú, agus faisnéis faoi éifeachtacht na mbeart sin;
- (c) na hiarrataí atá déanta ar bhearta breise a bheadh le déanamh ag Údaráis Inniúla eile;
- (d) na bearta atá curtha chun feidhme ar iarraidh ó Údaráis Inniúla eile.

4. Déanfaidh na hÚdaráis Inniúla agus an Coimisiún rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chaomhnú.

5. Tar éis éigeandála, déanfaidh an tÚdarás Inniúil, a luaithé is féidir agus, ar a dhéanaí, sé seachtaine tar éis a fhógairt go bhfuil deireadh leis an éigeandáil, measúnú mionsonraithe a sholáthar don Choimisiún gan mhoill ar an éigeandáil agus ar

éifeachtacht na mbeart a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar eacnamaíoch a bhí ag an éigeandáil, ar an tionchar ar earnáil an leictreachais agus ar an gcúnamh a soláthraíodh don Aontas agus dá Bhallstát agus/nó a fuarthas uathu. Cuirfear an measúnú sin ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Gáis agus léireofar é sna nuashonruithe ar na Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus ar na Pleananna Éigeandála.

Déanfaidh an Coimisiún anailís ar mheasúnuithe na nÚdarás Inniúla agus cuirfidh sé na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Grúpa Comhordaithe Gáis ar an eolas maidir le torthaí a anailíse i bhfoirm chomhiomlán.

6. Chun go bhféadfaidh an Coimisiún an staid maidir le slándáil an tsoláthair ar leibhéal an Aontais a mheasúnú:

(a) faoin 3 Nollaig 2011 ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na comhaontuithe idir-rialtasacha atá ann cheana agus a tugadh i gcrích le tríú tíortha agus a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt an bhonneagair gáis agus ar fhorbairt na soláthairtí gáis a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Nuair a bheidh comhaontuithe idir-rialtasacha nua á dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit le tríú tíortha a bhfuil tionchar den sórt sin acu, cuirfidh siad na comhaontuithe sin in iúl don Choimisiún;

(b) faoin 3 Nollaig 2011 ar a dhéanaí, maidir le conarthaí atá ann cheana, mar aon le conarthaí nua nó i gcás ina ndéantar athruithe ar chonarthaí atá ann cheana, tabharfaidh na gnóthais gáis nádúrtha fógra do na hÚdaráis Inniúla lena mbaineann maidir leis na sonraí seo a leanas a bhaineann le conarthaí ar faide a ré ná aon bhliain amháin agus a thugtar i gcrích le soláthraithe ó thríú tíortha:

- (i) ré an chonartha;
- (ii) toirteanna conraithe ina n-iomláine, ar bhonn bliantúil agus an meántoirt in aghaidh na míosa;
- (iii) i gcás foláirimh nó éigeandála, toirteanna uasta conraithe laethúla;
- (iv) pointí seachadta conraithe.

Cuirfidh an tÚdarás Inniúil na sonraí sin in iúl don Choimisiún i bhfoirm chomhiomlán. I gcás ina dtabharfar conarthaí nua i gcrích nó ina ndéanfar athruithe ar chonarthaí atá ann cheana, déanfar an tsraith iomlán sonraí a chur in iúl don Choimisiún arís i bhfoirm chomhiomlán agus ar bhonn tráthrialta. Déanfaidh na hÚdaráis Inniúla agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise a áirithiú.

*Airteagal 14***Faireachán ag an gCoimisiún**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach agus tuairisciú leanúnach ar bhearta a bhaineann le slándáil soláthair gáis, go háirithe trí mheasúnú bliantúil ar na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir 2009/73/CE, agus ar an bhfaisnéis a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 11 agus Airteagal 52(1) den Treoir sin, agus a luaitear a bheidh sí ar fáil, ar an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil sa mheasúnú riosca agus sna Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus sna Pleananna Éigeandála a bheidh le bunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Faoi 3 Nollaig 2014 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 4(6) agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, na nithe seo a leanas:

- (a) conclúidí a dhéanamh maidir le bealaí féideartha chun slándáil an tsoláthar ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfar measúnuithe riosca agus go mbunófar Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus Pleananna Éigeandála ar leibhéal an Aontais agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear *inter alia* an dul chun cinn a rinneadh ar idirnascthacht an mhargaidh; agus
- (b) tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chomhsheasmhacht fhoriomlán Phleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus Phleananna Éigeandála na mBallstát chomh maith lena rannchuidiú le dlúthpháirtíocht agus le hullmhacht ó pheirspictíocht an Aontais.

Áireofar sa tuarascáil, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir leis an Rialachán seo a fheabhsú.

*Airteagal 15***Aisghairm**

Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir le spriocdhátaí do thrasuíomh agus do chur i bhfeidhm Threoir 2004/67/CE, aisghairtear an Treoir sin amhail ón 2 Nollaig 2010 cé is moite d'Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin a mbeidh feidhm acu go dtí mbeidh an Ballstát lena mbaineann tar éis sainiú a dhéanamh ar chustaiméirí cosanta i gcomhréir le hAir-

teagal 2(1) den Rialachán seo agus go mbeidh sé tar éis na gnóthais gáis nádúrtha a shainaithint, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán seo.

D'ainneoin na chéad fhomhíre den Airteagal seo, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag Airteagal 4(1) agus (2) de Threoir 2004/67/CE tar éis an 3 Meitheamh 2012.

*Airteagal 16***Maolú**

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le Málta ná maidir leis an gCipir fad nach mbeidh aon ghás á sholáthar ar a gcríocha faoi seach. I gcás Mhála agus na Cipire, is mar a leanas a bheidh feidhm ag na spriocdhátaí a thugtar le tuiscint le pointe (1) den dara mír d'Airteagal 2 agus le hAirteagail 3(2), 4(2), 4(5), 6(1), 6(5), 8(1) agus 9(1) agus le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 13(6):

- (a) i gcás phointe (1) den dara mír d'Airteagal 2, Airteagal 3(2), Airteagal 9(1) agus phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 13(6): 12 mhí;
- (b) i gcás Airteagal 4(2) agus Airteagal 8(1): 18 mí;
- (c) i gcás Airteagal 4(5): 24 mí;
- (d) i gcás Airteagal 6(5): 36 mí;
- (e) i gcás Airteagal 6(1): 48 mí;

ón lá a ndéantar gás a sholáthar ar a gcríocha faoi seach den chéad uair.

*Airteagal 17***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 6(8), ag an gcéad abairt d'Airteagal 10(4), ag Airteagal 10(7)(c) agus ag Airteagal 11(5)(c) amhail ón 3 Márta 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 20 Deireadh Fómhair 2010.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

O. CHASTEL

IARSCRÍBHINN I

AN FHOIRMLE N-1 A RÍOMH

1. Sainmhíniú ar an bhfoirmle N-1

Tugann an fhoirmle N-1 tuairisc ar an gcumas atá in acmhainn theicniúil an bhonneagair gáis chun an t-éileamh iomlán ar ghás a shásamh sa limistéar ríofa i gcás suaitheadh a bheith ann sa bhonneagar soláthair gáis aonair is mó ar lá ar lena linn a tharlaíonn ardéileamh as an ngnách ar ghás, rud a tharlaíonn, de réir dochúlachta staitistiúla, uair amháin gach 20 bliain.

Is cuid de bhonneagar gáis é an gréasán tarchurtha gáis nádúrtha lena n-áirítear idirnascairí chomh maith le táirgeadh, saoráidí GNL agus saoráidí stórála atá nasctha leis an limistéar ríofa.

Ba cheart go mbeadh acmhainn theicniúil ⁽¹⁾ an chuid eile den bhonneagar soláthair gáis a bheadh ar fáil i gcás suaitheadh a bheith ann sa bhonneagar soláthair gáis aonair is mó comhionann, ar a laghad, le suim an éilimh iomláin laethúil ar ghás sa limistéar ríofa ar lá ar lena linn a tharlaíonn ardéileamh as an ngnách, rud a tharlaíonn, de réir dochúlachta staitistiúla, uair amháin gach 20 bliain.

Is ceart go mbeadh na torthaí ón bhfoirmle N-1, mar atá ríofa thíos, comhionann, ar a laghad, le 100 %.

2. Modh ríofa na foirmle N-1

$$N - 1 [\%] = \frac{EP_m + P_m + S_m + LNG_m - I_m}{D_{\max} \times 100}, N - 1 \geq 100 \%$$

3. Sainmhínithe ar phairiméadair na foirmle N-1:

Ciallaíonn “limistéar ríofa” limistéar geografach a ríomhtar an fhoirmle N-1 dó, de réir mar a chinnfidh an tÚdaráis Inniúil é.

Sainmhínithe ó thaobh an éilimh de

Ciallaíonn “ $D_{\max}$ ” éileamh iomlán laethúil (in mcm/d) an limistéir ríofa ar lá ar lena linn a tharlaíonn ardéileamh as an ngnách ar ghás, rud a tharlaíonn, de réir dochúlachta staitistiúla, uair amháin gach 20 bliain.

Sainmhínithe ó thaobh an tsoláthair de

“ EP_m ”: Ciallaíonn acmhainn theicniúil na bpointí iontrála (in mcm/d), seachas táirgeadh, saoráidí GNL agus saoráidí stórála a chumhdaítear le P_m , S_m agus GNL_m , suim acmhainn theicniúil gach pointe iontrála teorann atá in ann gás a sholáthar don limistéar ríofa;

“ P_m ”: Ciallaíonn acmhainn táirgeachta uasta theicniúil (in mcm/d) suim chumas táirgeachta uasta teicniúil na saoráidí táirgthe gáis go léir in aghaidh an lae atá ineachadta ar na pointí iontrála sa limistéar ríofa;

“ S_m ”: Ciallaíonn ineachadtacht stórála uasta teicniúil (in mcm/d) suim acmhainn aistarraingthe uasta teicniúil in aghaidh an lae ó na saoráidí stórála go léir atá ineachadta ar phointí iontrála an limistéir ríofa, agus a saintréithe fisiceacha faoi seach á gcur san áireamh;

“ GNL_m ”: Ciallaíonn acmhainn uasta theicniúil saoráidí GNL (in mcm/d) suim na n-acmhainní cur amach uasta teicniúil in aghaidh an lae ag na saoráidí GNL go léir sa limistéar ríofa, agus eilimintí criticiúla á gcur san áireamh amhail dí-uálú, seirbhísí coimhdeacha, stóráil sealadach agus athghású GNL chomh maith le hacmhainn chur amach theicniúil chuig an gcóras;

“ I_m ”: Ciallaíonn sé acmhainn theicniúil an bhonneagair gáis aonair is mó (in mcm/d) ag a bhfuil an acmhainn is mó chun gás a sholáthar don limistéar ríofa. Nuair atá roinnt bonneagar gáis nasctha le bonneagar coiteann réamh-theachtach nó iartheachtach gáis agus nach féidir iad a oibriú ar leithligh óna chéile, measfar gur bonneagar aonair gáis amháin iad.

⁽¹⁾ De réir Airteagal 2(1)(18) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, ciallaíonn “acmhainn theicniúil” an acmhainn dhocht uasta is féidir leis an oibreoir córais tarchurtha a thairiscint do na húsáideoirí gréasáin, agus sláine an chórais agus riachtanais oibriochtúla an ghréasáin tarchurtha á gcur san áireamh.

4. An fhoirmle N-1 a ríomh trí úsáid a bhaint as bearta ó thaobh an éilimh de

$$N - 1 [\%] = \frac{EP_m + P_m + S_m + LNG_m - I_m}{D_{max} - D_{eff}} \times 100, N - 1 \geq 100 \%$$

Sainmhíniú ó thaobh an éilimh de

Ciallaíonn “Deff” an chuid (in mcm/d) de D_{max} ar féidir é a chumhdach go leordhóthanach agus go tráthúil, i gcás suaitheadh soláthair a bheith ann, le bearta margadhbhunaithe ó thaobh éilimh de i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) agus le hAirteagal 6(2).

5. An fhoirmle N-1 a ríomh ar an leibhéal réigiúnach

Déanfar an limistéar ríofa dá dtagraítear i bpointe 3 a leathnú go dtí an leibhéal réigiúnach iomchuí, i gcás inarb infheidhme é, de réir mar a chinnfidh Údarás Inniúla na mBallstát lena mbaineann. Chun an fhoirmle N-1 a ríomh ar an leibhéal réigiúnach, úsáidfear an bonneagar aonair comhleasa soláthair gáis is mó. Is é atá sa bhonneagar aonair comhleasa soláthair gáis is mó, i dtaca le réigiún de, ná an bonneagar soláthair gáis is mó sa réigiún a chuireann go díreach nó go neamhdhíreach le soláthar gáis Bhallstáit an réigiúin sin agus saineofar é sa Phlean Coiscteach comhpháirteach Gníomhaíochta.

Ní féidir ríomh N-1 réigiúnach ionad ríomh N-1 náisiúnta a ghabháil ach amháin i gcás ina bhfuil an-tábhacht ag baint leis an mbonneagar aonair comhleasa is mó do sholáthar gáis gach Ballstát lena mbaineann, de réir an mheasúnaithe chomhpháirtigh riosca.

IARSCRÍBHINN II

LIOSTA DE BHEARTA MARGADHBHUNAITHE UM SHLÁNDÁIL AN TSOLÁTHAIR GÁIS

Le linn don Údarás Inniúil an Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus an Plean Éigeandála a fhorbairt, tabharfaidh sé aird ar liosta tascach agus neamhchuimsitheach na mbearta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo. Nuair a bheidh an Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus an Plean Éigeandála á bhforbairt, tabharfaidh an tÚdarás Inniúil aird chuí ar an tionchar atá ag na bearta a mholtar ar an gcomhshaol agus tabharfaidh sé tús áite, a mhéid is féidir, do na bearta sin a bhfuil an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol agus na gnéithe a bhaineann le slándáil an tsoláthair á gcur san áireamh.

Bearta ó thaobh an tsoláthair de:

- solúbthacht bhreise táirgeachta,
- solúbthacht bhreise allmhairíochta,
- comhtháthú gáis ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i mbonneagar an ghréasáin gáis a éascú,
- stóráil gáis tráchtála – acmhainn aistarraingthe agus toirt an gháis atá á stóráil,
- acmhainn chríochfort GNL agus acmhainn uasta cur amach,
- éagsúlú soláthairtí gáis agus bealaí gáis,
- sreabha cúltreo,
- seoladh comhordaithe ag oibreoirí na gcóras tarchurtha,
- conarthaí fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a úsáid,
- infheistíochtaí i mbonneagar, lena n-áirítear acmhainn dhéthroech,
- socruithe conarthacha chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú.

Bearta ó thaobh an éilimh de:

- conarthaí in-idirbhriste a úsáid,
- deiseanna malartaithe breosla, lena n-áirítear breoslaí cúltaca malartacha a úsáid i ngléasraí tionsclaíochta agus i ngléasraí ginte cumhachta,
- sceitheadh ualaigh a dhéanann gnólachtaí ar bhonn deonach,
- breis éifeachtúlachta,
- úsáid bhreise a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite.

IARSCRÍBHINN III

LIOSTA DE BHEARTA UM SHLÁNDÁIL AN tSOLÁTHAIR GÁIS NACH BHFUIL BUNAITHE AR AN MARGADH

Le linn don Údarás Inniúil an Plean Coisctheach Gníomhaíochta agus an Plean Éigeandála a fhorbairt, ní dhéanfaidh sé an méid a bhaintear amach mar thoradh ar an liosta tásach agus neamhchuimsitheach seo a leanas de bhearta a bhreithniú ach amháin i gcás ina bhfuil éigeandáil ann:

Bearta ó thaobh an tsoláthair de:

- stóráil straitéiseach gáis a úsáid,
- úsáid éigeantach stoc breoslaí malartacha (e.g. i gcomhréir le Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar Bhallstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitríliam a choimeád ⁽¹⁾),
- úsáid éigeantach leictreachais a ghintear ó fhoinsí seachas gás,
- méadú éigeantach ar an leibhéal táirgeachta gáis,
- aistarraingt stórála éigeantach.

Bearta ó thaobh an éilimh de:

- Céimeanna éagsúla den laghdú éigeantach ar éileamh lena n-áirítear:
 - malartú éigeantach breosla,
 - úsáid éigeantach conarthaí in-idirbhriste, i gcás nach bhfuil siad go hiomlán in úsáid mar chuid de bhearta an mhargaidh,
 - sceitheadh ualaigh a dhéanann gnólachtaí go héigeantach.

⁽¹⁾ IO L 265, 9.10.2009, lch. 9.

IARSCRÍBHINN IV

COMHAR RÉIGIÚNACH

I gcomhréir le hAirteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus mar a chuirtear in iúl go láidir in Airteagal 6 de Threoir 2009/73/CE agus in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, is léiriú é an comhar réigiúnach ar mheon na dlúthpháirtíochta agus is coincheap bunúsach de chuid an Rialacháin seo é freisin. Is gá comhar réigiúnach go háirithe chun an méid seo a leanas a bhunú: measúnú riosca (Airteagal 9), na Pleananna Coisctheacha Gníomhaíochta agus na Pleananna Éigeandála (Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 10), na caighdeáin i leith an bhonneagair agus an tsoláthair (Airteagal 6 agus Airteagal 8) agus na forálacha a bhaineann le freagairtí an Aontais ar éigeandálaí agus freagairtí réigiúnacha ar éigeandálaí (Airteagal 11).

Cuireann an comhar réigiúnach faoin Rialachán seo leis an gcomhar réigiúnach atá ann cheana agus a bhaineann le gnóthais gáis nádúrtha, le Ballstáit agus le húdaráis rialála náisiúnta chun feabhas a chur, i measc cuspóirí eile, ar shlándáil an tsoláthair agus ar chomhtháthú an mhargaidh inmheánaigh fhuinnimh, amhail na trí mhargadh réigiúnacha gáis faoin Tionscnamh Réigiúnach Gáis, an Clár Oibre Gáis, Grúpa Ardleibhéil an Phlean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh, agus Grúpa Comhordaithe Slándála Soláthair an Chomhphobail Fuinnimh. Mar sin féin, is dócha go gcothóidh na ceanglais a bhaineann go sonrach le slándáil soláthair creataí nua comhair, agus, chun an éifeachtúlacht is fearr a ráthú, beidh gá le hoiriúnú a dhéanamh ar na réimsí comhair atá ann cheana.

I bhfianaise na margaí atá ag éirí níos idirnasctha agus níos idirspiléaiche, agus i bhfianaise chomhlánú an margaidh inmheánaigh gáis, féadfaidh comhar idir na Ballstáit seo a leanas, mar shampla agus i measc nithe eile, lena n-áirítear idir chodanna de Bhallstáit chomharsanachta, a slándáil aonair soláthair gháis agus a gcomhshlándáil soláthair gáis a fheabhsú:

- an Pholainn agus na trí Stát Bhaltacha (an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin),
- Leithinis na hIbéire (an Spáinn agus an Phortaingéil) agus an Fhrainc,
- Éire agus an Ríocht Aontaithe,
- an Bhulgáir, an Ghréig agus an Rómáin,
- an Danmhairg agus an tSualainn,
- an tSlóivéin, an Iodáil, an Ostair, an Ungáir agus an Rómáin,
- an Pholainn agus an Ghearmáin,
- an Fhrainc, an Ghearmáin, an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg,
- an Ghearmáin, Poblacht na Seice agus an tSlóvaic,
- Ballstáit eile.

I gcás inar gá agus inarb iomchuí, féadfar an comhar réigiúnach idir na Ballstáit a leathnú chun comhar a neartú leis na Ballstáit chomharsanachta, go háirithe i gcás oileán gáis, go háirithe d'fhonn idirnaisc a fheabhsú. Féadfaidh Ballstáit a bheith mar chuid de bhraislí éagsúla comhair freisin.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 995/2010 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 20 Deireadh Fómhair 2010

lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Déantar réimse leathan sochar comhshaoil, sochar eacnamaíoch agus sochar sóisialta a chur ar fáil trí fhoraoisí, lena n-áirítear táirgí foraoise adhmaid agus neamhadhmaid agus seirbhísí comhshaoil atá bunriachtanach don chine daonna, amhail an bhithéagsúlacht agus feidhmeanna éiceachórais a chothabháil agus an córas aeráide a chosaint.
- (2) De bharr an éilimh mhéadaithe atá ar adhmaid agus ar tháirgí adhmaid ar fud an domhain agus, ina theannta sin, de bharr na n-easnamh institiúideach agus rialachais atá ann in earnáil na foraoiseachta i roinnt tíortha táirgthe adhmaid, tá lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil atá gaolmhar léi tar éis teacht chun bheith ina n-ábhar inní níos mó ná riamh.
- (3) Is forleatach an fhadhb í an lománaíocht neamhdhleathach agus is mór an chúis inní ar an leibhéal idirnáisiúnta í. Is bagairt shuntasach ar fhoraoisí í mar gur cuid de phróiseas an difhoraoisithe agus de phróiseas díghrádaithe foraoise í, ar próiseas é atá freagrach as tuairim is 20 % de na hastaíochtaí domhanda CO₂, atá ina bhagairt ar an mbithéagsúlacht agus a bhaineann an bonn de bhainistíocht inbhuanaithe foraoise agus d'fhorbairt inbhuanaithe foraoise, lena n-áirítear innmharthanacht tráchtála na n-oibreoirí a ghníomhaíonn i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme. Cuireann sí le fairsingiú fásaigh agus creimeadh ithreach freisin agus is féidir léi teagmhais aimsire crua agus tuilte a dhianú. De bheis air sin, tá impleachtaí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíochta aici,

agus is minic a bhaineann na himpleachtaí sin an bonn den dul chun cinn i dtreo an dea-rialachais agus a bhagraíonn siad ar shlí bheatha na bpobal áitiúil atá ag brath ar fhoraoisí agus is féidir í a nascadh le coinbhleachtaí armtha. Trí fhadhb na lománaíochta neamhdhleathach a chomhrac i gcomhthéacs an Rialacháin seo, meastar go gcuirfear le hiarrachtaí an Aontais i leith mhaolú an athraithe aeráide ar shlí a bheidh cost-éifeachtach agus ba chóir breathnú air sin mar rud a chomhlánaíonn gníomhaíocht agus gealltanais an Aontais i gcomhthéacs Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide.

- (4) Le Cinneadh Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena leagtar síos Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an Chomhphobail ⁽³⁾, sainithnítear mar ghníomhaíochtaí tosaíochta scrúdú na féidearthachta go ndéanfar bearta gníomhacha chun trádáil in adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac agus leanúint de rannpháirtíocht ghníomhach an Aontais agus na mBallstát i gcur chun feidhme réiteach agus comhaontuithe de chineál domhanda agus de chineál réigiúnach maidir le saincheistanna a bhaineann le foraoisí.
- (5) I dTeachtaireacht an 21 Bealtaine 2003 ón gCoimisiún dar teideal 'Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE', moladh pacáiste beart chun tacú leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhb na lománaíochta neamhdhleathach agus na trádála atá gaolmhar léi i gcomhthéacs iarrachtaí foriomlána an Aontais chun bainistíocht inbhuanaithe foraoise a bhaint amach.
- (6) D'fháiltigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle roimh an Teachtaireacht sin agus d'aithin siad an gá atá ann go rannchuideodh an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar an leibhéal domhanda chun tabhairt faoi fhadhb na lománaíochta neamhdhleathach.
- (7) I gcomhréir le haidhm na Teachtaireachta sin, eadhon a áirithiú nach dtiocfaidh isteach san Aontas ach táirgí adhmaid arna dtáirgeadh i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na tíre táirgthe, tá caibidlíocht ar siúl ag an Aontas le tíortha táirgthe adhmaid ("tíortha comhpháirtíochta") faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálai ("VPAanna FLEGT") lena gcruthófar oibleagáid do na páirtithe ar oibleagáid í atá ceangailteach le dlí agus ar oibleagáid í chun scéim ceadúnúcháin a chur chun feidhme agus chun an trádáil san adhmaid agus i dtáirgí adhmaid a shainaithnítear sna VPAanna FLEGT sin a rialáil.

⁽¹⁾ IO C 318, 23.12.2009, lch. 88.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Aibreán 2009 (IO C 184 E, 8.7.2010, lch. 145.), seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 1 Márta 2010 (IO C 114 E, 4.5.2010, lch. 17.) agus seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ IO L 242, 10.9.2002, lch. 1.

- (8) I bhfianaise mhórsála agus phráinn na faidhbe, is gá tacú go gníomhach leis an gcomhrac in aghaidh na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála atá gaolmhar léi, is gá an tionscnamh VPA FLEGT a chomhlánú agus a neartú agus is gá feabhas a chur ar na sineirgí idir na bearta a bhfuil sé d'aidhm acu na foraoiseacha a chaomhnú agus leibhéal ard cosanta comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta.
- (9) Ba cheart aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a rinne na tíortha a bhfuil VPAanna FLEGT tugtha i gcrích acu leis an Aontas agus do na prionsabail atá ionchorpraithe iontu, go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar adhmaid a táirgtear go dleathach agus ba cheart tíortha a spreagadh tuilleadh chun VPAanna FLEGT a thabhairt chun críche. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin nach ndéantar, faoi scéim ceadúnúcháin FLEGT, ach adhmaid arna lománú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus táirgí adhmaid atá díorthaithe as adhmaid den sórt sin a onnmhairiú isteach san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, go measfaí gur adhmaid arna lománú go dleathach é adhmaid atá leabaithe sna táirgí adhmaid a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach⁽¹⁾, ar táirgí adhmaid iad de thionscnamh tíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na táirgí adhmaid sin an Rialachán sin agus aon fhorálacha cur chun feidhme.
- (10) Ba cheart a chur san áireamh freisin go leagann an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) ceanglas ar na páirtithe in CITES gan cead onnmhairíochta CITES a dheonú ach amháin i gcás ina ndearnadh speiceas atá liostaithe in CITES a lománú, *inter alia*, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta sa tír onnmhairíochta. Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, maidir le hadhmaid de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn A, in Iarscríbhinn B nó in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil⁽²⁾, gur lománaíodh go dleathach é ar choinníoll go gcomhlíonann sé an Rialachán sin agus aon fhorálacha cur chun feidhme.
- (11) Á mheabhrú gur cheart go spreagfaí adhmaid athchúr-sáilte agus táirgí adhmaid athchúr-sáilte a úsáid agus go gcuirfeadh sé ualach díréireach ar na hoibreoirí dá ndéanfaí na táirgí sin a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart seanadhmaid agus seantáirgí adhmaid a bhfuil a saolré tagtha chun críche agus a dhiúschrófaí mar dhramhaíl murach sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.
- (12) Ba cheart, mar cheann de bhearta an Rialacháin seo, toirmeasc a chur ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach, nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin, a chur ar an margadh inmheánach den chéad uair. Agus castacht na lománaíochta neamhdhleathaí, na cúiseanna atá mar bhonn léi agus na tionchair atá aici á gcur san áireamh, ba cheart bearta sonracha a dhéanamh amhail bearta a dhíríonn ar iompraíocht oibreoirí.
- (13) I gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta FLEGT, féadfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Ballstáit, tacú le staidéir agus taighde ar leibhéal na lománaíochta neamhdhleathaí agus ar chineál na lománaíochta neamhdhleathaí sna tíortha éagsúla, agus staidéir agus taighde a sheoladh ar na nithe sin, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí, chomh maith le tacú le treoir phraiticiúil a sholáthar do na hoibreoirí maidir leis an reachtaíocht is infheidhme sna tíortha táirgthe adhmaid.
- (14) Cheal sainmhínte arna chomhaontú go hidirnáisiúnta, ba cheart gurb é a bheadh mar bhonn le sainmhíniú a thabhairt ar céard í lománaíocht neamhdhleathach ná reachtaíocht na tíre inar lománaíodh an t-adhmaid, lena n-áirítear rialacháin mar aon leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha ar páirtí iontu an tír sin a chur chun feidhme sa tír sin.
- (15) Cuirtear go leor táirgí adhmaid trí phróisis iomadúla sula gcuirtear ar an margadh inmheánach den chéad uair iad agus tar éis iad a chur ar an margadh inmheánach den chéad uair. Chun nach mbeidh aon ualach riaracháin á fhorchur gan údar, níor cheart go gcuirfí ach na hoibreoirí a mbeidh adhmaid nó táirgí adhmaid á gcur ar an margadh inmheánach den chéad uair acu, agus na hoibreoirí sin amháin, faoi réir chóras an díchill chuí, agus ba cheart, ag an am céanna, go gceanglófaí ar thrádálaí sa slabhra soláthair faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir lena sholáthróir agus maidir lena cheannaitheoir chun inrianaitheacht an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid a chumasú.
- (16) Ar bhonn cur chuige shistéimigh, ba cheart go ndéanfaidh oibreoirí a mbeidh adhmaid agus táirgí adhmaid á gcur ar an margadh inmheánach den chéad uair acu, na bearta cuí a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh adhmaid arna lománú go neamhdhleathach ná táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin á gcur ar an margadh inmheánach. Chuige sin, ba cheart do na hoibreoirí dícheall cuí a fheidhmiú, trí chóras beart agus nósanna imeachta, chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach agus táirgí a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh inmheánach.
- (17) Áirítear trí eilimint i gcóras an díchill chuí agus is gnéithe dílse iad de bhainistiú riosca: rochtain ar fhaisnéis, measúnú riosca agus maolú a dhéanamh ar an riosca a shainaithnítear. Ba cheart go dtabharfaidh córas an díchill chuí rochtain ar fhaisnéis maidir le foinsí agus soláthróirí an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid atá á gcur ar an margadh inmheánach den chéad uair, lena n-áirítear faisnéis ábhartha amhail comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme, tír a lománaithe agus, i gcás inarb infheidhme, an speiceas, an chainníocht, an réigiún fonáisiúnta agus an lamháltas lománaithe. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart go ndéanfaidh na hoibreoirí measúnú riosca. I gcás ina sainaithnítear riosca, ba cheart d'oibreoirí an riosca sin a mhaolú ar mhodh a bheadh comhréireach leis an riosca arna shainaithint, d'fhonn cosc a chur ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach agus táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh inmheánach.

⁽¹⁾ IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

- (18) Chun aon ualach gan ghá riaracháin a sheachaint, níor cheart go gceanglófaí ar na hoibreoírí sin a bhfuil leas á bhaint acu cheana féin as córais nó as nósanna imeachta a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo córais nua a chur ar bun.
- (19) Chun aitheantas a thabhairt do dhea-chleachtas in earnáil na foraoiseachta, féadfar scéimeanna deimhniúcháin, nó scéimeanna eile arna bhforú ag tríú páirtí, ar scéimeanna iad ina n-áirítear fíorú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme, a úsáid sa nós imeachta maidir le measúnú riosca.
- (20) Tá earnáil an adhmaid fíorthábhachtach do gheilleagar an Aontais. Is gníomhaithe tábhachtacha san earnáil iad eagraíochtaí na n-oibreoírí mar go ndéanann siad ionadaíocht ar leasanna na hearnála ar scála leathan agus go n-idirghníomhaíonn siad le raon ilchineálach geallsealbhóirí. Tá an saineolas agus an inniúlacht ag na heagraíochtaí sin freisin le hanailís a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha agus le comhlíonadh na reachtaíochta ag a gcomhaltaí a éascú, ach níor cheart go n-úsáidfí an inniúlacht sin chun ceannas a fháil ar an margadh. Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú agus chun rannchuidiú le forbairt dea-chleachtas, is iomchuí aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí a bhfuil córais an díchill chuí forbartha acu, ar córais iad a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo. Maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí faireacháin agus maidir le haitheantas a tharraingt siar uathu, ba cheart na nithe sin a dhéanamh ar shlí atá cothrom agus trédhearcach. Ba cheart liosta de na heagraíochtaí aitheanta sin a phoibliú chun a chumasú do na hoibreoírí leas a bhaint astu.
- (21) Ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh ag eatraimh rialta ar na heagraíochtaí faireacháin chun a fhíorú go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh go héifeachtach acu. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfadh na húdaráis inniúla le seiceálacha a dhéanamh nuair atá faisnéis ábhartha ina seilbh acu, lena n-áirítear cásanna ina n-ardaíonn tríú páirtithe cúiseanna inní a bhfuil bonn maith leo.
- (22) Ba cheart do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh go héifeachtach ag na hoibreoírí. Chun na críche sin, ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha oifigiúla a dhéanamh, i gcomhréir le plean de réir mar is iomchuí, agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí seiceálacha in áitreabh oibreoírí, mar aon le hiniúchtaí allamuigh, sna seiceálacha sin, agus ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a cheangal ar na hoibreoírí gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh i gcás inar gá sin. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfadh na húdaráis inniúla le seiceálacha a dhéanamh freisin nuair atá faisnéis ábhartha ina seilbh acu, lena n-áirítear ábhair inní a thagann ó thríú páirtithe agus a bhfuil bonn maith leo.
- (23) Ba cheart do na húdaráis inniúla taifid a choinneáil ar na seiceálacha agus ba cheart an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol⁽¹⁾.
- (24) Agus cineál idirnáisiúnta na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála atá gaolmhar léi á chur san áireamh, ba cheart do na húdaráis inniúla comhoibriú le chéile agus le húdaráis riaracháin tríú tíortha agus leis an gCoimisiún.
- (25) Chun go n-éascófar comhlíonadh an Rialacháin seo ar thaobh cumas na n-oibreoírí a chuireann adhmaid nó táirgí adhmaid ar an margadh inmheánach ceanglais an Rialacháin seo, agus aird á tabhairt ar staid na bhfiontar beag agus meánmhéide, féadfaidh Ballstáit, agus cúnamh á fháil acu ón gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, cúnamh teicniúil agus cúnamh eile a sholáthar do na hoibreoírí agus féadfaidh siad malartú faisnéise a éascú. Níor cheart go scaoilfeadh cúnamh den sórt sin na hoibreoírí óna n-oibleagáid chun dícheall cuí a fheidhmiú.
- (26) Ba cheart do thrádálaithe agus d'eagraíochtaí faireacháin staonadh ó aon bhearta a d'fhéadfadh baint amach chuspóir an Rialacháin seo a chur i gcontúirt.
- (27) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ngearrfar pionóis i leith aon sárúithe ar an Rialachán seo, lena n-áirítear sárúithe arna ndéanamh ag oibreoírí, ag trádálaithe inmheánacha agus ag eagraíochtaí faireacháin, agus go mbeidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Féadfar a fhoráil le rialacha náisiúnta, tar éis pionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm i leith sárúithe ar an toirmeasc ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach, nó ar tháirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin, a chur ar an margadh inmheánach, nach gá go ndéanfaí an t-adhmaid nó na táirgí adhmaid sin a dhíothú ach go bhféadfaí, ina ionad sin, iad a úsáid nó a dhiúscairt chun críoch atá ar mhaithe le leas an phobail.
- (28) Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar gníomhartha iad a bhaineann leis na nósanna imeachta chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí faireacháin agus chun an t-aitheantas sin a tharraingt siar, a bhaineann le critéir ábhartha eile um measúnú riosca a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun na critéir dá bhforáiltear cheana sa Rialachán seo a fhorlíonadh agus a bhaineann leis an liosta d'adhmaid agus de tháirgí adhmaid a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo. Tá sé tábhachtach go háirithe go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe.
- (29) Chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann maidir le cur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le minicíocht agus cineál na seiceálacha a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ar na heagraíochtaí faireacháin agus maidir leis na córais díchill chuí, seachas maidir le tuilleadh critéar ábhartha um measúnú riosca. I gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE, tá rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin le leagan síos roimh ré le rialachán arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta

(1) IO L 41, 14.2.2003, lch. 26.

reachtach. Go dtí go nglacfar an rialachán nua sin, leanfaidh Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁽¹⁾ d'fheidhm a bheith aige, cés moite den nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, ar nós imeachta é nach bhfuil infheidhme.

- (30) Ba cheart tréimhse réasúnach a thabhairt d'oibreoírí agus d'údarais inniúla chun iad féin a ullmhú chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.
- (31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an comhrac in aghaidh na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála atá gaolmhar léi, a bhaint amach ina n-aonar agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoírí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh inmheánach den chéad uair acu, chomh maith le hoibleagáidí na dtrádálaithe maidir le hinrianaitheacht.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “adhmaid agus táirgí adhmaid” an t-adhmaid agus na táirgí adhmaid a leagtar amach san Iarscríbhinn, cés moite de tháirgí adhmaid nó de chomhpháirteanna de chuid táirgí den sórt sin a mhonaraítear as adhmaid nó as táirgí adhmaid a bhfuil a saolré tagtha chun críche agus a dhiúscrófaí mar dhramhaíl murach sin, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl⁽²⁾;
- (b) ciallaíonn “cur ar an margadh” adhmaid nó táirgí adhmaid a sholáthar ar shlí ar bith ar an margadh inmheánach den chéad uair, gan spleáchas don teicníocht díolacháin a úsáidtear, chun é nó iad a dháileadh nó a úsáid i gcúrsa gníomhaíochta tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce. Folaíonn sé freisin soláthar trí chianchumarsáid de réir mar a shainmhínítear i dTreoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 1997 maidir le tomhaltóirí a chosaint i leith cianchonarthaí⁽³⁾. Maidir le

táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid nó ó tháirgí adhmaid atá ar an margadh inmheánach cheana féin a sholáthar ar an margadh inmheánach, ní hionann an soláthar sin agus ‘cur ar an margadh’;

- (c) ciallaíonn “oibreoír” aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a chuireann adhmaid nó táirgí adhmaid ar an margadh;
- (d) ciallaíonn “trádálaí” aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann adhmaid nó táirgí adhmaid atá ar an margadh inmheánach cheana féin a dhíol nó a cheannach ar an margadh inmheánach i gcúrsa gníomhaíochta tráchtála;
- (e) ciallaíonn “tír na lománaíochta” an tír nó an chríoch inar lománaíodh an t-adhmaid nó inar lománaíodh an t-adhmaid atá leabaithe sna táirgí adhmaid;
- (f) ciallaíonn “arna lománú go dleathach” arna lománú i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme i dtír na lománaíochta;
- (g) ciallaíonn “arna lománú go neamhdhleathach” arna lománú de shárú ar an reachtaíocht is infheidhme i dtír na lománaíochta;
- (h) ciallaíonn “reachtaíocht is infheidhme” an reachtaíocht atá i bhfeidhm i dtír na lománaíochta, ar reachtaíocht í lena gcumhdaítear na nithe seo a leanas:

- cearta chun adhmaid a lománú laistigh de theorainneacha a bhfuil taifead orthu le dlí;
- íocaíochtaí ar chearta lománaíochta agus ar adhmaid lena n-áirítear dleachtanna a bhaineann le lománaíocht adhmaid;
- lománaíocht adhmaid, lena n-áirítear reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht foraoise, ar reachtaíocht í ina n-áirítear bainistiú foraoisí agus caomhnú na bithéagsúlachta, i gcás ina bhfuil baint dhíreach aici le lománaíocht adhmaid;
- cearta dlíthiúla tríú páirtithe maidir le húsáid agus maidir le tionacht, ar cearta iad a ndéanann lománaíocht adhmaid difear dóibh; agus
- trádáil agus custam, a mhéid a bhaineann le hearnáil na foraoiseachta.

Airteagal 3

Stádas adhmaid agus táirgí adhmaid a chumhdaítear le FLEGT agus le CITES

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur lománaíodh go dleathach aon adhmaid atá leabaithe sna táirgí adhmaid a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ar táirgí iad de thionscnamh na dtíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus a chomhlíonann an Rialachán sin agus forálacha cur chun feidhme an Rialacháin sin.

⁽¹⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

⁽²⁾ IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.

⁽³⁾ IO L 144, 4.6.1997, lch. 19.

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur lománaíodh go dleathach aon adhmaid ó speicis a liostaítear in Iarscríbhinn A, in Iarscríbhinn B nó in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ar adhmaid é a chomhlíonann an Rialachán sin agus forálacha cur chun feidhme an Rialacháin sin.

Airteagal 4

Oibleagáidí na n-oibreoirí

1. Toirmiscfear adhmaid arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh.

2. Feidhmeoidh na hoibreoirí dícheall cuí nuair a bheidh adhmaid agus táirgí adhmaid á gcur ar an margadh acu. Chuige sin, bainfidh siad leas as creat nósanna imeachta agus beart, dá ngairtear 'córas díchill chuí' anseo feasta, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 6.

3. Déanfaidh gach oibreoir an córas díchill chuí a úsáideann sé a chothabháil agus a mheasúnú go tráthrialta, ach amháin i gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir córas díchill chuí arna bhunú ag eagraíocht faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 8. Féadfar córais mhaoirseachta atá ann cheana faoi reachtaíocht náisiúnta agus aon sásra saorálach le haghaidh shlabhra an choimeádta a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo a úsáid mar bhonn don chóras díchill chuí.

Airteagal 5

Oibleagáid na hinrianaitheachta

Beidh trádálaithe in ann na nithe seo a leanas a shainaithint ar fud an tslabhra soláthair:

- (a) na hoibreoirí nó na trádálaithe a sholáthair an t-adhmaid agus na táirgí adhmaid; agus
- (b) i gcás inarb infheidhme, na trádálaithe ar sholáthair siad adhmaid nó táirgí adhmaid dóibh.

Déanfaidh trádálaithe an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír a choinneáil ar feadh cúig bliana ar a laghad agus soláthróidh siad an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla má iarrann na húdaráis sin amhlaidh.

Airteagal 6

Córais díchill chuí

1. Beidh na gnéithe seo a leanas san áireamh sa chóras díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4(2):

- (a) bearta agus nósanna imeachta lena dtugtar rochtain ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le soláthar an oibreora i ndáil le hadhmaid nó táirgí adhmaid a chuirtear ar an margadh:

- tuairisc, lena n-áirítear an trádainm agus an cineál táirge, chomh maith le hainm coiteann an speicis crainn agus, i gcás inarb infheidhme, an t-ainm eolaíoch iomlán,
- tír na lománaíochta, agus i gcás inarb infheidhme:

- i) an réigiún fonáisiúnta inar lománaíodh an t-adhmaid; agus

- ii) lamháltas na lománaíochta,

- cainníocht (arna sloinneadh i dtoirt, i meáchan nó i líon na n-aonad),

- ainm agus seoladh sholáthróir an oibreora,

- ainm agus seoladh an trádálaí dár soláthraíodh an t-adhmaid agus na táirgí adhmaid,

- doiciméid nó faisnéis eile lena dtugtar léiriú ar chomhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme i gcás an adhmaid sin agus na dtáirgí adhmaid sin;

- (b) nósanna imeachta um measúnú riosca lena gcuirtear ar chumas an oibreora anailís agus measúnú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh.

Déanfar an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe (a), chomh maith leis na critéir ábhartha um measúnú riosca, a chur san áireamh sna nósanna imeachta sin, lena n-áirítear:

- dearbhú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme, ar dearbhú é a bhféadfadh scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna eile arna bhfíorú ag tríú páirtí, ar scéimeanna iad lena gcumhdaítear comhlíonadh na reachtaíochta infheidhme, a bheith san áireamh ann,

- leitheadúlacht lománaíocht neamhdhleathach na speiceas sonrach crann,

- leitheadúlacht na lománaíochta neamhdhleathaí nó na gcleachtas neamhdhleathach i dtír na lománaíochta agus/nó sa réigiún fonáisiúnta inar lománaíodh an t-adhmaid, lena n-áirítear aird a thabhairt ar leitheadúlacht coinbhleachta armtha,

- smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ar allmhairí nó onnmhairí adhmaid;

- castacht shlabhra soláthair an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid;

- (c) seachas i gcás inar riosca diomaibhseach an riosca a shainaithnítear i gcúrsa na nósanna imeachta um measúnú riosca dá dtagraítear i bpointe (b), nósanna imeachta um maolú riosca arb é atá iontu ná sraith beart agus nósanna imeachta atá leordhóthanach agus comhréireach chun íoslaghdú a dhéanamh go héifeachtach ar an riosca sin agus a bhféadfaí ceanglas a áireamh iontu á rá go bhfuil gá le faisnéis bhreise nó doiciméid bhreise agus/nó go bhfuil gá le fíorú tríú páirtí.

2. Déanfar na rialacha mionsonraithe is gá chun a áirithiú go ndéanfar mír 1 a chur chun feidhme go haonfhoirmeach, seachas maidir le tuilleadh critéar ábhartha um measúnú riosca dá dtagraítear sa dara habairt de phointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2). Glacfar na rialacha sin faoin 3 Meitheamh 2012.

3. Agus forbairtí sa mhargadh agus an taithí atá faighte le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme á gcur san áireamh, go háirithe na forbairtí agus an taithí a sainaithníodh tríd an malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13 agus an tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 20(3), féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE maidir le tuilleadh critéar ábhartha um measúnú riosca a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun na critéir sin dá dtagraítear sa dara habairt de phointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo a fhorlíonadh d'fhonn éifeachtacht an chórais díchill chuí a áirithiú.

Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 15, in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 maidir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa mhír seo.

Airteagal 7

Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Faoin 3 Meitheamh 2011, déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil a chur in iúl don Choimisiún. Déanfaidh na Ballstáit aon athruithe ar ainmneacha nó ar sheoltaí na n-údarás inniúil a chur in iúl don Choimisiún.

2. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar an Idirlíon. Tabharfar an liosta cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 8

Eagraíochtaí faireacháin

1. Déanfaidh eagraíocht faireacháin:

(a) córas díchill chuí a chothabháil agus a mheasúnú go tráthrialta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 6 agus an ceart a dheonú d'oibreoirí chun é a úsáid;

(b) a fhíorú go bhfuil a córas díchill chuí á úsáid i gceart ag na hoibreoirí sin;

(c) an ghníomhaíocht chuí a dhéanamh i gcás ina mainneoidh oibreoir a córas díchill chuí a úsáid i gceart, lena n-áirítear fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla i gcás ina ndéanfaidh an t-oibreoir mainneachtain shuntasach nó mainneachtain arís agus arís eile.

2. Féadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar eagraíocht faireacháin má chomhlíonann sí na ceanglais seo a leanas:

(a) tá pearsantacht dhlítheanach aici agus tá sí bunaithe go dleathach laistigh den Aontas;

(b) tá saineolas iomchuí aici agus tá sé d'acmhainn aici na feidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú; agus

(c) áirithíonn sí nach bhfuil aon choimhlint leasa ann agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna.

3. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann, aitheantas mar eagraíocht faireacháin a thabhairt d'iarratasóir a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 2.

Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh chun aitheantas a thabhairt d'eagraíocht faireacháin a chur in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát go léir.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ag eatraimh rialta lena fhíorú go bhfuil na heagraíochtaí faireacháin a oibríonn laistigh de dhlínse na n-údarás inniúil ag leanúint de na feidhmeanna a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i mír 2. Féadfar seiceálacha a dhéanamh freisin nuair atá faisnéis ábhartha ina sheilbh ag údarás inniúil an Bhallstáit, lena n-áirítear ábhair inní a thagann ó thríú páirtithe agus a bhfuil bonn maith leo, nó nuair atá easnaimh braite aige sa chaoi a ndéanann oibreoirí an córas díchill chuí, arna bhunú ag eagraíocht faireacháin, a chur chun feidhme. Déanfar tuarascáil ar na seiceálacha a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE.

5. Má chinneann údarás inniúil nach bhfuil na feidhmeanna a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh a thuilleadh ag eagraíocht faireacháin nó nach gcomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos i mír 2 a thuilleadh, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill.

6. Déanfaidh an Coimisiún aitheantas eagraíochta faireacháin a tharraingt siar nuair a chinnfidh sé, go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear de bhun mhír 5, nach bhfuil na feidhmeanna a leagtar síos i mír 1 nó na ceanglais a leagtar síos i mír 2 á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an eagraíocht faireacháin. Sula ndéanfaidh an Coimisiún aitheantas eagraíochta faireacháin a tharraingt siar, cuirfidh sé na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas ina leith.

Maidir leis an gcinneadh chun aitheantas eagraíochta faireacháin a tharraingt siar déanfaidh an Coimisiún é a chur in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát go léir.

7. Chun forlíonadh a dhéanamh ar na rialacha nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí faireacháin agus maidir le haitheantas a tharraingt siar uathu agus, má éilíonn taithí amhlaidh, chun na rialacha sin a leasú, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE, agus áiríteoidh sé, ag an am céanna, go ndéantar an t-aitheantas a thabhairt agus an t-aitheantas a tharraingt siar ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach.

Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 15, in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 maidir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa mhír seo. Glacfar na gníomhartha sin faoin 3 Márta 2012.

8. Déanfar rialacha mionsonraithe a bhaineann le minicíocht agus cineál na seiceálacha dá dtagraítear i mír 4, ar rialacha iad atá riachtanach chun maoirseacht éifeachtach na n-eagraíochtaí faireacháin agus cur chun feidhme aonfhoirmeach na míre sin a áirithiú, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2). Glacfar na rialacha sin faoin 3 Meitheamh 2012.

Airteagal 9

Liosta na n-eagraíochtaí faireacháin

Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-eagraíochtaí faireacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, agus cuirfidh sé ar fáil ar a láithreán gréasáin é. Tabharfar an liosta cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 10

Seiceálacha ar oibreoirí

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha chun a fhíorú an gcomhlíonann oibreoirí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 agus in Airteagal 6.

2. Déanfar seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích i gcomhréir le plan a ndéanfar athbhreithniú air go tráthrialta agus úsáidfear cur chuige riosca-bhunaithe ina leith. De bhreis air sin, féadfar seiceálacha a dhéanamh nuair atá faisnéis ábhartha ina sheilbh ag údarás inniúil, lena n-áirítear faisnéis atá bunaithe ar ábhair inní ó thríú páirtithe maidir leis an gcaoi a bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibreoir, ar ábhair inní iad a bhfuil bonn maith leo.

3. Féadfar na nithe seo a leanas, *inter alia*, a áireamh sna seiceálacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) scrúdú ar an gcóras díchill chuí, lena n-áirítear measúnú riosca agus nósanna imeachta um maolú riosca;

(b) scrúdú ar dhoiciméid agus ar thaifid a léiríonn feidhmiú cuí an chórais díchill chuí agus na nósanna imeachta;

(c) seiceálacha ar an láthair, lena n-áirítear iniúchtaí allamuigh.

4. Tabharfaidh na hoibreoirí gach cúnamh is gá chun seoladh na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar áitreabh agus le tíolacadh doiciméad nó taifead.

5. Gan dochar d'Airteagal 19, i gcás ina mbraitear easnaimh, tar éis na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, féadfaidh na húdaráis inniúla fógra a eisiúint maidir leis na gníomhaíochtaí feabhais a bheidh le déanamh ag an oibreoir. De bhreis air sin, agus ag brath ar chineál na n-easnamh a bhraitear, féadfaidh na Ballstáit bearta eatramhacha láithreacha a dhéanamh, lena n-áirítear *inter alia*:

(a) an t-adhmad agus na táirgí adhmaid a urghabháil;

(b) toirmeasc a chur ar adhmad agus táirgí adhmaid a mhargú.

Airteagal 11

Taifead ar sheiceálacha

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla taifid ar na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a choinneáil, agus léireofar iontu, go háirithe, cineál agus torthaí na seiceálacha, chomh maith le haon fhógra faoi ghníomhaíochtaí feabhais arna eisiúint faoi Airteagal 10(5). Déanfar taifid ar gach seiceáil a choinneáil ar feadh cúig bliana ar a laghad.

2. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE.

*Airteagal 12***Comhoibriú**

1. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla le chéile, le húdaráis riaracháin tríú tíortha agus leis an gCoimisiún chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla faisnéis faoi easnaimh thromchúiseacha a bhraitear trí na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 8(4) agus in Airteagal 10(1) agus faisnéis faoi na cineálacha pionós arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 19 a mhalartú le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus leis an gCoimisiún.

*Airteagal 13***Cúnamh teicniúil, treoir agus malartú faisnéise**

1. Gan dochar d'oibleagáid na n-oibreoirí faoi Airteagal 4(2) dícheall cuí a fheidhmiú, féadfaidh Ballstáit, le cúnamh ón gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, agus staid na bhfiontar beag agus meánmhéide á cur san áireamh acu, cúnamh teicniúil agus cúnamh eile agus treoir a sholáthar do na hoibreoirí chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a éascú, go háirithe i dtaca le córas díchill chuí a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 6.

2. Féadfaidh Ballstáit, le cúnamh ón gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, malartú agus scaipeadh faisnéise ábhartha a éascú, ar faisnéis í faoi lománaíocht neamhdhleathach, go háirithe d'fhonn cabhrú le hoibreoirí measúnú a dhéanamh ar rioscaí de réir mar atá leagtha amach i bpointe (b) d'Airteagal 6(1), agus faoi dhea-chleachtais i dtaca le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

3. Déanfar an cúnamh a chur ar fáil ar shlí trína seachnófar dochar a dhéanamh do fhreagrachtaí na n-údarás inniúil agus trína gcaomhnófar neamhspleáchas na n-údarás sin le linn dóibh an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 14***Leasuithe ar an Iarscríbhinn**

Ar thaobh amháin, chun an taithí a fuarthas le linn an Rialacháin seo a chur chun feidhme, go háirithe an taithí a shainaithnítear tríd an tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 20(3) agus (4) agus tríd an malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13, agus ar an taobh eile, chun forbairtí maidir le saintréithe teicniúla, úsáideoirí deiridh agus próisis táirgthe adhmaid agus táirgí adhmaid a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE trí liosta na n-adhmad agus na dtáirgí adhmaid a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú agus a fhorlíonadh. Ní dhéanfar ualach díreireach a chur ar oibreoirí leis na gníomhartha sin.

Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 15, in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 maidir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear san Airteagal seo.

*Airteagal 15***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Maidir leis an gcumhacht chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 6(3), in Airteagal 8(7) agus in Airteagal 14, tugtar don Choimisiún í go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón 2 Deireadh Fómhair 2010. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis na cumhachtaí tarmligthe a ullmhú tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh thréimhse trí bliana tar éis an dáta a ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Déanfar tarmligeán na gcumhachtaí a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 16.

2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 a thugtar an cumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

*Airteagal 16***An tarmligeán a chúlghairm**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3), in Airteagal 8(7) agus in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth.

2. Féachfaidh an institiúid a bheidh tar éis tús a chur le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an ndéanfar tarmligeán cumhachtaí a chúlghairm le fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéantar an cinneadh críochnaitheach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm.

3. Maidir leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligeán na gcumhachtaí a shonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis láithreach nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 17***Agóidí in aghaidh gníomhartha tarmligthe**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh gnímh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an fhógra. Ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí eile.

2. Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse sin in éag, nach mbeidh agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle in aghaidh an ghnímh tharmligthe, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a bheidh luaite ann.

Féadfar an gníomh tarmlichte a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula rachaidh an tréimhse sin in éag, más rud é go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach bhfuil sé ar intinn acu agóid a dhéanamh in aghaidh an ghnímh tharmlichte.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in aghaidh gnímh tharmlichte, ní thiocfaidh an gníomh i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanfaidh agóid na cúiseanna le haghóid a dhéanamh in aghaidh an ghnímh tharmlichte.

Airteagal 18

An Coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT) arna bhunú faoi Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 cúnadh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

Airteagal 19

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

2. Ní mór go mbeidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus féadfar na nithe seo a leanas, *inter alia*, a áireamh iontu:

(a) fineálacha atá ar comhréir leis an damáiste comhshaoil, le luach an adhmaid nó na dtáirgí adhmaid lena mbaineann agus leis na cailteanais chánach agus an díobháil eacnamaíoch a bheidh mar thoradh ar an sárú agus déanfar leibhéal na bhfineálacha sin a ríomh ar shlí a chinnteoidh go ndéanfar na tairbhí eacnamaíocha a dhíorthaíonn ó na sárúithe tromchúiseacha a rinne siad a bhaint go héifeachtach díobh sin atá freagrach, ach sin gan dochar don cheart dlisteanach chun gairm a chleachtadh, agus déanfar leibhéal na bhfineálacha sin mar gheall ar shárúithe tromchúiseacha a dhéantar arís agus arís eile a mhéadú de réir a chéile;

(b) an t-adhmaid agus na táirgí adhmaid lena mbaineann a urghabháil;

(c) an t-údarú trádála a chur ar fionraí láithreach.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill i dtaobh aon leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 20

Tuairisciú

1. Faoi 30 Aibreán gach dara bliain tar éis 3 Márta 2013, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo le linn an dá bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

2. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil a bheidh le cur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dara bliain. Le linn an tuarascáil a ullmhú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le tabhairt i gcrích agus oibriú na VPAanna FLEGT, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005, agus i leith an méid a baineadh amach dá mbarr chun íoslaghda a dhéanamh ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach, agus ar tháirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin, a bheith ar an margadh inmheánach.

3. Faoi 3 Deireadh Fómhair 2015, agus gach sé bliana dá éis sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn tuarascálacha a tharraingeofar suas, agus ar bhonn na taithí a bheidh faighte, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, feidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo a athbhreithniú, lena n-áirítear éifeachtacht maidir le cosc a chur ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh. Breithneoidh sé go háirithe na hiarmhairtí riaracháin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chumhdach na dtáirgí. Féadfaidh tograí iomchuí le haghaidh reachtaíochta a bheith ag gabháil leis na tuarascálacha sin, más gá sin.

4. Maidir leis an gcéad cheann de na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 3, áireofar meastóireacht inti ar staid eacnamaíoch agus trádála reatha an Aontais a mhéid a bhaineann leis na táirgí a liostaítear faoi Chaibidil 49 den Ainmníocht Chomhcheangailte, agus aird ar leith á tabhairt ar iomaíochas na n-earnálacha ábhartha, chun go mbreithneofar an bhféadfaí iad a áireamh sa liosta d'adhmaid agus de tháirgí adhmaid atá leagtha amach san Iarscríbhinn atá ag gabháil leis an Rialachán seo.

Maidir leis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, áireofar inti freisin measúnú ar éifeachtacht an toirmisc ar adhmaid arna lománú go neamhdhleathach agus ar tháirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmaid den sórt sin a chur ar an margadh, de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 4(1), chomh maith le héifeachtacht na gcóras díchill chuí atá leagtha amach in Airteagal 6.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 3 Márta 2013. Beidh feidhm ag Airteagail 6(2), 7(1), 8(7) agus 8(8), áfach, amhail ón 2 Deireadh Fómhair 2010.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 20 Deireadh Fómhair 2010

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
O. CHASTEL

IARSCRÍBHINN

Adhmad agus táirgí adhmaid faoi mhar atá siad aicmithe san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ⁽¹⁾, a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo

- 4401 Connadh, ina spreotaí, ina smutáin, ina chipíní, ina bhrosna nó i bhfoirmeacha dá samhail; adhmad i sliseanna nó i gcáithníní; min sáibh agus fuíolladhmad agus dramhadhmad, bíodh nó ná bíodh sé ceirteánaithe i bhfoirm spreotaí, bricíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail
- 4403 Adhmad neamhchóirithe, bíodh nó ná bíodh coirt nó sú-adhmad air nó bainte de, nó cearnaithe go garbh
- 4406 Trasnáin iarnróid nó trambhealaí (trascheangail) as adhmad
- 4407 Adhmad sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntaithe, de thiús is mó ná 6 mm
- 4408 Leatháin le haghaidh athchraicinn (lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmad lannaithe a shliseadh), le haghaidh sraithadhmaid nó le haghaidh adhmaid lannaithe chomhchosúil agus adhmaid eile, sáfa ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntaithe nó ceannsiúntaithe, de thiús nach mó ná 6 mm
- 4409 Adhmad (lena n-áirítear stiallacha agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitríthe, céimnithe, seaimféaráilte, V-shiúntaithe, feirbthe, múnlaíthe, maolaithe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá fhoircinn nó dá éadain, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntaithe
- 4410 Cáithnínchlár, clár sliseog treoshuite (OSB) agus clár den tsamhail sin (clár slisín, mar shampla), as adhmad nó as ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé ceirteánaithe le roisíní nó le táthshubstaintí orgánacha eile
- 4411 Clár snáithíneach adhmaid nó ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé nasctha le roisíní nó le substaintí orgánacha eile
- 4412 Sraithadhmaid, painéil a bhfuil athchraiceann curtha orthu agus adhmad lannaithe den chineál céanna
- 4413 00 00 Adhmad dlúthaithe, i mbloic, i bplátaí, i stiallacha nó i gcruthanna próifíle
- 4414 00 Frámaí adhmaid do phictiúir, do ghrianghraif, do scátháin nó d'earraí den chineál céanna
- 4415 Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumáí agus pacáistithe dá samhail, déanta as adhmad; drumáí cáblaí, déanta as adhmad; pailléid, pailléid i bhfoirm boscaí agus cláir ualaigh eile, déanta as adhmad; coiléir phailléid, déanta as adhmad
- (Nach ábhar pacála a úsáidtear go heisiatach mar ábhar pacála chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh a chosaint nó a iompar.)
- 4416 00 00 Cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus táirgí cúipeara eile agus codanna díobh, déanta as adhmad, lena n-áirítear na cláir
- 4418 Táirgí siúinéireachta agus cearpantóireachta, lena n-áirítear painéil cheallacha adhmaid, painéil chóimeáilte urláir, slinnite agus fabhtanna

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraise agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.).

- Laíon agus páipéar i gCaibidil 47 agus i gCaibidil 48 den Ainmníocht Chomhcheangailte, cé is moite de tháirgí atá déanta as bambú agus táirgí (fuioll agus dramh) aisghafa
 - 9403 30, 9403 40, 9403 50 00, 9403 60 agus 9403 90 30 Troscán adhmaid
 - 9406 00 20 Foirgnimh réamhdhéanta
-

RIALACHÁN (AE) Uimh. 996/2010 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**an 20 Deireadh Fómhair 2010****maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE****(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ba cheart leibhéal ard ginearálta sábháilteachta a áirithiú san eitlíocht sibhialta san Eoraip agus ba cheart gach iarracht a dhéanamh líon na dtionóiscí agus na dteagmhais a laghdú chun muinín an phobail as an aeriompar a áirithiú.
- (2) Trí imscrúduithe sábháilteachta a sheoladh gan mhoill ar thionóiscí agus ar theagmhais eitlíochta sibhialta, cuirtear feabhas ar shábháilteacht na heitlíochta agus tugtar cabhair maidir le tionóiscí agus teagmhais a chosc.
- (3) I dtaca le sábháilteacht aeir a fheabhsú, tá tábhacht bhunúsach ag baint le tuairisciú, le hanailísiú agus le scaipeadh cinntí maidir le teagmhais a bhaineann le sábháilteacht. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún

togra a thabhairt chun cinn, roimh an 31 Nollaig 2011, chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2003 maidir le tuairisciú tarluithe san eitlíocht sibhialta ⁽⁴⁾.

- (4) Ba cheart gurb é an t-aon chuspóir a bheadh le himscrúduithe sábháilteachta ná tionóiscí agus teagmhais sa todhchaí a chosc gan milleán ná dliteanas a chionroinnt.
- (5) Ba cheart an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ("Coinbhinsiún Chicago") a chur san áireamh, ar Coinbhinsiún é ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na mbeart is gá chun oibriú sábháilte aerárthaí a áirithiú. Ba cheart, go háirithe, larscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, mar aon leis na leasuithe iardain a rinneadh ar an larscríbhinn sin, a chur san áireamh, ar larscríbhinn í agus ar leasuithe iad lena leagtar síos na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta maidir le himscrúdú tionóiscí agus teagmhais aerárthaí, chomh maith le tuiscint na dtéarmaí Stát an Chláraithe, Stát an Oibreora, Stát an Deartha, Stát na Monaraíochta agus an Stát an Tarlaithe a úsáidtear ann.

- (6) De réir na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtais molta a leagtar amach in larscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, déanfar imscrúdú tionóiscí agus teagmhais tromchúiseach a sheoladh faoi fhreagracht an Stáit inar tharla an tionóisc nó an teagmhais tromchúiseach, nó faoi fhreagracht Stát an Chláraithe nuair nach féidir a shuíomh go cinnte go bhfuil láthair na tionóisce nó láthair an teagmhais thromchúisigh i gcríoch aon Bhallstáit. Féadfaidh Stát cúram imscrúdaithe a tharmligean chuig Stát eile nó cúnamh a iarraidh ar Stát eile. Ba cheart imscrúduithe sábháilteachta san Aontas a sheoladh ar dhóigh atá comhchosúil leis sin.
- (7) Ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh as cur chun feidhme Threoir 94/56/CE ón gComhairle an 21 Samhain 1994 lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta ⁽⁵⁾ a úsáid chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht i ndáil le himscrúdú agus cosc tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta san Aontas.

⁽¹⁾ Tuairim an 27 Bealtaine 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ IO C 132, 21.5.2010, lch. 1.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2010.

⁽⁴⁾ IO L 167, 4.7.2003, lch. 23.

⁽⁵⁾ IO L 319, 12.12.1994, lch. 14.

- (8) Ba cheart na hathruithe ar an gcreat institiúideach agus rialála lena rialáítear sábháilteacht na heitlíochta sibhialta san Aontas a chur san áireamh, ar athruithe iad a tharla ón tráth a glacadh Treoir 94/56/CE, go háirithe bunú Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ("EASA"). Ba cheart gné an Aontais sna moltaí sábháilteachta a chur san áireamh freisin ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar rialáil sábháilteachta eitlíochta ar leibhéal an Aontais.
- (9) Déanann EASA feidhmeanna agus cúraimí Stát an Deartha, Stát na Monaraíochta agus Stát an Chláraithe a chur i gcrích thar ceann na mBallstát nuair a bhaineann na feidhmeanna agus na cúraimí sin le dearadh a fhormheas, de réir mar a shonraítear i gCoinbhinsiún Chicago agus sna hlarscríbhinní a ghabhann leis. Ba cheart, dá bhrí sin, a iarraidh ar EASA, i gcomhréir le hlarscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, a bheith rannpháirteach le linn imscrúdaithe sábháilteachta chun rannchuidiú a thabhairt, laistigh de raon feidhme a inniúlachta, maidir le héifeachtúlacht an imscrúdaithe agus chun an tsábháilteacht i ndearadh aerárthaí a áirithiú, gan difear a dhéanamh do stádas neamhspleách an imscrúdaithe. Ba cheart a iarraidh ar na húdaráis náisiúnta eitlíochta sibhialta a bheith rannpháirteach sa tslí chéanna sna himscrúduithe sábháilteachta.
- (10) I bhfianaise a gcuid freagrachtaí sábháilteachta, ba cheart rochtain a bheith ag daoine a bheidh ainmnithe ag EASA agus ag na húdaráis náisiúnta eitlíochta sibhialta ar an bhfaisnéis atá ábhartha maidir le héifeachtacht na riachtanas sábháilteachta a mheasúnú.
- (11) Chun gur fearr a dhéanfar tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a chosc, ba cheart do EASA, i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, a bheith rannpháirteach freisin i malartú agus in anailísiú faisnéise faoi chuimsiú na gcóras tuairiscithe tarluithe i gcomhréir le Treoir 2003/42/CE, agus aon choimhlint leasa á seachaint acu. Ba cheart an fhaisnéis sin a chosaint go leordhóthanach ar úsáid neamhúdaráithe nó ar nochtadh neamhúdaráithe.
- (12) Aithnítear go bhféadfadh rannpháirtíocht EASA agus rannpháirtíocht údaráis inniúla na mBallstát i malartú agus in anailísiú faisnéise a chumhdaítear faoi Threoir 2003/42/CE a bheith chun tairbhe d'imscrúduithe sábháilteachta trí rochtain ar-líne ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le sábháilteacht agus atá sa taisclann lárnach faisnéise ar tharluithe san eitlíocht shibhialta.
- (13) Ba cheart raon feidhme na n-imscrúduithe sábháilteachta a bheith ag brath ar na ceachtanna is féidir a fhoghlaim uathu maidir le sábháilteacht na heitlíochta a fheabhsú, agus, go háirithe, an gá atá le húsáid chostéifeachtúil acmhainní imscrúdúcháin san Aontas á chur san áireamh.
- (14) Ba cheart d'údarás neamhspleách um imscrúdú sábháilteachta an t-imscrúdú sábháilteachta a dhéanamh ar thionóiscí agus ar theagmhais, nó ba cheart é a dhéanamh faoi rialú údaráis den sórt sin, chun aon choimhlint leasa a sheachaint nó aon chur isteach seachtrach féideartha a sheachaint maidir le cinneadh chúiseanna na dtarluithe atá á n-imscrúdú.
- (15) Tá ról lárnach ag na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta i bpróiseas an imscrúdaithe sábháilteachta. Tá a gcuid oibre fíorthábhachtach maidir le cúiseanna tionóisce nó teagmhais a chinneadh. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin go bhféadfaidís a gcuid imscrúduithe a dhéanamh go hiomlán neamhspleách agus, freisin, go mbeadh na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní daonna acu atá ag teastáil chun imscrúduithe éifeachtacha éifeachtúla a dhéanamh.
- (16) Ba cheart cumas údaráis na mBallstát um imscrúdú sábháilteachta a neartú agus ba cheart comhar eatarthu a áirithiú chun éifeachtúlacht an imscrúdaithe a fheabhsú agus chun tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta san Aontas a chosc.
- (17) Ba cheart ról comhordúcháin na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta a aithint agus a athneartú i gcomhthéacs Eorpach, chun fíor-bhreislúach i sábháilteacht eitlíochta a ghiniúint, trí fhorbairt a dhéanamh ar an gcomhar atá ann cheana idir údaráis den sórt sin agus na hacmhainní imscrúdúcháin atá ar fáil sna Ballstáit agus is ceart na hacmhainní sin a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla. Is é an bealach is fearr ina bhféadfaí an t-aitheantas agus an t-athneartú sin a bhaint amach ná trí Ghréasán Eorpach na nÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta san Eitlíocht Shibhialta ("an Gréasán") a ndéanfaí a ról agus a chúraimí a shainiú go soiléir.
- (18) Ba cheart don Ghréasán dul i mbun a ghníomhaíochtaí comhordúcháin ar bhealach trédhearcach neamhspleách agus ba cheart don Aontas tacú leis go gníomhach.
- (19) Féadfar cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhealach níos fearr trí chomhar le tríú tíortha, a bhféadfaí ligean dóibh a bheith rannpháirteach, mar bhreathnadóirí, in obair an Ghréasáin.
- (20) Ós rud é go bhfuil sé fíor-riachtanach cearta soiléire a áirithiú le haghaidh imscrúduithe sábháilteachta, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm maidir le cumhachtaí na n-údarás atá freagrach as imscrúduithe breithiúnacha agus, i gcás inarb iomchuí, i ndlúthchomhar leis na húdaráis sin, a áirithiú go ligfeadh do na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta a gcúraimí a chur i gcrích sna dálaí is fearr is féidir, chun leas sábháilteachta eitlíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí rochtain láithreach gan aon srian do na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta ar láthair na tionóisce agus ba cheart na heilimintí uile atá riachtanach chun riachtanais imscrúdaithe sábháilteachta a chomhlíonadh a chur ar fáil dóibh gan bhaint de chuspóirí imscrúdaithe bhreithiúnaigh.

- (21) Níl imscrúdú éifeachtach sábháilteachta indéanta ach amháin má chaomhnaítear na píosáí tábhachtacha fianaise.
- (22) Tá córas sábháilteachta na heitlíochta sibhialta bunaithe ar aiseolas agus ar na ceachtanna a fhoghlaimítear ó thionóiscí agus ó theagmhais agus is gá rialacha maidir le rúndacht a chur i bhfeidhm go dian chun a áirithiú go mbeidh fáil ar acmhainní luachmhara faisnéise amach anseo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart faisnéis íogair sábháilteachta a chosaint ar dhóigh iomchuí.
- (23) Tagann roinnt leasanna poiblí éagsúla chun cinn de bharr tionóisce, amhail tionóiscí a chosc amach anseo agus riaradh cuí ceartais. Téann na leasanna sin thar leasanna aonair na bpáirtithe lena mbaineann agus thar an tarlú sonrach. Is gá cothromaíocht cheart a bheith ann i measc na leasanna uile chun an leas poiblí foriomlán a ráthú.
- (24) Ba cheart don chóras eitlíochta sibhialta timpeallacht neamhphionósach a chur chun cinn freisin, ar timpeallacht í trína n-éascófaí tuairisciú spontáineach tarluithe agus, ar an dóigh sin, trína ndéanfaí prionsabail an “chultúr chóir” a chur ar aghaidh.
- (25) Níor cheart an fhaisnéis a sholáthraíonn duine faoi chuimsiú imscrúdaithe sábháilteachta a úsáid i gcoinne an duine sin, agus prionsabail bhunreachtúla agus an dlí náisiúnta á n-urramú ina n-iomláine.
- (26) Ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit teorainn a chur leis na cásanna ina bhféadfaí cinneadh a dhéanamh maidir le nochtadh faisnéise a fuarthas le linn imscrúdaithe sábháilteachta, gan difear a dhéanamh d’fheidhmiú rianúil an chórais bhreithiúnaigh.
- (27) Tá sé tábhachtach, ar mhaithe le tionóiscí agus le teagmhais a chosc, go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear go háirithe tuarascálacha agus moltaí sábháilteachta a éiríonn as imscrúduithe sábháilteachta, a chur in iúl laistigh den achar ama is giorra is féidir.
- (28) Ba cheart go ndéanadh an t-údarás inniúil na moltaí sábháilteachta a eascraíonn as imscrúdú tionóisce nó teagmhais thromchúisigh nó as foinsí eile, amhail staidéir sábháilteachta, a bhreithniú i gcónaí agus, de réir mar is iomchuí, ba cheart gníomhú ina leith chun a áirithiú go ndéanfar tionóiscí agus teagmhais san eitlíocht shibhialta a chosc go leordhóthanach.
- (29) Ba cheart dul chun cinn maidir le taighde faoi rianú fíor-ama aerárthaí agus faoin bhféidearthacht go mbeidh rochtain ar fhaisnéis ó thaifeadán eitle gan an taifeadán eitle a bheith ann go fisiciúil a spreagadh d’fhonn feabhas a chur ar na huirlisí atá ar fáil d’imscrúdaitheoirí chun na cúiseanna atá le tionóiscí a chinneadh agus d’fhonn feabhas a chur ar an gcumas chun teagmhais athfhillteacha a chosc. Ba chéim thábhachtach chun cinn iad i sábháilteacht eitlíochta forbairtí den sórt sin.
- (30) Is léir ó thaithí go bhfuil sé deacair uaireanta liostaí iontaofa de na daoine atá ar bord aerárthaigh a fháil go tapa ach go bhfuil sé tábhachtach freisin go ndéanfar teorainn ama a leagan síos agus gur féidir a cheangal ar aerlíne liosta den sórt seo a thabhairt ar aird laistigh den teorainn ama sin. Ina theannta sin, ba cheart na sonraí atá ar na liostaí sin a chosaint ar úsáid neamhúdaraíthe nó ar nochtadh neamhúdaraíthe. Ar an dóigh chéanna, tá sé riachtanach go mbeidh fáil ar fhaisnéis faoi earraí contúirteacha ar bord aerárthaigh a mbaineann tionóisc de, d’fhonn rioscaí d’imscrúdaitheoirí sábháilteachta ar láthair an teagmhais a íoslaghdú.
- (31) I ndiaidh tionóisce aeir, ní furasta an duine teagmhála iomchuí a shainaithint go pras chun gur féidir an duine sin a chur ar an eolas maidir le paisinéir a bheith ar bord. Ba cheart, dá bhrí sin, deis a thabhairt do phaisinéirí duine teagmhála a ainmniú.
- (32) Ba cheart cúnamh d’íospartaigh tionóiscí aeir agus dá ngaolta a shonrú go leormhaith.
- (33) Tá fíorthábhacht ag baint leis an gcaoi a ndéileálann Ballstáit agus aerlínte le tionóisc agus le hiarmhairtí tionóisce. I dtaca leis sin, ba cheart go mbeadh plean éigeandála ag Ballstáit lena ndéantar foráil, go háirithe, maidir le seirbhísí éigeandála aerfoirt agus maidir le cúnamh d’íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta. Ba cheart go mbeadh plean ag aerlínte freisin chun chúnamh a thabhairt d’íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le híospartaigh, lena ngaolta agus leis na cumainn a bhaineann leo agus ar theagmháil a dhéanamh leo.
- (34) Ba cheart na rialacha ar rochtain ar shonraí, ar phróiseáil sonraí agus ar chosaint daoine aonair a leagtar síos i ngníomhartha dlíthiúla ábhartha an Aontais a urramú go hiomlán le linn an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
- (35) Go háirithe, ba cheart go bhféadfaí, trí phionóis a ghearradh, smachtbhanna a chur ar aon duine a dhéanann faisnéis a chosnaítear leis an Rialachán seo a scaoileadh de sháru ar an Rialachán seo; a chuireann bac ar ghníomhartha údarais um imscrúdú sábháilteachta trí chosc a chur ar na himscrúdaitheoirí a ndualgais a chur i gcrích nó trí dhiúltú taifeadtaí, faisnéis shuntasach agus doiciméid atá úsáideach a sholáthar nó trí na nithe sin a chur i bhfolach, a athrú nó a scriosadh; nó, i gcás eolas a bheith aige gur tharla tionóisc nó teagmhas tromchúiseach, nach gcuireann na húdaráis ábhartha ar an eolas faoin méid sin.

- (36) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchoiteanna a bhunú i réimse an imscrúdaithe sábháilteachta eitleochta sibhialta, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge uile-Eorpach agus a iarmhairtí uile-Eorpacha, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (37) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 94/56/CE a aisghairm.
- (38) Gabhfaidh Ráiteas na nAirí maidir le hAerfort Ghiobrálta, a comhaontaíodh in Córdoba an 18 Meán Fómhair 2006 ag chéad chruinniú Aireachta an Fhóiraim Agallaimh maidir le Giobrálta, ionad an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le hAerfort Ghiobrálta a rinneadh i Londain an 2 Nollaig 1987, agus measfar gurb ionann comhlíonadh iomlán an Ráitis sin agus comhlíonadh Dhearbhú 1987.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Is é is aidhm don Rialachán seo sábháilteacht eitleochta a fheabhsú trí leibhéal ard éifeachtúlachta, fóirteanachta agus cáilíochta a áirithiú in imscrúduithe sábháilteachta san eitleocht shibhialta san Eoraip agus arb é atá mar cuspóir aonair acu tionóiscí agus teagmhais amach anseo a chosc gan milleán nó dliteanas a chionroinnt, lena n-áirítear trí Ghréasán Eorpach na nÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta san Eitleocht Shibhialta a bhunú. Déantar foráil leis freisin maidir le rialacha a bhaineann le faisnéis a bheith ar fáil go tráthúil i ndáil le gach duine agus le gach earra contúirteach ar bord aerárthaigh a mbaineann tionóisc dó. Is é is aidhm leis freisin feabhas a chur ar an gcúnamh a thugtar d'íospartaigh tionóiscí aeir agus dá ngaolta.

2. Tuigtear nach ndéanfaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i leith aerfort Ghiobrálta dochar do sheasaimh dhlíthiúla Ríocht na Spáinne ná Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoi seach maidir leis an díospóid faoi cheannasacht ar an gcríoch ina bhfuil an t-aerfort sin suite.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “tionóisc” tarlú a bhaineann le hoibriocht aerárthaigh, ar tarlú é, i gcás aerárthaigh fhoireannaithe, a tharlaíonn idir an t-am a théann aon duine ar bord an

aerárthaigh a bheartaítear a eitilt agus an t-am a bheidh gach duine tar éis tuirlingt de, nó i gcás aerárthaigh neamhfhoireannaithe, a tharlaíonn idir an t-am atá an t-aerárthach réidh chun gluaiseacht chun críche eitilte agus an t-am a stopann sé ag deireadh na heitilte agus a mhúchtar an príomhchóras tiomána, agus ar tarlú é:

- (a) ina ndíobháiltear duine go marfach nó go tromchúiseach mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

— é a bheith san aerárthach,

— teagmháil dhíreach a dhéanamh le haon chuid den aerárthach, lena n-áirítear codanna atá tar éis titim den aerárthach, nó

— teacht go díreach faoi lé scairdsoinneán,

seachas nuair is é is cúis leis an díobháil ná cúiseanna nádúrtha, féinghortú nó gortú ag daoine eile, nó nuair a bhaineann an díobháil d'fholachánaithe atá i bhfolach lasmuigh de na limistéir atá ar fáil do na paisinéirí nó don chriú de ghnáth;

- (b) ina dtarlaíonn damáiste nó cliseadh déanmhais don aerárthach, ar damáiste nó cliseadh é a bhfuil drochthionchar acu ar neart déanmhais, ar fheidhmíocht nó ar shaintréithe eitilte an aerárthaigh agus a mbeadh mórdheisiú nó athsholáthar na comhpháirte lena mbaineann ag teastáil ina leith go hiondúil, cé is moite de chliseadh an innill nó damáiste don inneall nuair atá an damáiste teoranta d'aon inneall amháin (lena n-áirítear a chochaill nó a ghabhálaí), do liáin, do reanna sciatháin, d'aintéiní, do thóireadóirí, d'eití, do bhoinn, do choscáin, do rothaí, do shlímithe, do phainéil, do dhoirse na gcos tuirlingthe, do ghaothscáthanna, do chraiceann an aerárthaigh (amhail loig bheaga nó poill) nó do mhiondamáiste do phríomhlanna rótaí, do lanna rótaí dheiridh, do chosa tuirlingthe, agus do dhamáiste mar thoradh ar chlocha sneachta nó ar imbhualladh éin (lena n-áirítear poill sa chón radair); nó

- (c) ina bhfuil an t-aerárthach ar iarraidh nó nach bhfuil rochtain air in aon chor;

- (2) ciallaíonn “ionadaí creidiúnaithe” duine a ainmníonn Stát, ar bhonn a cháilíochtaí nó a cáilíochtaí, chun páirt a ghlacadh in imscrúdú sábháilteachta arna sheoladh ag Stát eile. Beidh ionadaí creidiúnaithe a bheidh ainmnithe ag Ballstát ina chomhalta d'údarás um imscrúdú sábháilteachta;

- (3) ciallaíonn “comhairleoir” duine a cheapann Stát, ar bhonn a cháilíochtaí, chun cabhrú lena ionadaí creidiúnaithe le linn imscrúdaithe sábháilteachta;

- (4) ciallaíonn “cúiseanna” gníomhaíochtaí, easnaimh, imeachtaí, dálaí nó meascán díobh sin, ar nithe iad as ar lean an tionóisc nó an teagmhas; ní hintuigthe as na cúiseanna a shainaithint agus milleán a shannadh ná dliteanas riaracháin, sibhialta nó coiriúil a chinneadh;
- (5) ciallaíonn “díobháil mharfach” díobháil a bhaineann do dhuine i dtionóisc agus gur trúig báis dó nó di í laistigh de 30 lá ó dháta na tionóisce;
- (6) ciallaíonn “taifeadán eitilte” aon chineál taifeadáin atá suiteáilte san aerárthach chun imscrúduithe sábháilteachta ar thionóiscí nó ar theagmhais a éascú;
- (7) ciallaíonn “teagmhas” tarlú, seachas timpiste, ar tarlú é a bhaineann le hoibriú aerárthaigh agus a dhéanann difear, nó a d’fhéadfadh difear a dhéanamh, do shábháilteacht na hoibríochta;
- (8) ciallaíonn “caighdeán idirnáisiúnta agus cleachtais mholta” caighdeán idirnáisiúnta agus cleachtais mholta maidir le tionóiscí agus teagmhais aerárthaí a imscrúdú arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Choinbhinsiún Chicago;
- (9) ciallaíonn “imscrúdaitheoir i gceannas” duine atá freagrach, ar bhonn a cháilíochtaí, as imscrúdú sábháilteachta a eagrú, a sheoladh agus a rialú;
- (10) ciallaíonn “oibreoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach, a oibríonn aerárthach amháin nó níos mó nó a bheartaíonn aerárthach amháin nó níos mó a oibriú;
- (11) ciallaíonn “duine lena mbaineann” an t-úinéir, duine den chriú, oibreoir an aerárthaigh ar bhain tionóisc nó teagmhas tromchúiseach dó; aon duine a bhfuil baint aige le cothabháil, le dearadh, nó le monarú an aerárthaigh sin nó le hoiliúint a chur ar a chriú; aon duine a bhfuil baint aige le rialú aerthrachta a sholáthar, le faisnéis eitilte nó le seirbhísí aeradróim a sholáthar agus ar duine é nó í a sholáthair seirbhísí don aerárthach; foireann an údaráis náisiúnta um eitlíocht shibhialta; foireann EASA;
- (12) ciallaíonn “réamhthuarascáil” an chumarsáid a úsáidtear chun sonraí a fhaightear le linn luathchéimeanna an imscrúdaithe a scaipeadh go pras;
- (13) ciallaíonn “gaolta” an neasteaghlach agus/nó neasghaol agus/nó duine eile a bhfuil dlúthbhaint aige le híospartach tionóisce, de réir mar a shainmhínítear faoi dhlí náisiúnta an íospartaigh;
- (14) ciallaíonn “imscrúdú sábháilteachta” próiseas a sheolann údarás um imscrúdú sábháilteachta chun tionóiscí agus teagmhais a chosc, lena n-áirítear faisnéis a bhailiú agus a anailísiú, teacht ar thátail, lena n-áirítear an chúis nó na cúiseanna agus/nó na fachtóirí rannchuiditheacha a chinneadh agus, nuair is iomchuí, moltaí sábháilteachta a dhéanamh;
- (15) ciallaíonn “moladh sábháilteachta” moladh ó údarás um imscrúdú sábháilteachta, agus é bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear mar thoradh ar imscrúdú sábháilteachta nó ar fhoinsí eile amhail staidéir shábháilteachta, arna ndéanamh le hintinn tionóiscí agus teagmhais a chosc;
- (16) ciallaíonn “teagmhas tromchúiseach” teagmhas atá bainteach le hoibriú aerárthaigh agus ar léir ina thaobh, mar gheall ar na himthosca a bhain leis, go raibh dóchúlacht ard tionóisce ann, más rud é, i gcás aerárthaigh fhoireannaithe, go dtarlaíonn an t-oibriú sin idir an t-am a théann aon duine ar bord an aerárthaigh a bheartaítear a eitilt go dtí an t-am a dtuirlingíonn gach duine den sórt sin, nó i gcás aerárthaigh neamhfhoireannaithe, go dtarlaíonn an t-oibriú sin idir an t-am atá an t-aerárthach réidh chun gluaiseacht i gcomhair eitilte agus an t-am a stopann sé ag deireadh na heitilte agus a mhúchtar an príomh-chóras tiomána. Tá liosta samplaí de theagmhais thromchúiseacha leagtha amach san Iarscríbhinn;
- (17) ciallaíonn “díobháil thromchúiseach” díobháil a bhaineann do dhuine i dtionóisc agus as a leanann ceann amháin de na nithe seo a leanas:
- (a) ospidéalú ar feadh níos mó ná 48 n-uaire an chloig agus tús na tréimhse sin a bheith laistigh de sheacht lá ón dáta ar bhain an díobháil don duine;
- (b) briseadh aon chnámhe (seachas bristeacha simplí sna méara, sna méara coise nó sa tsrón);
- (c) stolltaí atá ina gcúis le fuiliú trom nó le damáiste do na néaróga, do na matáin nó do na teannáin;
- (d) díobháil ar orgán inmheánach;
- (e) ball dóite den dara grád nó den tríú grád, nó aon dó ar níos mó ná 5 % de dhromchla na colainne;

- (f) teacht faoi lé substaintí ionfhabhtaíocha nó radaíochta dochraí, agus fíorú ann ina leith sin.

Airteagal 3

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le himscrúduithe sábháilteachta ar thionóiscí agus ar theagmhais thromchúiseacha, ar imscrúduithe iad:

- (a) a tharla i gcríocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát;
- (b) a bhaineann le haerárthach atá cláraithe i mBallstát nó atá á oibriú ag gnóthas atá bunaithe i mBallstát, agus a tharla lasmuigh de chríocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, nuair nach Stát eile a sheolann na himscrúduithe sin;
- (c) ar ina leith atá Ballstát i dteideal, de réir caighdeán idirnáisiúnta agus cleachtas molta, ionadaí creidiúnaithe a cheapadh chun bheith rannpháirteach mar Stát an Chláraithe, Stát an Oibreora, Stát an Deartha, Stát na Monaraíochta nó mar Stát a sholáthraíonn faisnéis, saoráidí nó saineolaithe, ar iarraidh sin ag an Stát a bhfuil an t-imscrúdú á sheoladh aige;
- (d) ar ina leith a cheadaíonn an Stát a bhfuil an t-imscrúdú á sheoladh aici do Bhallstát, a bhfuil leas speisialta aige de bhua bhás a shaoránach nó díobhála tromchúisí dá shaoránaigh, saineolaí a cheapadh.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le saincheistean a bhaineann le faisnéis a bheith ar fáil go tráthúil faoi ghach duine agus faoi earraí contúirteacha ar bord aerárthaigh a mbaineann tionóisc nó teagmhas tromchúiseach dó agus maidir leis an gcúnamh atá ann d'íospartaigh tionóiscí aeir agus dá ngaolta.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le himscrúduithe sábháilteachta i ndáil le tionóiscí agus teagmhais thromchúiseacha lena mbaineann aerárthach atá ag gabháil do sheirbhísí míleata, do sheirbhísí custaim, do sheirbhísí póilín-eachta nó do sheirbhísí atá comhchosúil leo sin, ach amháin nuair a chinneadh an Ballstát lena mbaineann amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

Airteagal 4

Údarás um Imscrúdú Sábháilteachta san Eitlíocht Shibhialta

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh údarás buan náisiúnta um imscrúdú sábháilteachta san eitlíocht shibhialta ("údarás um imscrúdú sábháilteachta"), imscrúduithe sábháilteachta a sheoladh nó a mhaoirsiú, gan cur isteach seachtrach, agus beidh an t-údarás sin ábalta imscrúdú sábháilteachta iomlán a dhéanamh go neamhspleách, ar a chonlán féin nó trí chomhaontuithe le húdaráis eile um imscrúdú sábháilteachta.

2. Feidhmeoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta go neamhspleách agus beidh sé neamhspleách go háirithe ar na húdaráis eitlíochta atá freagrach as aeracmhainneacht, as deimhniúchán, as oibriú eitiltí, as cothabháil, as ceadúnú, as rialú aerthrachta nó as oibriú aeradróm agus, i gcoitinne, beidh sé neamhspleách ar aon pháirtí nó eintiteas eile a bhféadfadh a leasanna nó a misin a bheith i gcoimhlínt leis an gcúram a thugtar don údarás um imscrúdú sábháilteachta nó tionchar a imirt ar a oibiachtúlacht.

3. Ní iarraidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, le linn an t-imscrúdú sábháilteachta a sheoladh, teagaisc ó aon duine ná ní ghlacfaidh sé teagaisc ó aon duine agus beidh údarás neamhsbhrianta aige maidir le seoladh na n-imscrúduithe sábháilteachta.

4. Féadfadh na gníomhaíochtaí a thugtar mar chúram don údarás um imscrúdú sábháilteachta a leathnú chuig bailiú agus anailísíú faisnéise a bhaineann le sábháilteacht eitlíochta, go háirithe chun críocha coiscithe tionóiscí, a mhéid nach ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear do neamhspleáchas an údaráis agus nach ngabhann freagracht leo ó thaobh nithe a bhaineann le rialáil, riarachán nó caighdeán.

5. Chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis an leibhéal ginearálta sábháilteachta eitlíochta, déanfar athbhreithniú sábháilteachta bliantúil a fhoilsiú ar leibhéal náisiúnta. San anailís sin, ní nochtfar foinsí faisnéise rúnda.

6. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na modhanna atá ag teastáil maidir le freagrachtaí an údaráis um imscrúdú sábháilteachta a chomhlíonadh go neamhspleách a thabhairt don údarás um imscrúdú sábháilteachta agus beidh sé in ann acmhainní leormhaithe a fháil chun déanamh amhlaidh. Go háirithe:

- (a) maidir le ceann an údaráis um imscrúdú sábháilteachta agus/nó i gcás údaráis ilmhódaigh, maidir le ceann a bhraíne eitlíochta, beidh an taithí agus an cumas maidir le sábháilteacht eitlíochta sibhialta aige nó aici chun a chúraimí nó a cúraimí a chomhall i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis an dlí náisiúnta;
- (b) tabharfar stádas do na himscrúdaitheoirí a fhágfaidh go mbeidh na ráthaíochtaí riachtanacha acu maidir le neamhspleáchas;
- (c) is é a bheidh san údarás um imscrúdú sábháilteachta ná imscrúdaitheoir amháin ar a laghad a bheidh ar fáil agus a bheidh in ann feidhm an imscrúdaitheora i gceannas a chomhlíonadh má tharlaíonn mórtionóisc aeir;
- (d) cionroinnfear buiséad ar an údarás um imscrúdú sábháilteachta agus beidh an buiséad sin de chineál a chuireann ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh;

(e) beidh fáil ag an údarás um imscrúdú sábháilteachta, go díreach nó tríd an gcomhar dá dtagraítear in Airteagal 6, nó trí shocrúithe le húdaráis náisiúnta eile, ar phearsanra cáilithe agus ar shaoráidí leordhóthanacha, lena n-áirítear oifigí agus haingir, chun go bhféadfadh an t-aerárthach, nithe a bhí ann agus a raic a stóráil agus a scrúdú;

Airteagal 5

An oibleagáid imscrúdú a dhéanamh

1. Beidh gach tionóisc nó gach teagmhas tromchúiseach a bhaineann d'aerárthach seachas na haerárthaí a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008, maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa⁽¹⁾, faoi réir imscrúdaithe sábháilteachta sa Bhallstát ar ina chríoch a tharla an tionóisc nó an teagmhas.

2. Nuair a bhaineann tionóisc nó teagmhas tromchúiseach d'aerárthach atá cláraithe i mBallstát, seachas aerárthaí a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, agus nach féidir a shuíomh go críochnúil go bhfuil láthair na tionóisce nó láthair an teagmhais thromchúisigh i gcríoch aon Bhallstáit, is é údarás imscrúdaithe sábháilteachta Bhallstát an Chláraithe a dhéanfaidh imscrúdú sábháilteachta.

3. Cinnfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta raon feidhme na n-imscrúduithe dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 4 agus an nós imeachta a bheidh le leanúint le linn na himscrúduithe sábháilteachta sin a dhéanamh, agus na ceachtanna a mbeidh sé ag súil a bhaint as na himscrúduithe sin á gcur san áireamh d'fhonn an tsábháilteacht eitlíochta a fheabhsú, agus d'aerárthaí a bhfuil mais uasta turghála acu atá níos lú ná 2 250 kg nó comhionann le 2 250 kg.

4. Féadfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta cinneadh a dhéanamh chun teagmhais seachas na teagmhais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a imscrúdú, mar aon le tionóiscí nó teagmhais thromchúiseacha a bhaineann do chineálacha eile aerárthaí, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, nuair a bheifear ag súil le ceachtanna sábháilteachta a bhaint astu.

5. Maidir leis na himscrúduithe sábháilteachta dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 4, ní bhainfidh siad in aon chor le milleán ná le dliteanas a chionroinnt. Beidh siad neamhspleách ar aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin chun milleán nó dliteanas a chionroinnt, beidh siad ar leithligh ó aon imeachtaí den sórt sin agus beidh siad gan dochar d'aon imeachtaí den sórt sin.

Airteagal 6

Comhar idir údaráis um imscrúdú sábháilteachta

1. Féadfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta ó Bhallstát amháin cúnamh a iarraidh ar údaráis um imscrúdú sábháil-

teachta ó Bhallstáit eile. Nuair a aontaíonn údarás um imscrúdú sábháilteachta cúnamh a sholáthar, arna iarraidh sin air, déanfar an cúnamh sin a sholáthar saor in aisce a mhéid is féidir.

2. Féadfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta seoladh imscrúdaithe ar thionóisc nó ar theagmhas tromchúiseach a tharmligean chuig údarás um imscrúdú sábháilteachta eile, de thoil a chéile, agus éascóidh sé próiseas imscrúdaithe an údaráis eile sin.

Airteagal 7

Gréasán Eorpach na nÚdarás um Imscrúdú Sábháilteachta san Eitlíocht Shibhialta

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid údarás um imscrúdú sábháilteachta Gréasán na nÚdarás um Imscrúdú Shábháilteachta san Eitlíocht Shibhialta ("an Gréasán") a bhunú, agus é comhdhéanta de cheann an údaráis um imscrúdú sábháilteachta i ngach Ballstát, nó a ionadaí, agus/nó, i gcás údaráis ilmhódaigh, ceann a bhraíne eitlíochta, nó a ionadaí nó a hionadaí, lena n-áirítear cathaoirleach a roghnófar as measc na gceann sin agus/nó na n-ionadaithe sin go ceann tréimhse trí bliana.

I ndlúthchomhar le comhaltaí an Ghréasáin, tarraingeoidh an cathaoirleach suas clár oibre bliantúil an Ghréasáin, lena gcomhlíonfar na cuspóirí agus lena bhfreastalófar ar na freagrachtaí a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3, faoi seach. Tarchuirfidh an Coimisiún an clár oibre chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Tarraingeoidh an cathaoirleach suas an clár oibre le haghaidh chruinnithe an Ghréasáin freisin.

2. Féachfaidh an Gréasán le cáilíocht imscrúduithe arna seoladh ag údaráis um imscrúdú sábháilteachta a fheabhsú tuilleadh agus lena neamhspleáchas a neartú tuilleadh. Go háirithe, spreagfaidh sé caighdeán arda maidir le modhanna imscrúdaithe agus oiliúint imscrúdaitheoirí.

3. D'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, beidh an Gréasán freagrach as na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) moltaí a ullmhú agus comhairle a thabhairt d'institiúidí an Aontais i ndáil le gach gné d'fhorbairt agus de chur chun feidhme beartas agus rialacha Aontais maidir le himscrúduithe sábháilteachta agus maidir le tionóiscí agus teagmhais a chosc;

(b) cur chun cinn a dhéanamh i leith pháirtíú na faisnéise atá úsáideach le haghaidh sábháilteacht eitlíochta a fheabhsú agus comhar struchtúrtha a chur chun cinn go gníomhach idir údaráis um imscrúdú sábháilteachta, an Coimisiún, EASA agus údaráis náisiúnta eitlíochta sibhialta;

⁽¹⁾ IO L 79, 19.3.2008, lch. 1.

(c) “athbhreithnithe piaraí”, gníomhaíochtaí oiliúna ábhartha agus cláir um fhorbairt scileanna do na himscrúdaitheoirí a chomhordú agus a eagrú, i gcás inarb iomchuí;

(d) na dea-chleachtais maidir le himscrúdú sábháilteachta a chur chun cinn d’fhonn modheolaíocht imscrúdaithe sábháilteachta Aontais chomhchoiteann a fhorbairt agus fardal de na dea-chleachtais sin a tharraingt suas;

(e) cumas imscrúdaithe na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta a neartú, go háirithe trí chreat do pháirtiú acmhainní a fhorbairt agus a bhainistiú;

(f) cúnamh iomchuí a sholáthar, ar iarraidh na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta chun Airteagal 6 a chur chun feidhme, lena n-áirítear liosta na n-imscrúdaitheoirí, an trealamh agus na n-inniúlachtaí atá ar fáil i mBallstáit eile agus a d’fhéadfadh an t-údarás a bhfuil an t-imscrúdú á sheoladh aige a úsáid, ach gan a bheith teoranta dó sin;

(g) rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis a bheidh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18, agus anailís a dhéanamh ar na moltaí sábháilteachta a bheidh ann d’fhonn moltaí sábháilteachta tábhachtacha a mbeidh ábharthacht uile-Aontais ag baint leo a shainaithint;

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ar bhonn tráthrialta faoi ghníomhaíochtaí an Ghréasáin. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin aon uair a chuirfidh an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh chuig an nGréasán.

5. Ní iarrfaidh comhaltaí an Ghréasáin teagaisc ó aon chomhlacht, ar teagaisc iad a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do stádas neamhspleách na n-imscrúduithe sábháilteachta, ná ní ghlacfaidh siad teagaisc den sórt sin.

6. Tabharfar cuireadh do EASA, de réir mar is iomchuí, chun freastal mar bhreathnadóir ar chruinnithe an Ghréasáin. Féadfaidh an Gréasán cuireadh a thabhairt freisin do bhreathnadóirí ó údarás imscrúdaithe sábháilteachta eile de chuid tríú tíortha agus do shaineolaithe ábhartha eile chun freastal ar a chuid cruinnithe.

7. Beidh dlúthcheangal ag an gCoimisiún le hobair an Ghréasáin agus gheobhaidh sé an tacaíocht riachtanach ón nGréasán maidir le gnéithe ábhartha a bhaineann le forbairt bheartas agus rialáil an Aontais i ndáil le himscrúdú agus cosc tionóiscí eitlíochta sibhialta. Déanfaidh an Coimisiún an tacaíocht riachtanach a sholáthar don Ghréasán, lena n-áirítear cúnamh maidir le hullmhú agus eagrú a chruinnithe, chomh maith le cúnamh maidir le foilsiú tuarascála bliantúla faoi ghníomhaíochtaí an Ghréasáin, ach gan a bheith teoranta dó sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Airteagal 8

Rannpháirtíocht EASA agus údarás eitlíochta sibhialta in imscrúduithe sábháilteachta

1. Déanfaidh na húdarás um imscrúdú sábháilteachta, ar choinníoll go sásaítear an ceanglas á rá nach mbeidh coimhlínt leasa ann, a iarraidh ar EASA agus ar údarás sibhialta eitlíochta na mBallstát lena mbaineann, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, ionadaí a cheapadh chun páirt a ghlacadh:

(a) mar chomhairleoir don imscrúdaitheoir i gceannas, in aon imscrúdú sábháilteachta faoi Airteagal 5(1) agus (2), a sheolfar i gcríoch Ballstáit nó in aon láthair dá dtagraítear in Airteagal 5(2) faoi rialú agus de rogha an imscrúdaitheora i gceannas;

(b) mar chomhairleoir a cheaptar faoin Rialachán seo chun cabhrú le hionadaí creidiúnaithe nó le hionadaithe creidiúnaithe na mBallstát in aon imscrúdú sábháilteachta a sheoltar i dtríú tír agus a n-iarrtar ar údarás um imscrúdú sábháilteachta ionadaí creidiúnaithe a ainmniú chuige, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le cleachtais mholta maidir le tionóiscí agus teagmhais aerárthaí a imscrúdú, faoi mhaoirseacht an ionadaí chreidiúnaithe.

2. Beidh na rannpháirtithe dá dtagraítear i mír 1 i dteideal an méid seo a leanas a dhéanamh, go háirithe:

(a) cuairt a thabhairt ar láthair na tionóisce agus an raic a scrúdú;

(b) moltaí a thabhairt maidir le hábhar na gceisteanna agus faisnéis a fháil ó fhinnéithe;

(c) cóipeanna de na doiciméid ábhartha uile a fháil agus faisnéis ábhartha fhíorasach a fháil;

(d) páirt a ghlacadh i léamh na meán taifeadta, cé is moite de thaifeadáin gutha nó taifeadáin íomhá ó chró an phiolóta;

(e) páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe nach imscrúduithe ar an láthair iad, amhail comhpháirteanna a scrúdú, a thástáil agus a ionsamhlú, faisnéisiú teicniúil agus cruinnithe maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe, ach amháin nuair a bhainfidh siad leis na cúiseanna a chinneadh nó le moltaí sábháilteachta a dhéanamh.

3. Tacóidh EASA agus na húdarás eitlíochta sibhialta leis an imscrúdú ina nglacfaidh siad páirt tríd an bhfaisnéis, trí na saineolaithe agus tríd an trealamh a iarrfar a sholáthar don údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas.

*Airteagal 9***An oibleagáid fógra a thabhairt faoi thionóiscí agus faoi theagmhais thromchúiseacha**

1. Déanfaidh aon duine lena mbaineann a bheith ar an eolas faoi thionóisc nó faoi theagmhas tromchúiseach atá tar éis tarlú fógra a thabhairt gan mhoill don údarás um imscrúdú sábháilteachta a bheith inniúil i mBallstát an Tarlaithé.

2. I gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na cleachtais mholta, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta fógra a thabhairt gan mhoill don Choimisiún, do EASA, don Eagraíocht um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), do na Ballstáit agus do na tríú tíortha lena mbaineann faoi ghach tionóiscí agus faoi ghach teagmhais tromchúiseacha a tharlaíonn agus a mbeidh fógra faighte aige ina dtaobh.

*Airteagal 10***Rannpháirtíocht na mBallstát in imscrúduithe sábháilteachta**

1. Tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile nó ó thríú tír á rá gur tharla tionóisc nó teagmhas tromchúiseach, déanfaidh na Ballstáit arb iad Stát an Chláraithe, Stát an Oibreora, Stát an Deartha agus Stát na Monaráíochta iad an Ballstát nó an tríú tír inar tharla an tionóisc nó an teagmhas tromchúiseach ina chríoch nó ina críoch a chur ar an eolas a luaithe is féidir i dtaobh an mbeartaíonn siad acu ionadaí creidiúnaithe a cheapadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta. I gcás ina gceapfar ionadaí creidiúnaithe den sórt sin, déanfar a ainm nó a hainm agus a chuid mionsonraí teagmhála nó a cuid mionsonraí teagmhála a sholáthar agus, chomh maith leis sin, más rud é go mbeartaíonn an t-ionadaí creidiúnaithe taisteal chuig an tír a thug an fógra, an dáta a measfar a shroichfidh sé an tír sin.

2. Maidir le hionadaithe creidiúnaithe do Stát an Deartha, is é údarás um imscrúdú sábháilteachta an Bhallstáit ina chríoch atá príomháit ghnó shealbhóir an deimhnithe do dhearadh cineáil an aerárthaigh nó an gléasra cumhachta suite a cheapfaidh iad.

*Airteagal 11***Stádas na n-imscrúdaitheoirí sábháilteachta**

1. Nuair a cheapfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta imscrúdaitheoir i gceannas, agus d'ainneoin aon fhiosrúcháin bhreithiúnaigh, beidh údarás ag an imscrúdaitheoir i gceannas na bearta riachtanacha a dhéanamh chun ceanglais an imscrúdaithe sábháilteachta a shásamh.

2. D'ainneoin aon oibleagáidí rúndachta faoi ghníomhartha dlíthiúla an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh an t-imscrúdaitheoir i gceannas i dteideal an méid seo go háirithe:

(a) rochtain neamhshrianta, gan bhac a fháil láithreach ar láthair na tionóisce nó an teagmhais thromchúisigh agus ar an aerárthach, ar a bhfuil ann nó ar a raic;

(b) a áirithiú go liostófar an fhianaise láithreach agus go dtabharfar smíodar nó comhpháirteanna chun bealaigh ar mhodh rialaithe chun críocha scrúdaithe nó anailíse;

(c) rochtain agus rialú a fháil láithreach ar na taifeadáin eitle, agus ar a bhfuil iontu, agus ar aon taifeadtaí ábhartha eile;

(d) a iarraidh go ndéanfar scrúdú iomlán iarbhaís ar choirp na ndaoine a ndearnadh díobháil mharfach dóibh, agus rannchuidiú leis an scrúdú sin, agus rochtain a fháil láithreach ar thóirthe na scrúduithe sin nó ar thóirthe tástálacha a dhéanfar ar shamplaí a thógfar;

(e) a iarraidh go ndéanfar scrúdú leighis ar na daoine a raibh baint acu le hoibriú an aerárthaigh nó a iarraidh go ndéanfar tástálacha ar shamplaí a thógfar ó na daoine sin agus rochtain a fháil láithreach ar thóirthe na scrúduithe nó na dtástálacha sin;

(f) glaoch ar fhinnéithe agus iad a cheistiú, agus a cheangal orthu faisnéis nó fianaise a bhaineann leis an imscrúdú sábháilteachta a sholáthar nó a thabhairt ar aird;

(g) saor-rochtain a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha nó ar aon taifid ábhartha atá ag an úinéir, ag sealbhóir an deimhnithe do dhearadh cineáil an aerárthaigh, ag an eagraíocht atá freagrach as cothabháil, ag an eagraíocht um oiliúint, ag oibreoir nó ag monaróir an aerárthaigh, ag na húdaráis atá freagrach as an eitlíocht shibhialta, ag EASA, agus ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó ag oibreoirí aeradróim.

3. Déanfaidh an t-imscrúdaitheoir i gceannas na teidlíochtaí a liostaítear i mír 2 a thabhairt dá shaineolaithe nó dá saineolaithe agus dá chomhairleoirí nó dá chomhairleoirí, agus, chomh maith leis sin, do na hionadaithe creidiúnaithe, dá saineolaithe siúd agus dá gcomhairleoirí siúd, a mhéid is gá sin chun a chumasú dóibh páirt éifeachtach a ghlacadh san imscrúdú sábháilteachta. Beidh na teidlíochtaí sin gan dochar do chearta na n-imscrúdaitheoirí agus na saineolaithe a ainmníodh an t-údarás atá i gceannas an fhiosrúcháin bhreithiúnaigh.

4. Déanfaidh aon duine a bheith rannpháirteach in imscrúduithe sábháilteachta a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh ar bhonn neamhspleách agus ní iarrfaidh sé teagaisc, ná ní ghlacfaidh sé teagaisc, ó aon duine seachas an t-imscrúdaitheoir i gceannas nó an t-ionadaí creidiúnaithe.

*Airteagal 12***Imscrúduithe a chomhordú**

1. I gcás ina ndéantar imscrúdú breithiúnach a thionscnamh freisin i ndáil le tionóisc nó teagmhas tromchúiseach, déanfar an t-imscrúdaitheoir i gceannas a chur ar an eolas faoi. Sa chás sin, áiritheoidh an t-imscrúdaitheoir i gceannas inrianaitheacht agus déanfaidh sé na taifeadáin eitle agus aon fhianaise fhisiciúil a choinneáil faoina choimeád féin. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach duine dá oifigigh a cheapadh chun dul in éineacht leis na taifeadáin eitle nó leis an bhfianaise fhisiciúil chuig an áit a léifear iad nó a ndéileálfar leo. I gcás ina bhféadfadh scrúdú nó anailís fianaise fhisiciúil den sórt sin a mhodhnú, a athrú nó a scriosadh, beidh comhaontú roimh ré ag teastáil ó na húdaráis bhreithiúnacha, ach sin gan dochar don dlí náisiúnta. I gcás nach bhfaighfear an comhaontú sin i gcomhréir leis na réamhshocruithe dá dtagraítear i mír 3 taobh istigh de thréimhse réasúnach ama agus tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis na hiarrata, ní choiscfidh an méid sin ar an imscrúdaitheoir i gceannas an scrúdú nó an anailís a dhéanamh. I gcás ina mbeidh an t-údarás breithiúnach i dteideal aon fhianaise a urghabháil, beidh rochtain neamh-theoranta ag an imscrúdaitheoir i gceannas ar an bhfianaise sin láithreach agus féadfaidh sé í a úsáid.

2. Más rud é, le linn an imscrúdaithe sábháilteachta, go dtagann sé chun solais, nó go bhfuil drochamhras ann, gur ghabh cur isteach neamhdhleathach leis an tionóisc nó leis an teagmhas tromchúiseach, mar a fhoráiltear faoin dlí náisiúnta, amhail an dlí ar imscrúduithe tionóiscí, cuirfidh an t-imscrúdaitheoir i gceannas na húdaráis inniúla ar an eolas faoin méid sin láithreach. Faoi réir Airteagal 14, déanfar an fhaisnéis ábhartha a bhaileofar le linn an imscrúdaithe sábháilteachta a pháirtiú láithreach leis na húdaráis sin agus, arna iarraidh sin, féadfar ábhar ábhartha a aistriú chuig na húdaráis sin freisin. Beidh páirtiú na faisnéise sin nó an ábhair sin gan dochar do cheart an údaráis um imscrúdú sábháilteachta leanúint den imscrúdú sábháilteachta, i gcomhar leis na húdaráis a bhféadfadh cúram rialaithe na láithreach a bheith aistrithe chucu.

3. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú, maidir leis na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta agus na húdaráis eile ar dóigh dóibh baint a bheith acu leis na gníomhartha a bhainfidh leis an imscrúdú sábháilteachta, amhail na húdaráis bhreithiúnacha, na húdaráis um eitlíocht shibhialta agus na húdaráis chuardaigh agus tarrthála, go gcomhoibreoidh siad lena chéile trí réamhshocruithe a dhéanamh.

Leis na réamhshocruithe sin, urramófar neamhspleáchas an údaráis um imscrúdú sábháilteachta agus féadfar an t-imscrúdú teicniúil a dhéanamh go dícheallach agus go héifeachtúil; cuimseoidh na réamhshocruithe na hábhair seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) rochtain ar láthair na tionóisce;

(b) fianaise a chaomhnú agus rochtain ar fhianaise;

(c) tuairisciú tosaigh agus tuairisciú leanúnach ar stádas gach próisis;

(d) malartú faisnéise;

(e) faisnéis sábháilteachta a úsáid go hiomchuí;

(f) coimhlíntí a réiteach.

Cuirfidh na Ballstáit na réamhshocruithe sin in iúl don Choimisiún agus tarchuirfidh an Coimisiún chuig cathaoirleach an Ghréasáin, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad.

*Airteagal 13***Fianaise a chaomhnú**

1. Beidh an Ballstát ar tharla an tionóisc nó an teagmhas tromchúiseach ina chríoch freagrach as a áirithiú go ndéileálfar go sábháilte leis an bhfianaise go léir agus as gach beart réasúnach a dhéanamh chun an fhianaise sin a chosaint agus as an aerárthach, a bhfuil ann agus a raic a choinneáil faoi choimeád slán ar feadh cibé thréimhse is gá chun críche imscrúdaithe sábháilteachta. Áireofar le cosaint fianaise caomhnú a dhéanamh, trí mheán na grianghrafadóireachta nó trí aon mheán eile, ar aon fhianaise a d'fhéadfaí a thabhairt chun bealaigh, a scriosadh, a chailliúint nó a dhíothú. Áireofar le cosaint shábháilte cosaint ar thuilleadh damáiste, ar rochtain a bheith ag daoine neamhúdraithe, ar mhionghadaíocht agus ar mheathlúchán.

2. Go dtí go dtiocfaidh na himscrúdaitheoirí sábháilteachta ar an láthair, ní mhodhnóidh duine ar bith staid láthair na tionóisce, ní thógfaidh duine ar bith samplaí ón láthair, ní bhogfaidh duine ar bith an t-aerárthach, aon ní atá san aerárthach ná raic an aerárthaigh ná ní thógfaidh duine ar bith aon sampla uathu, ná ní thabharfaidh duine ar bith chun bealaigh é ach amháin i gcás ina bhféadfadh sé gur gá sin ar chúiseanna sábháilteachta nó chun cúnamh a thabhairt do dhaoine díobhálaithe nó i gcás ina bhfuil cead sainráite chuige sin tugtha ag na húdaráis a bhfuil an láthair faoina rialú agus, nuair is féidir é, i gcomhairle leis an údarás um imscrúdú sábháilteachta.

3. Déanfaidh aon duine lena mbaineann na bearta riachtanacha go léir chun doiciméid, ábhar agus taifeadtaí a bhaineann leis an eachtra a chaomhnú, go háirithe ionas nach scriosfar taifeadtaí comhráite agus aláram tar éis na heitile.

*Airteagal 14***Faisnéis íogair sábháilteachta a chosaint**

1. Ní chuirfear na taifid seo a leanas ar fáil ná a úsáid seachas chun críocha an imscrúdaithe sábháilteachta:

(a) gach ráiteas a ghlac an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta ó dhaoine le linn an imscrúdaithe sábháilteachta;

(b) taifid a nochtann céannacht na ndaoine a thug fianaise i gcomhthéacs an imscrúdaithe sábháilteachta;

- (c) faisnéis a bhailíonn an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, ar faisnéis í de chineál fogair agus phearsanta, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le sláinte daoine aonair;
- (d) ábhar a sholáthraítear ina dhiaidh sin le linn an imscrúdaithe amhail nótaí, dréachtaí, tuairimí a scríobh na himscrúdaitheoirí, tuairimí a cuireadh in iúl le linn an fhaisnéis a anailísiú, lena n-áirítear faisnéis ó na taifeadáin eitle;
- (e) faisnéis agus fianaise a sholáthraíonn imscrúdaitheoirí ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le cleachtais mholta, i gcás ina n-iarrann an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta sin amhlaidh;
- (f) dréachtaí de réamhthuarascálacha nó de thuarascálacha críochnaitheacha nó de ráitis eatramhacha;
- (g) taifeadtaí gutha agus íomhá ó chró an phíolóta agus trasríbhinní na dtaifeadtaí sin, chomh maith le taifeadtaí gutha laistigh de na haonaid rialaithe aerthráchta, á áirithiú freisin go ndéanfar faisnéis nach bhfuil ábhartha don imscrúdú sábháilteachta, go háirithe faisnéis a bhfuil tionchar aici ar phríobháideacht pearsanta, a chosaint go hiomchuí, ach sin gan dochar do mhír 3.
2. Ní chuirfear na taifid seo a leanas ar fáil ná a úsáid seachas chun críocha an imscrúdaithe sábháilteachta nó chun críocha eile arb é is aidhm dóibh ná sábháilteacht eitlíochta a fheabhsú:
- (a) gach cumarsáid idir daoine a raibh baint acu le hoibriú an aerárthaigh;
- (b) taifeadtaí i scríbhinn nó taifeadtaí leictreonacha agus trasríbhinní ó thaifeadtaí ó aonaid rialaithe aerthráchta, lena n-áirítear tuarascálacha agus torthaí arna n-ullmhú chun críoch inmheánach;
- (c) litreacha cumhdaigh chun moltaí sábháilteachta a tharchur ón údarás um imscrúdú sábháilteachta chuig an seolaí, arna iarraidh sin don údarás um imscrúdú sábháilteachta a eisiúint na moltaí;
- (d) tuairisciú tarluithe a chomhdaítear faoi Threoir Uimh. 2003/42/CE.

Ní chuirfear taifeadtaí ó thaifeadán eitle ar fáil ná ní bhainfear úsáid astu seachas chun críocha imscrúdaithe sábháilteachta, aeracmhainneachta nó cothabhála, ach amháin i gcás ina ndéanfaidh na daoine a bhfuil baint acu le hionannas le hionannas imeachta daingne.

3. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh lucht riartha an cheartais nó an t-údarás atá inniúil chun an cinneadh a dhéanamh maidir leis na taifid a nochtadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a chinneadh gur mó iad na sochair a bhainfeadh leis na taifid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a nochtadh chun aon chríoch eile a cheadaítear le dlí ná an drochthionchar a bheadh ag gníomh den sórt sin sa bhaile agus go hidirnáisiúnta ar an imscrúdú sábháilteachta sin nó ar aon imscrúdú sábháilteachta amach anseo. Agus gníomhartha dlíthiúla an Aontais á n-urramú acu ag an am céanna, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh teorainn a chur leis na cásanna ina bhféadfar cinneadh um scaoileadh a dhéanamh.

Féadfar cumarsáid taifead dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 chuig Ballstát eile a dheonú chun críocha seachas críocha imscrúdaithe sábháilteachta agus, chomh maith leis sin, maidir le mír 2 chun críocha seachas críocha a bhfuil se de chuspóir acu feabhas a chur ar an eitlíocht shibhialta a mhéid a cheadaíonn dlí an Bhallstáit a dhéanfaidh an cumarsáid é. Ní dhéanfaidh údarás an Bhallstáit a ghlacfaidh leis an gcumarsáid próiseáil ná scaoileadh taifead a bhfaightear tríd an gcumarsáid sin ach amháin i ndiaidh réamhchomhairliúcháin leis an mBallstát a dhéanfaidh an cumarsáid agus faoi réir dhlí náisiúnta an Stáit a ghlacfaidh leis an gcumarsáid.

4. Ní fhéadfar aon sonraí a nochtadh seachas na sonraí atá fíor-riachtanach chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 15

Faisnéis a chur in iúl

1. Beidh foireann an údarais um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas, nó aon duine eile a n-iarrfar air páirt a ghlacadh san imscrúdú sábháilteachta nó rannchuidiú leis an imscrúdú sábháilteachta, faoi cheangal ag na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht ghairmiúil, faoin reachtaíocht is infheidhme, lena n-áirítear rúndacht maidir le hanaithnideacht daoine ar bhain tionóisc nó teagmhas tromchúiseach dóibh.

2. Gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 16 agus in Airteagal 17, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas an fhaisnéis a mheasfaidh sé a bheith ábhartha ó thaobh tionóisc nó teagmhas tromchúiseach a chosc a chur in iúl do na daoine atá freagrach as monarú nó as cothabháil aerárthaí nó trealamh aerárthaí, agus chuig na daoine aonair nó na heintitis dhlíthiúla atá freagrach as aerárthaí a oibriú nó as oiliúint foirne.

3. Gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 16 agus in Airteagal 17, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas agus an t-ionadaí creidiúnaithe nó na hionadaithe creidiúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 8 faisnéis fhíorasach ábhartha a gheofar le linn an imscrúdaithe sábháilteachta a scaoileadh chuig EASA agus chuig údarais náisiúnta um eitlíocht shibhialta, ach ní dhéanfar faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) ná faisnéis a chruthódh coimhlint leasa a scaoileadh. Déanfar an fhaisnéis a fhaigheann EASA agus na húdarais náisiúnta um eitlíocht shibhialta a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le gníomhartha dlíthiúla infheidhme an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

4. Beidh údarás ag an údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas aon fhaisnéis ar na barúlacha fíorasacha, ar imeachtaí an imscrúdaithe sábháilteachta, b'fhéidir ar réamhthuarascálacha nó ar réamhchonclúidí agus/nó ar mholtaí sábháilteachta, a chur in iúl d'íospartaigh, dá ngaolta agus dá gcumainn nó a phoiblíú, ar choinníoll nach ndéanfaidh faisnéis den sórt sin dochar do chuspóirí an imscrúdaithe sábháilteachta agus go gcomhlíonfaidh sí go hiomlán an reachtaíocht is infheidhme maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

5. Sula ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a phoiblíú, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na híospartaigh, chuig a ngaolta agus chuig a gcumainn ar bhealach nach ndéanfaidh dochar do chuspóirí an imscrúdaithe sábháilteachta.

Airteagal 16

Tuarascáil an imscrúdaithe

1. Déanfar gach imscrúdú sábháilteachta a thabhairt chun críche trí thuarascáil i bhfoirm a oirfidh do chineál agus do thromchúis na tionóisce nó an teagmhais thromchúisigh. Luafar sa tuarascáil gurb é is cuspóir aonair don imscrúdú sábháilteachta ná tionóiscí agus teagmhais amach anseo a chosc, gan milleán ná dliteanas a chionroinnt. Áireofar moltaí sábháilteachta sa tuarascáil, i gcás inarb iomchuí sin.

2. Déanfaidh an tuarascáil anaithnideacht aon duine ar bhain an tionóisc nó an teagmhas tromchúiseach dó a chosaint.

3. I gcás ina n-eascróidh tuarascálacha as imscrúduithe sábháilteachta roimh dheireadh an imscrúdaithe, féadfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, sula bhfoilseofar na tuarascálacha sin, barúlacha a shireadh ar na húdaráis lena mbaineann, lena n-áirítear EASA, agus, trí na húdaráis sin, ar shealbhóir an deimhnithe do dhearadh, ar an monaróir agus ar an oibreoir lena mbaineann. Beidh na heintitis a rachfar i gcomhairle leo faoi cheangal ag rialacha na rúndachta gairmiúla is infheidhme maidir le hábhar an chomhairliúcháin.

4. Sula bhfoilseofar an tuarascáil chríochnaitheach, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta barúlacha a shireadh ar na húdaráis lena mbaineann, lena n-áirítear EASA, agus trí na húdaráis sin, ar shealbhóir an deimhnithe do dhearadh, ar an monaróir agus ar an oibreoir lena mbaineann agus beidh siad sin faoi cheangal ag rialacha na rúndachta gairmiúla is infheidhme maidir le hábhar an chomhairliúcháin. Le linn na barúlacha sin a shireadh, leanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta.

5. Ní áireofar an fhaisnéis a chumhdaítear faoi Airteagal 14 ach nuair a bheidh sí ábhartha maidir le hanailís na tionóisce nó an teagmhais thromchúisigh. Ní nochtfar faisnéis, ná codanna d'fhaisnéis, nach bhfuil ábhartha don anailís.

6. Poibleoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta an tuarascáil chríochnaitheach laistigh den achar ama is giorra is féidir agus, i gcás ina bhfuil sé indéanta, laistigh de 12 mhí ó dháta na tionóisce nó an teagmhais thromchúisigh.

7. I gcás nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a phoiblíú laistigh de 12 mhí, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, ar a laghad, ráiteas eatramhach a scaoileadh gach bliain ar chothromdháta na tionóisce nó an teagmhais thromchúisigh, ar ráiteas é ina mbeidh mionsonraí faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe agus faoi aon saincheistanna sábháilteachta atá ann.

8. Cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta cóip den tuarascáil chríochnaitheach agus de na moltaí sábháilteachta ar aghaidh a luaithe is féidir:

(a) chuig údaráis um imscrúdú sábháilteachta agus údaráis eitleochta sibhialta na Stát lena mbaineann, agus chuig ICAO, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta;

(b) chuig seolaithe na moltaí sábháilteachta atá sa tuarascáil;

(c) chuig an gCoimisiún agus chuig EASA, ach amháin i gcás ina bhfuil an tuarascáil ar fáil go poiblí trí mheán leictreonach agus, sa chás sin, ní dhéanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta ach fógra a thabhairt dóibh á rá sin.

Airteagal 17

Moltaí sábháilteachta

1. Ag aon chéim den imscrúdú sábháilteachta, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta, tar éis comhairle iomchuí a ghlacadh leis na páirtithe ábhartha, aon ghníomh a mheasfaidh sé is gá a dhéanamh go pras chun feabhas a chur ar shábháilteacht na heitleochta a mholadh i litir tharchuir dhátaithe chuig na húdaráis lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

2. Féadfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta moltaí sábháilteachta a eisiúint freisin ar bhonn staidéar nó anailíse ar shraith imscrúduithe nó gníomhaíochtaí eile arna seoladh i gcomhréir le hAirteagal 4(4).

3. Ní hionann moladh sábháilteachta i gcás ar bith agus toimhde milleáin nó dliteanais i dtaobh tionóisce nó teagmhais thromchúisigh nó teagmhais.

*Airteagal 18***Gníomhartha ag leanúint as moltaí sábháilteachta agus bunachar sonraí na moltaí sábháilteachta**

1. Tabharfaidh seolaí an mholta sábháilteachta admháil á rá go bhfuarthas an litir tharchuir agus déanfaidh sé an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta a d'eisigh an moladh a chur ar an eolas laistigh de 90 lá ón dáta a bhfaighidh sé an litir sin faoi na gníomhartha atá déanta nó atá á mbreithniú, agus más iomchuí, faoin am is gá chun iad a chur i gcrích agus i gcás nach ndéantar aon ghníomh, faoi na cúiseanna leis sin.

2. Laistigh de 60 lá ón dáta a bhfaighfear an freagra, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta an seolaí ar an eolas i dtaobh an measann sé go bhfuil, nó nach bhfuil, an freagra leordhóthanach agus tabharfaidh sé cosaint mhaith nuair a easaontaíonn sé leis an gcinneadh gan aon ghníomh a dhéanamh.

3. Cuirfidh gach údarás um imscrúdú sábháilteachta nósanna imeachta chun feidhme chun na freagairtí ar na moltaí sábháilteachta a d'eisigh sé a thairgeadh.

4. Déanfaidh gach seolaí a gheobhaidh moladh sábháilteachta, lena n-áirítear na húdaráis atá freagrach as sábháilteacht eitlíochta sibhialta ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, nósanna imeachta a chur chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an ghnímh a dhéantar mar fhreagairt ar na moltaí sábháilteachta a fuarthas.

5. Déanfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta na moltaí sábháilteachta go léir arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus (2), mar aon leis na freagairtí orthu, a thaisceadh sa taisclann lárnach a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2007 lena leagtar síos na rialacha chun chun feidhme chun faisnéis a bhaineann le tarluithe eitlíochta sibhialta agus a mhalartaítear i gcomhréir le Treoir 2003/42/CE a chomhtháthú i dtaisclann lárnach⁽¹⁾. Ar an mbealach céanna, déanfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta na moltaí sábháilteachta go léir a fhaightear ó thríú tíortha a thairgeadh sa taisclann lárnach.

*Airteagal 19***Tuairiscíú teagmhas**

1. Comhoibreoidh EASA agus údaráis inniúla na mBallstát lena chéile agus beidh siad rannpháirteach go tráthrialta i malartú agus in anailísíú na faisnéise a chumhdaítear le Treoir 2003/42/CE. Cumhdófar leis an gcomhoibriú sin rochtain ar líne ag daoine ainmnithe ar fhaisnéis atá sa taisclann lárnach a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis lena ndéantar an t-aerárthach is ábhar do thuarascáil tarluithe a shainathint go díreach, amháil a shraithuimhir agus a chlárúimhir, i gcás ina bhfuil na huimhreacha sin ar fáil. Ní chumhdóidh an rochtain sin faisnéis lena ndéantar

an t-oibreoir is ábhar do thuarascáil tarluithe a shainathint go díreach.

2. Áiríteoidh EASA agus údaráis na mBallstát dá dtagraítear i mír 1 rúndacht na faisnéise sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus cuirfidh siad teorainn lena húsáid ionas nach n-úsáidfear í ach amháin i gcomhair nithe atá fíorriachtanach chun a gcuid oibleagáidí a bhaineann le sábháilteacht a chomhall. Ina leith sin, ní úsáidfear an fhaisnéis sin ach amháin chun anailís a dhéanamh ar threochtaí sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do mholtaí sábháilteachta anaithnide nó do threoracha aeracmhainneachta gan milleán nó dliteanas a chionroinnt.

*Airteagal 20***Faisnéis faoi dhaoine agus faoi earraí contúirteacha ar bord**

1. Déanfaidh aerlínte de chuid an Aontais a oibríonn eitiltí a thagann go dtí aerfort atá suite i gcríocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, nó a imíonn ó aerfort den sórt sin, agus aerlínte de chuid tríú tíortha a oibríonn eitiltí a imíonn ó aerfort den sórt sin, nósanna imeachta a chur chun feidhme trína bhféadfar na nithe a leanas a thabhairt ar aird:

(a) a luaithe is féidir, agus laistigh de dhá uair an chloig ar a dhéanaí ón tráth a bhfógraítear gur tharla tionóisc don aerárthach, liosta bailíochtaithe de na daoine go léir ar bord agus é bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil; agus

(b) go díreach tar éis fógra a thabhairt á rá gur tharla tionóisc don aerárthach, liosta de na hearraí contúirteacha ar bord.

2. Déanfar na liostaí dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil don údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas, don údarás a ainmneoidh gach Ballstát chun idirchaidreamh a dhéanamh le gaolta na ndaoine ar bord agus, i gcás inar gá sin, do na haonaid leighis a bhféadfaidh gá a bheith acu leis an bhfaisnéis chun cóireáil a thabhairt d'íospartaigh.

3. Chun ligean do ghaolta na bpaisinéirí faisnéis a fháil go tapa maidir lena ngaolta a bheith ar bord aerárthaigh ar bhain tionóisc dó, tabharfaidh aerlínte an deis do thaistealaithe ainm agus mionsonraí teagmhála an duine a ndéanfar teagmháil leis i gcás tionóisce a thabhairt don aerlíne. Ní fhéadfaidh na haerlínte an fhaisnéis sin a úsáid ach amháin i gcás tionóisce agus ní thabharfar an fhaisnéis sin do thríú páirtithe nó ní úsáidfear í chun críoch tráchtála.

4. Ní dhéanfar ainm duine ar bord a chur ar fáil go poiblí go dtí go gcuirfidh na húdaráis ábhartha gaolta an duine sin ar an eolas. Déanfar an liosta dá dtagraítear i mír 1(a) a choinneáil faoi rún i gcomhréir le gníomhartha dlíthiúla an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, faoina réir sin, ní phoibleofar ainm gach duine ar an liosta sin ach amháin i gcás nach ndearna gaolta na ndaoine ar bord agóid ina choinne sin.

⁽¹⁾ IO L 294, 13.11.2007, lch. 3.

Airteagal 21

Cúnamh d'íospartaigh tionóiscí aeir agus dá ngaolta

1. Chun freagairt níos cuimsithí agus níos comhchuibhithe ar thionóiscí a áirithiú ar leibhéal an AE, déanfaidh gach Ballstát plean éigeandála um thionóiscí eitlíochta sibhialta a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Cumhdófar freisin le plean éigeandála den sórt sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta.

2. Áiritheoidh Ballstáit go bhfuil plean ag gach aerlíne atá bunaithe ina gcríoch chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta. Ní mór do na pleananna sin aird ar leith a thabhairt ar thacaíocht shíceolaíoch d'íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta agus a chur ar chumas na haerlíne freagairt ar mhórtionóisc. Déanfaidh na Ballstáit iniúchadh ar phleananna cúnamh na n-aerlínte atá bunaithe ina gcríoch. Déanfaidh na Ballstáit aerlínte ó thríú tíortha a oibríonn san Aontas a spreagadh freisin chun plean a ghlacadh sa tsli chéanna maidir le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh tionóiscí eitlíochta sibhialta agus dá ngaolta.

3. Nuair a tharlaíonn tionóisc, déanfaidh an Ballstát atá i gceannas ar an imscrúdú, nó an Ballstát ina bhfuil an aerlíne, ar léi an t-aerárthach ar bhain an tionóisc dó, bunaithe, nó an Ballstát a bhfuil líon mór náisiúnach dá chuid ar bord an aerárthaigh ar bhain an tionóisc dó, foráil maidir le duine tagartha a cheapadh mar phointe teagmhála agus faisnéise do na híospartaigh agus dá ngaolta.

4. Beidh Ballstát, nó tríú tír, ag a bhfuil leas ar leith, de bhua bhás a shaoránach nó a saoránach nó de bhua díobhálacha dóibh, sa tionóisc a tharla i gcríocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, i dteideal saineolaí a cheapadh agus beidh na cearta seo a leanas aige nó aici:

(a) cuairt a thabhairt ar láthair na tionóisce;

(b) rochtain a fháil ar an bhfaisnéis fhíorasach ábhartha, ar faisnéis í a bheidh formheasta ag an údarás um imscrúdú sábháilteachta atá i gceannas lena scaoileadh go poiblí, agus ar fhaisnéis faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe;

(c) cóip den tuarascáil chríochnaitheach a fháil.

5. Féadfaidh saineolaí a cheaptar i gcomhréir le mír 4 cúnamh a thabhairt, faoi réir na reachtaíochta infheidhme a bheidh i bhfeidhm, maidir le sainaitheint na n-íospartach agus féadfaidh sé nó sí freastal ar chruinnithe leis na marthanóirí óna Stát féin.

6. I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le ceanglais árachais d'aeriompróirí agus d'oibreoirí aerárthaí⁽¹⁾, déanfaidh aeriompróirí ó thríú tíortha na hoibleagáidí árachais a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhall freisin.

⁽¹⁾ IO L 138, 30.4.2004, lch. 1.

Airteagal 22

Rochtain ar dhoiciméid agus cosaint sonraí pearsanta

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún⁽²⁾.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin⁽³⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus saorghluaiseacht na sonraí sin⁽⁴⁾.

Airteagal 23

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit na rialacha síos maidir le pionóis a bheidh infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 24

An Rialachán a leasú

Beidh an Rialachán seo faoi réir athbhreithnithe tráth nach déanaí ná 3 Nollaig 2014. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur cheart an Rialachán seo a leasú, iarrfaidh sé ar an nGréasán réamhthuairim a eisiúint agus cuirfear an réamhthuairim sin ar aghaidh freisin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig na Ballstáit agus chuig EASA.

Airteagal 25

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 94/56/CE leis seo.

Airteagal 26

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽²⁾ IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

⁽³⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

⁽⁴⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 20 Deireadh Fómhair 2010.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
O. CHASTEL

IARSCRÍBHINN

Liosta samplaí de theagmhais thromchúiseacha

Maidir leis na teagmhais atá liostaithe thíos, is samplaí tipiciúla iad de na teagmhais ar dóigh dóibh a bheith ina dteagmhais thromchúiseacha. Ní liosta uileghabhálach é agus níl ann ach treoir ó thaobh an tsainmhínithe ar 'teagmhas tromchúiseach':

- Neas-imbhualadh a éilíonn inlíocht seachanta chun imbhualadh nó staid chontúirteach a sheachaint nó i gcás ina mbeadh gníomh seachanta oiriúnach,
- Is ar éigean a sheachnaítear imbhualadh in aghaidh na talún gan rialú na heitilte a chailleadh,
- Stop curtha le turgbháil ó rúidbhealach dúnta nó ó rúidbhealach gafa, ó bhealach innlithe, seachas oibríochtaí údaráithe ag héileacaptair, nó ó rúidbhealach neamhsannta,
- Turgbháil ó rúidbhealach dúnta nó ó rúidbhealach gafa, ó bhealach innlithe, seachas oibríochtaí údaráithe ag héileacaptair, nó ó rúidbhealach neamhsannta,
- Tuirlingt nó iarracht ar thuirlingt ar rúidbhealach dúnta nó ar rúidbhealach gafa, ar bhealach innlithe, seachas oibríochtaí údaráithe ag héileacaptair, nó ar rúidbhealach neamhsannta,
- Mórchlistí na feidhmíochta a bhí tuartha a bhaint amach le linn turgbhála nó le linn an dreaptha tosaigh,
- Dóiteáin agus deatach in urrann na bpaisinéirí nó in urranna an lasta nó dóiteáin san inneall, d'ainneoin gur múchadh na dóiteáin sin le hoibreáin mhúchta,
- Imeachtaí a éilíonn úsáid éigeandála ocsaigine ag an bhfoireann eitilte,
- Cliseadh déanmhasach an aerárthaigh nó díscaoileadh an innill, lena n-áirítear clistí a bhaineann don inneall tuirbín agus nach sriantar, agus nach n-aicmítear mar thionóisc,
- Iliomad mífheidhmeanna i gcóras amháin nó níos mó den aerárthach a dhéanann difear tromchúiseach acu d'oibriú an aerárthaigh,
- An fhoireann eitilte a bheith éagumasaithe le linn eitilte,
- Leibhéal breosla ar dá bharr a cheanglaítear ar an bpíolóta éigeandáil a fhógairt,
- Ionraí ar rúidbhealach arna aicmiú le déine A de réir an Lámhleabhair um Ionraí ar Rúidbhealach a Chosc (EESI Doc 9870),
- Teagmhais le linn turgbhála nó tuirlingthe. Teagmhais amhail gan rúidbhealaigh a shroicheadh, eitilt rófhada tharstu nó imeacht ó thaobh rúidbhealaigh,
- Clistí córas, feiniméin aimsire, oibriú lasmuigh den imchlúdach formheasta eitilte nó tarluithe eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le deacrachtaí maidir le rialú an aerárthaigh,
- Cliseadh níos mó ná córas amháin i gcóras iomarcaíochta atá éigeantach maidir le treoraíocht eitilte agus loingseoireacht.

COSTAS SÍNTIÚIS 2010 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 100 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 770 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 400 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 300 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Cuirfear an Iris Oifigiúil ar fáil ar fhormaid DVD in ionad dlúthdhiosca ROM i rith na bliana 2010.

Díolacháin agus síntiúis

Tá an síntiús do thréimhseachán ar phraghsanna éagsúla, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA